

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2017



Dr Mark Jessopp, buaiteoir Íomhá Taighde SFI na Bliana 2017, Comhalta Taighde, Ionad MaREI d’Fhuinneamh Muirí agus In-athuaite, An Institiúid Taighde Comhshaoil, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, a ghlac an íomhá chládaigh.



Teideal na híomhá: ‘Suaitheadh Osmóiseach’ (‘Osmotic Shock’)

“Glacadh an íomhá in Svalbard sa Chiorcal Artach, thart ar 78-79 céim ó thuaidh. Mar chuid den chlár ‘saineolaí cónaithe’ ar Thaiscéalaíocht Quark, bhí treoir-obair ar siúl agam, cian-mhonatóireacht pobal éan farraige. Tá ag teip go mór ar na Saidhbhéir, mo réimse spéise féin, ar fud a raoin Atlantaigh, agus ní léir na cúiseanna leis. Glacadh an íomhá seo agus muid ag seoladh thar oighearshruth mar a raibh na mílte saidhbhéar agus fulmairí ag beathú: deiseanna sealgaireachta níos mó ach níos logánta b’fhéidir, faoi mar a fheictear san íomhá, ach solathar níos lú beatha i gcoitinne i ndáiríre - baint ag an titim sa táirgiúlacht ag an oighearimeall leis, de bharr chúlú an chládaigh oighir farraige san Artach. Feicimid le monatóireacht mhórsála ar choilíneachtaí, ón Artach go dtí cósta theas na hÉireann, mar atá an t athrú domhanda ag dul i bhfeidhm orthu.”

Dr Mark Jessopp, Lárionad Taighde SFI MaREI, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.



Clár an Ábhair

Maidir le Fondúireacht Eolaíochta Éireann	4
Príomhstaitisticí	5
Comhráiteas ón gCathaoirleach agus ón Ard-Stiúrthóir	8
Comhaltaí Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann	11
Súil Siar ar an mBliain	12
Forléargas ar 2017	17
Lárionaid Taighde SFI	32
An Phunann Dámhachtainí agus Dámhachtainí Nua	36
Tionscnaimh Bheartais	39
Oideachas agus Rannpháirtíocht Phobail	41
Rialachas, Struchtúr Eagraíochtúil agus Fógraí Reachtúla	45
Ráitis Airgeadais	57
Ceangaltais Deontais agus Anailís ar Íocaíochtaí	78

Maidir le Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Is í Fondúireacht Eolaíochta Éireann an fhondúireacht náisiúnta infheistíochta sa taighde eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (STEM).

Maoiníonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann buntaighde agus taighde feidhmeach i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice chun agóid ar son, agus cuidiú le, forbairt agus iomaíochas na tionsclaíochta, na fiontraíochta agus na fostaíochta in Éirinn.

Le blianta beaga anuas, **tá athrú as cuimse déanta ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar mhaoiniú an taighde eolaíoch ar bhonn iomaíoch in Éirinn:** tacaíonn sí leis an nuálaíocht agus féachann sé le comhoibriú, forbairt tallainne, sármhaitheas agus tionchar a chothú, rud a chuireann go mór le dea-cháil taighde agus nuálaíochta na hÉireann agus atá i gcoirílár ár n iarrachtaí geilleagar eolais a fhorbairt a sheasfaidh an aimsir.

Bhí Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun tosaigh sna hiarrachtaí timpeallacht a fhorbairt a mheallann agus a thacaíonn le taighdeoirí a bhfuil seasamh idirnáisiúnta acu, a áirithíonn ardleibhéil infheistíochta ón tionsclaíocht agus a chuidíonn le timpeallacht a chothú ina bhláthaíonn tallann agus scileanna.

D'infheistigh SFI €173 milliún i dtaighde na hÉireann in 2017.

Déantar measúnú iomaíoch i gcás na ndámhachtainí ar fad le piar-athbhreithniú saineolaithe idirnáisiúnta neamhspleácha.

Maoiníonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann punann mheáite ilchineálach clár tacaíochta do thaighdeoirí indibhidiula ar fud speicteam na gairme (ó thaighdeoirí faoi oiliúint anonn go dtí ceannairí taighde ardurraime), agus do mheithleacha taighde i Lárionaid mhórsála Taighde SFI den chéad scoth.

Tairgeann SFI raon clár maoinithe a thacaíonn le heolaithe agus innealtóirí scoth an taighde a chur ar fáil, agus na buntaistí don gheilleagar agus don tsochaí a eascraíonn as. Tiomnaítear formhór an mhaoinithe do thionscadail bhuntaighde - taighde sármhaith a ngabhann tionchar leis - ar Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta (LRT) 1 agus 2.

Tiomnaítear thart ar 50% de bhuiséad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do Lárionaid Taighde SFI a dhéanann taighde Feidhmeach agus Comhthaighde Bunúsach (FCB). Bíonn comhoibrí tionsclaíochta i gceist i gcás thart ar 40% de dheontais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, bídis ag comhoibrú le buntaighde nó le taighde feidhmeach.

Ár bhfís a bheith inár gceannaire domhanda ar an taighde eolaíochta agus innealtóireachta, fionnachtana agus nuálaíochta.

Ár misean sochaí agus geilleagar na hÉireann a chur chun cinn trí thacú le scoth an taighde eolaíochta agus innealtóireachta, agus feasacht a chothú ar ról agus tionchar na heolaíochta agus ar na deiseanna a chruthaíonn sí. Creidimid go bhfuil STEM in ann an saol a athrú chun feabhais agus geilleagar inbhuanaithe idirnáisiúnta a stiúradh.



SFI i mBun Scoth Eolaíochta a Stiúradh

Tá Éire san **11háit**
sa rangú eolaíoch domhanda

(ó InCites le Clarivate Analytics)

Seans **2.7** oiread os cionn an mheáin ag foilseacháin le maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bheith ina réalt-fhoilseacháin*

*Réalt-fhoilseacháin: an 1% de na páipéir is mó a luaitear.

1.62% an meán náisiúnta d'Éirinn
2.67% an meán i gcás maoiniú ó SFI
(bunaithe ar luanna ó Clarivate Analytics).



2,433
Chomhoibriú
idirnáisiúnta



Baint ag taighdeoirí SFI le **2,433** chomhoibriú idirnáisiúnta i **66** thír

Tuairiscíodh **4,894** fhoilseachán ar fad in 2017 (méadú 17%)

Fáil ar **40%** díobh i dtaisclann rochtain oscailte

Tá Éire:

sa **1ú** áit ar domhan don leathadh eolais

sa **2ú** háit d'éifeacht an eolais

sa **5ú** háit don timpeallacht ghnó

sa **5ú** háit d'aschuir eolais & teicneolaíochta

sa **6ú** háit d'éifeachtacht nuálaíochta

sa **10ú** háit don tír is nuálaí

(Global Innovation Index 2017)

Tallann & Scileanna

4,524 an líon daoine ag obair ar thionscadail taighde le maoiniú SFI

Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le **1,451** mac léinn iarchéime

Sa tionsclaíocht a céadfhostaíodh 29% de na mic léinn PhD agus 30% de lucht iardhochtúireachta

Ardú **28%** ar líon na sealbhóirí dámhachtana mná le hais sealbhóirí

1,169 athbhreithneoir idirnáisiúnta ó 623 **institiúid** i **40** thír páirteach i bpróisis athbhreithnithe fiúntais de chuid SFI

Oideachas & Plé leis an bPobal

Fuair **593** bhunscoil Gradam Fionnachtana SFI in Eolaíocht Bhunscoile agus Mata Chuaigh Seachtain na hEolaíochta i gcion ar **250,000+** duine ar fud na hÉireann

Fuair **41** projects tacaíocht ó Chlár Fionnachtana SFI (€4.4 milliún)

1,600 saorálai ón **Todhchaí Chliste** ag plé le 120,000+ mac léinn, ag tabhairt comhairle faoi ghairmeacha STEM

Méadú **60%** ar an bplé leis an bPobal ó thaighdeoirí le maoiniú SFI in 2017

Éifeacht Eacnamaíoch faoi Stiúir na Nuálaíochta

€173 milliún

an caiteachtas ar chlár SFI,
a ghineann maoiniú sa bhreis:

€116 milliún nach maoiniú státchiste
é, a chuimsíonn:

€70.4 milliún de mhaoiniú ón AE

↑ €32 milliún de mhaoiniú gnó
& fiontraíochta

Os cionn €10 milliún ó fhoinsí
maoinithe idirnáisiúnta eile


Ag Buachan san Eoraip

51 Dámhachtain ERC
gnóite ag taighdeoirí
bunaithe in Éirinn

31 díobh gnóite ag
dámhachtaithe SFI

Ghnóthaigh Lárionaid Taighde SFI maoiniú iomaíoch thart ar **€100 million** as Fís 2020, arb ionann agus breis is 50% den mhaoiniú d'Institiúidí Ard Oideachais in Éirinn.

787 comhdháil agus ceardlann, agus
10,933 toscaire idirnáisiúnta i láthair



An luach eacnamaíoch réamh-mheasta áitiúil d'Éirinn **€13.8 milliún**
(ardú ó €10.5 milliún in 2016)

32 thaighdeoir le maoiniú ó SFI in
8 nInstitiúid Teicneolaíochta
ar comhoibríthe iad i Lárionaid
Taighde SFI



23 dhámhachtain ghníomhacha
SFI ar fiú **€7 milliún** iad in
Institiúidí Teicneolaíochta

Sealbhóirí
gradaim SFI:



faoi deara 10
mac-chuideachta

(ardú ó 6 in 2010)

↑ +67%

bronnadh 36
phaitinn orthu

(ardú ó 22 in 2016)

↑ +64%

SFI ag stiúradh Forbairt Réigiúnach


 SFI ag tacú go díreach agus go hindíreach le **31,200** post in Éirinn




Comhoibriú Tionsclaíochta

1,521 chomhoibriú tionsclaíochta

911 ag comhoibriú le 463 CIN

610 ag comhoibriú le 464 FBM

COMHOIBRIÚ TIONSCLAÍOCHTA-SFI



Comhráiteas ón gCathaoirleach agus ón Ard-Stiúrthóir



Ann Riordan,
Cathaoirleach
Fhondúireacht
Eolaíochta Éireann



An tOllamh Mark W.J. Ferguson, Ard-
Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta
Éireann agus Príomhchomhairleoir
Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann le timpeallacht chomhoibríoch a thógáil in Éirinn don taighde ardcháilíochta: áirítear Éire ina páirtí tábhachtach domhanda agus cáil uirthi as feabhas a cuid eolaíochta. Cuidíonn an taighde ceannródaíoch agus na meithleacha taighde a dhéanaimid a mhaoiniú le forbairt agus feabhsú gheilleagar agus sochaí na hÉireann, agus a thuilleadh.

Tá fíis an Rialtais á feidhmiú againn, Éire a iompú ina ceannaire nuála domhanda, geilleagar láidir inbhuanaithe á stiúradh, agus sochaí níos fearr do chách. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann le straitéis eolaíochta agus nuálaíochta an Rialtais d'Éirinn - Nuálaíocht 2020. Chonaiceamar iarratais ar chaighdeán suntasach ard i réimse iomlán na gclár in 2017, ionas go raibh tionscadail bhuntáisteacha den scoth ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar liostaí cúltaca na mórchlár ar fad.

Ach leis an lámh in uachtar iomaíoch sin a choinneáil caithfimid a chinntiú nach n-éirimid réchúiseach: ní mór dúinn a thuilleadh tionscadail taighde sármhaith buntáisteach a mhaoiniú. Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann uailmhianach i gcónaí – ní miste dúinn coinneáil orainn ag éabhlóid agus ag athrú, agus cláir nua againn i gcónaí chun an taighde agus an nuáil a fhorbairt; daoine óga a oiliúint sna scileanna a theastaíonn amach anseo; réaltaí tallainne a mhealladh go hÉirinn; agus gnóclachtaí nua a mhealladh agus a shaothrú.

Buaicphointí agus éachtaí

Tá Éire san 11ú háit déag sa rangú domhanda eolaíochta do cháilíocht an taighde eolaíoch i gcoitinne; d'éirigh léi fáil isteach sna deich gcinn is fearr ar feadh tréimhse in 2016-2017 (ó InCites le Clarivate Analytics). Sin ardú an-suntasach ón áit a rabhamar 13 bliana ó shin, sa 48ú háit.

Rud eile, léiríonn ár ranguithe domhanda sna réimsí indibhidiúla go bhfuil ról an-tábhachtach againn sa T&F domhanda. Tá Éire sa chéad áit anois d'Ainmhithe agus Déiríocht, sa chéad áit don Imdhíoneolaíocht, sa dara háit don Nanaitheicneolaíocht agus Eolaíochtaí Talmhaíochta. Tá Éire sa chéad áit i gcónaí don leathadh eolais agus sa 10ú háit sa Global Innovation Index.

Tá an figiúr, 2.67% d'fhoilseacháin Fondúireacht Eolaíochta Éireann san 1% is fearr, inchurtha i gcónaí le príomh-mhaoinitheoirí domhanda eile taighde, agus é a dhá oiread an mheánchéatadáin d'fhoilseacháin Éireannacha i gcoitinne, geall leis; léiríú ar a éifeachtaí atá ár bpróisis phiarmheasúnaithe iomaíocha.

Tá tionchar suntasach ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar an ngeilleagar réigiúnach freisin: tacaíonn sí le 31,237 post, go díreach nó go hindíreach. Tá 4,524 duine ag obair ar thionscadail taighde a bhfuil tacaíocht acu ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, lena n-áirítear 1,038 taighdeoir lardhochtúireachta agus 1,451 mac léinn Dochtúireachta agus Máistreachta. Tá an phíblíne tallainne STEM á forbairt againn do gheilleagar sárforbartha, agus 29% de lucht PhD agus 30% de lucht lardhochtúireachta á gcéadhostú sa tionsclaíocht agus 51% d'fhágáilithe meithleacha SFI ag aistriú go dtí an earnáil phríobháideach sé nó ocht mbliana i ndiaidh na dámhachtana: is léir go bhfuil taighdeoirí ardchaighdeán againn nach miste leo bogadh.

Go deimhin tá cáil na hÉireann mar ionad taighde ar chaighdeán domhanda ag méadú i gcónaí. In 2017, thuairiscigh sealbhóirí gradáim a fuair maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2,433 comhoibriú acadúil idirnáisiúnta i 66 thír, méadú 18% ar 2016. Tacaíodh le 1,521 comhoibriú tionsclaíochta freisin. Lean ár gcuid taighdeoirí de bheith ag gnóthú maoiniú ó fhoinsí ilchineálacha eile: €176 milliún de mhaoiniú seachtrach breise (ardú 4%) agus maoiniú €70 milliún on AE.

Bhí ardú suntasach in 2016 ar na mac-chuideachtaí agus ar na paitinní a bronnadh arna lua go díreach le taighde a bhí á mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá 300 cuideachta i mbun maoin intleachtúil a thógáil ar thaighde arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus 40% díobh ag cruthú post in Éirinn. Is léir an tionchar réigiúnach, ó raon ilchineálach agus ó láthair thíreolaíochta na gcuideachtaí comhoibríocha agus ó aschuir roinnt de na mórinfheistíochtaí is déanaí: an bithgheilleagar ciorclach, intleacht shaorga do thionscal na déiríochta, etc.

Tá comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcoilár fheidhmíocht T&F na hÉireann, feidhmíocht a bhfuil borradh fúithi. Oibrímid go hoscalte, le hintinn bheo

agus muid lánsásta breith ar dheiseanna nua. Tá an Fhondúireacht dírithe ar dhul i mbun plé le nuálaithe agus ceannairí ar fud na dtionscal ar fad. Ní miste linn dul le fionnachtana bunathraitheacha, le nuálaíochtaí, fiontraíocht agus oiliúint i scileanna, agus tallann taighde agus comhpháirtíocht le fiontair a fhorbairt.

Tá cuideachtaí a bhfuil a gceanncheathrú sna Stáit Aontaithe ag tógáil ar mhaoin intleachtúil cláir bhuntaighde agus taighde feidhmeach atá lonnaithe in Éirinn, agus 40% de na paitinní domhanda - ina luaitear taighde atá á mhaoiniú in Éirinn – á gcomhdú ag cuideachtaí de chuid na Stáit Aontaithe. Tá líon suntasach fondúireachtaí atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe freisin ag comhdú paitinní a forbraíodh ó thaighde Éireannach, MIT, Cornell agus Harvard san áireamh.

Nuálaíocht 2020 agus An Plean Forbartha Náisiúnta: Éire 2040 - An Tionscadal

Is ardtosaíocht de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann é an Plean Forbartha Náisiúnta, Éire 2040 - An Tionscadal, agus an beartas in Nuálaíocht 2020 a chur chun feidhme. Tá eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht na hÉireann ríthábhachtach má tá na deich bhfothradh straitéiseacha le baint amach. Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann in áit mhaith chun cuspóirí áirithe a stiúradh agus a sheachadadh, go háirithe pleananna lena chinntiú go mbeidh geilleagar bríomhar ann le tacaíocht fiontraíochta, nuálaíochta agus scileanna.

Tá deis iontach ann d’Fhondúireacht Eolaíochta Éireann teacht i dtír a thuilleadh ar an infheistíocht Rialtais trí líonra 20 Lárionad Taighde SFI den chéad scoth a mhaoiniú – i bpáirt le lucht fiontair – mar aon le 500 clárú taighdeora PhD/MSc breise i réimsí ina mbeidh gá le scileanna amach anseo, sárthaighdeoirí a earcú go hÉirinn; comhoibrithe tábhachtacha idirnáisiúnta a neartú a thuilleadh; agus nuálaíochtaí agus dúshlán bhunathraitheacha a thionscnamh a dhéanfaidh leas shochaí agus gheilleagar na hÉireann.

Fáiltimid roimh an gciste Rialtais nuabunaithe don nuáil i dteicneolaíochtaí bunathraitheacha dúshlánbhunaithe. Forbróidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann cláir nua chun taighde agus nuáil bhunathraitheach a mhaoiniú. Táimid ag comhoibriú cheana féin le Comhlachas Trachtála Mheiriceá chun dúshlán nua a aithint a mbeadh acmhainn chlaochlaitheach gheilleagrach agus sochaíoch acu d’Éirinn. Dhéanfadh an Fhondúireacht cláir taighde nuálacha a chomh-mhaoiniú i gcomhar le lucht taighde ansin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin agus iad a réiteach.

Chun spriocanna straitéise an Rialtais, Nuálaíocht 2020 a aimsiú agus mar fhreagra ar éilimh fhéideartha ó lucht taighde in Éirinn, tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag cur lena líonra Lárionad Taighde SFI den chéad scoth chun tairseach chriticiúil a thógáil i réimsí taighde straitéiseacha

agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais lucht fiontair. D’fhógair an Taoiseach, Leo Varadkar TD, cúig Lárionad nua Taighde SFI in 2017, a mbeadh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag infheistiú breis agus €72 milliúin

Tógann na Lárionaid sin ar an líonra réigiúnach reatha ina bhfuil 12 Lárionad Taighde SFI a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu, agus claoclú déanta acu ar chúrsaí taighde in Éirinn ó síníodh comhaontuithe taighde i gcomhar le breis agus 300 comhpháirtí tionsclaíochta, arb ionann agus gealltanais channacha ó chuideachtaí ar fiú breis agus €120 milliún iad go dtí seo, €65 milliún in airgead tirim agus €79 milliún comhchineáil.

D’éirigh leis na taighdeoirí sna Lárionaid Taighde SFI a maoiníodh in 2017 dámhachtainí gradamacha a ghnóthú ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) agus tá siad ina gceannairí ar, agus rannpháirteach i, mórchuibhreannais Fís 2020 an AE. Faoi dheireadh na bliana, bhí €132 gnóthaithe acu ó ghníomhaireachtaí maoinithe iomaíochta idirnáisiúnta. Chomhoibrigh trí Lárionad Taighde SFI in 2017 chun dámhachtain mhór €6.1 milliún a ghnóthú ó chlár Fís 2020 an AE chun clár oiliúna iarchochtúireachta a mhaoiniú.

I Meitheamh 2017, rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann athbhreithniú lár téarma ar a straitéis, Clár Oibre 2020 (Agenda 2020), lena ailíniú níos fearr le straitéis an Rialtais, Nuálaíocht 2020, agus leis na dúshlán a bhaineann le Brexit. Fuair an t-athbhreithniú go raibh an Fhondúireacht ag cruthú go maith i gcoinne spriocanna na nEochairtháscairí Feidhmíochta (KPI/ETF) i gcoitinne, agus nótladh réimsí ina bhféadfaí an fheidhmíocht a fheabhsú.

Taighde ábhartha sármhaith sáréifeachtach a sheachadadh

Díreoidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ag breathnú rómhainn, ar chur le líon na ndámhachtainí ERC, ar bhuaiteoirí duaiseanna taighde STEM idirnáisiúnta a mhealladh agus ar an gothromaíocht inscne a bhaint amach i measc taighdeoirí maoinithe. Breathnófar arís ar chur chun feidhme straitéis inscne na Fondúireachta agus déanfar feabhsuithe breise ar chlár Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun cur le líon na dtaighdeoirí maoinithe ar mná iad.

Déanfaimid raon clár maoinithe iomaíochta a sheachadadh in 2018 a thacóidh le scoth na bpríomh-imschrúdaitheoirí Éireannacha agus a chatalóidh earcú sárthaighdeoirí go hÉirinn. Eagrófar gairm SFI ar Bhonneagar Straitéiseach Taighde in 2018 freisin, ar mhaithe le cáilíocht an trealaimh taighde sna Comhlachtaí Taighde a fheabhsú.

Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag lorg deiseanna fáis agus rathúnais i gcónaí, trí bhíthin taighde eolaíochta sármhaith, agus í tar éis gníomhú chun ár gcaidrimh dhéthaobhacha ar fad a neartú a thuilleadh ar bhonn idirnáisiúnta. I gcomhthéacs Brexit, tá an plé tábhachtach seanbhunaithe atá againn leis na comhlachtaí taighde sa Ríocht Aontaithe ar nós Comhairlí Taighde RA, an Cumann

Ríoga agus lontaobhas Wellcome, an-dearfach i gcónaí agus dóchasach. Is deis é Brexit don RA agus d'Éirinn comhpháirtíochtaí ardoideachais agus taighde a chruthú a dhéanfaidh leas an dá thaobh. Táimid ag iniúchadh pleananna le hollscoileanna sa RA chun comhollúnachtaí a cheapadh do thaighdeoirí den scoth a bheidh déshuite in Éirinn agus sa RA. Chun an deis a thapú taighdeoirí lonnaithe sa RA a mhealladh, is dearbhriachtanas é na coinníollacha riachtanacha a bheith i bhfeidhm, rud nach féidir a dhéanamh gan buiséad. Tá Éire ag cur dlús lena cuid comhpháirtíochtaí san eolaíocht agus sa nuálaíocht a éagsúlú, le tíortha eile an AE, le SAM agus leis an tSín.

Tallann agus scileanna

Oibríonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun tacaíocht a thabhairt don phíblíne tallainne STEM agus í a threorú, ó Ghradaim Fionnachtana SFI um Eolaíocht agus Matamaitic Bhunscoile do dhaltáí bunscoile, go dtí an clár gairmeacha, Todhchaí Chliste STEM do dhaltáí dara leibhéil; spreagtar daoine óga chun scileanna STEM a thaiscéaladh agus a fhorbairt.

Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, is iad Fondúireacht Eolaíochta Éireann a dhéanfaidh an maoiniú do 500 scoláireacht PhD/MSc sa bhreis in Éirinn a chur ar fáil agus a bhainistiú. Lainseálfar clár nua Lárionaid SFI don Oilíúint Taighde in 2018, ag díriú ar réimsí straitéiseacha scileanna agus riachtanais fostaíochta, lena n-áirítear oilíúint idirnáisiúnta agus comh-mhaoirseacht le saineolaithe den chéad scoth, socrúcháin tionsclaíochta agus struchtúr éifeachtúil cohórtbhunaithe leis an gcomhoibriú a spreagadh ar fud institiúidí ardoideachais na hÉireann.

Oideachas agus rannpháirtíocht phobail

Féachann Fondúireacht Eolaíochta Éireann le plé fóinteach a dhéanamh leis an bpobal agus le hoideachas a chur ar fáil. Fuair 44 tionscadal infheistíocht €2.8 milliún in 2017 faoi Chlár Fionnachtana SFI chun cur le tuiscint an phobail ar STEM, le glacadh STEM san oideachas agus an ilchineálacht a fheabhsú. Lenár bhfeachtas #BelieveInScience, tá comhphlé ar siúl i gcónaí faoi ról na heolaíochta inár sochaí agus bhí méadú 60% ar an bplé a rinne taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis an bpobal, i gcomparáid le 2016. Tharla breis agus 1,200 ócáid ar fud na tíre le linn Seachtain na hEolaíochta i Mí na Samhna ina raibh 315,000 rannpháirtí páirteach, lainseáil dhá fheile eolaíochta réigiúnacha nua san áireamh.

Ar bpobal

Oibríonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann le raon leathan páirtithe leasmhara acadúla, tionsclaíochta agus rialtais lena cuid cuspóirí a bhaint amach. Gabhaimid buíochas leis an Taoiseach, Leo Varadkar TD, leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD agus leis an Aire Stáit d'Ollíúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, John Halligan TD agus leis an iliomad ionadaí tofa as a gcuid tacaíochta ar feadh na bliana.

Gabhaimid buíochas leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta – ár máthair-roinn rialtais, na comh-ranna rialtais agus gníomhaireachtaí ar nós Fiontraíocht Éireann, ÚFT, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus neart eile ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta as a dtacaíocht agus as a gcomhoibriú i gcónaí. Aithnímid go háirithe an cion suntasach atá déanta ag na hInstitiúidí Ard-Oideachais in Éirinn mar aon le pobal taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Gabhaimid buíochas leis an iliomad comhpháirtí idirnáisiúnta agus tionsclaíochta a chomhoibrigh linn agus a chuidigh le comh-maoiniú ár gclár comhpháirtíochta..

Gabhaimid buíochas leis an mBord as a dtacaíocht agus as an méid ama a thug siad d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann trína gcuid oibre agus trí fhreastal ar chruinnithe Boird agus Coiste i gcaitheamh na bliana. Gabhaimid buíochas leis an Dr Rita Colwell a d'éirigh as an mBord, as a tiomantas agus as an méid a rinne sí. Gabhaimid buíochas leis na fostaithe ar fad i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann as a bpaisean, a n-ionracas agus a ndíograis i mbun ár gcuid cuspóirí a sheachadadh. Is maith linn gur dóigh lenár gcuid fostaithe go bhfuil SFI ar na hIonaid Oibre is Fearr in Éirinn.

Ag breathnú romhainn

Tá rún daingean ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann fíis, uaillmhian, sármhaitheas agus buntáiste a chur ag obair agus clár oibre T&F na hÉireann á thiomáint aici. Tharla leibhéil fostaíochta agus eacnamaíochta ag dul i bhfeabhas, tá taighdeoirí sa bhaile agus i gcéin ag súil lena n-acmhainn ar fad a fhíorú, saor ó theorainneacha. Ní hamháin go bhfuilimid san iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta le haghaidh na ndaoine is fearr, na teagmhálaithe tionscail is fearr agus deiseanna maoinithe idirnáisiúnta, ach teastaíonn uainn a bheith amach chun tosaigh, agus ag bunathrú. Táimid ag súil le hinfheistíocht bhreise ó chur chun feidhme an Phlean Forbartha Náisiúnta, 2040 An Tionscadal, agus le bheith ag obair in éineacht lenár bpobal páirtithe leasmhara i gcoitinne agus leis an Rialtas chun “an chéad chéim eile” d'Éirinn a chruthú.



An tOll. Mark Ferguson

Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann.



Anne Riordan, Uasal

Cathaoirleach, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Comhaltaí Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann*



Anne Riordan, Uasal, Cathaoirleach, Fondúireacht Eolaíochta Éireann



An tOll. Mark W.J. Ferguson, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann.



Geraldine Ruane, Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,



An tOll. Sir Tom Blundell, Stiúrthóir Taighde agus Ollamh Emeritus sa Bhithcheimic, Ollscoil Cambridge



An tOll. Liam Madden, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin



Bernie Cullinan, Uasal, POF Pragma Advisory



Mary Doyle, Uasal, iar-Leas-Ard-Rúnaí, An Roinn Oideachais agus Scileanna



An tUas. Barry O'Sullivan, Comhairleoir



An tUas. Aidan W. Donnelly, MD Advest Management Ltd.



Máire Geoghegan-Quinn, Uasal, iar-Choimisinéir Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta AE. Ceapadh ina Comhalta Boird SFI í in Aibreán 2018



Dr Pat Duane, Leas-Uachtarán agus Bainisteoir Ginearálta, Idirghabhálach, le Creganna Medical



An tUas. Dermot Mulligan, Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Gnó, Fiontar & Nuálaíochta



Dr Rita Colwell, Ollamh, Ollscoil Maryland in College Park agus Johns Hopkins University Bloomberg School of Public Health. Scoir sí de Bhord SFI in 2017



Kim Lavelle, Uasal, Rúnaí Boird agus Príomhoifigeach Ríosa

* Comhaltaí Boird amhail Bealtaine 2018.

2017

The Year in Review

Eanáir

- Thug Clár ESERO Éireann tacaíocht d'fhísghlao beo idir 300 dalta bunscoile agus Thomas Pesquet, spásaire de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE), in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT).
- Ainmníodh an tOll. Alan Smeaton ó Lárionad Taighde SFI Insight in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) ina Chomhalta d'Institiúid Innealtóirí Leictreacha agus Leictreonaice na hÉireann.
- D'fhreastail 4,000 dalta Idirbhliana na hócáidí I WISH, le tacaíocht SFI Discover, i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, le cailíní a spreagadh chun dul le gairmeacha beatha STEM



Sophie Guilfoyle agus Andrea Ford, daltaí as Luimneach, le Thomas Pesquet, spásaire GSE, le linn fisghlao beo ón Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta.



An tAire Stáit d'Ollíúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, John Halligan TD agus Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir Nuálaíochta, Cumarsáide agus Oideachais, Fionnachtana Eolaíochta Éireann, in éineacht le dámhachtaithe ghairm chlár Fionnachtana SFI 2017.

Feabhra

- D'fhógair an tAire Stáit d'Ollíúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, John Halligan TD, infheistíocht €2.8 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do thionscnaimh oideachais agus rannpháirtíochta pobail.
- D'fhógair an tAire Halligan infheistíocht €47.4 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i 36 thionscadal bonneagair agus áiseanna taighde.
- D'fhógair Lárionad Taighde SFI MaREI i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) tionscadal AE, MaRINET2, tionscadal €10.5 milliún chun forbairt teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite muirí a bhrostú.

Márta

- Fógraíodh comhoibriú nua SAM-Éireann idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Cór Nuálaíochta (I-Corps™) Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta na SA (NSF)
- D'fhógair an tAire Halligan infheistíocht €2.5 milliún de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun teicneolaíochtaí 'Lab-on-a-Chip' a thabhairt go hÉirinn nuair a cruthaíodh Lárionad Tionscadail Fraunhofer do Chórais Bhithanailíseacha Leabaithe in OCBÁC.
- Bronnadh an Bonn Eolaíochta Lá le Pádraig SFI ar Dr T. Pearse Lyons, Bunaitheoir Alltech, agus ar an Oll. Adrian E. Raftery, Ollamh le Staitistic agus Socheolaíocht, Ollscoil Washington.



An tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann in éineacht leis an Oll. Jens Ducee agus Uachtarán OCBÁC, an tOll. Brian Mac Craith agus an Lárionad Tionscadail Fraunhofer do Chórais Bhithanailíseacha Leabaithe á lainseáil in OCBÁC.



An tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta Rialtas na hÉireann in éineacht le Jane Nicholson, Stiúrthóir Comhlach EPSRC sa RA, agus Robin Barnett, Ambasadóir na Breataine chun na hÉireann.

Aibreán

- D'fhógair an tAire Halligan comhinfeistíocht taighde €6.7 milliún idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Chomhairle Taighde Biteicneolaíochta agus Eolaíochtaí Bitheolaíochta (BBSRC) sa RA chun aghaidh a thabhairt ar eochairdhúshláin dhomhanda sna heolaíochtaí bitheacha.
- D'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann infheistíocht €4.5 milliún chun tacú le 37 tionscadal tráchtálaíochta taighde faoin gClár Dámhachtana Comhpháirteach SFI-FI um Fhorbairt na Nuálaíochta sa Teicneolaíocht (TIDA).
- Fógraíodh comhaontú comhoibríoch nua idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Chomhairle Taighde Innealtóireachta agus Eolaíochtaí Fisiceacha sa RA (EPSRC) chun comh-iarratais taighde a spreagadh idir an dá thír.
- D'fhill 'Big Week on the Farm', seó a fhaigheann tacaíocht ó SFI Discover, ar RTÉ a hAon.

Bealtaine

- Chuaigh an Lárionad Taighde SFI, CONNECT, i bpáirt le SMART Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath), INTEL agus eile chun braiteoirí a úsáid, féachaint le dul i ngleic le tuilte sa chathair.
- D'úsáid an Lárionad Taighde SFI, ADAPT, teicneolaíocht 360-chéim le cur ar chumas an phobail 'Siúlóid Náisiúnta an Ghorta' a bhrath ó chian.



Taighdeoirí ón Lárionad Taighde SFI, CONNECT, ag lainseáil tionscadal SMART Bhaile Átha Cliath.



Dr Andy Stewart, Léachtóir sa Mhiceascópacht, Dr Lorraine Byrne, Stiúrthóir Feidhmíocháin Lárionad Taighde SFI, AMBER, an tOll. Ursel Bangert, Ollúnacht Bernal sa Mhiceascópacht agus Íomháú agus an tOll. Luuk van der Wielen, Stiúrthóir Institiúid Bernal, ag nochtadh an mhiceascóip Titan in Ollscoil Luimnigh (UL).

Meitheamh

- Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Institiúid Bernal in Ollscoil Luimnigh Miceascóp Titan €9 milliún a nochtadh, a ligeann do thaighdeoirí ábhair a scrúdú ar leibhéal adamhach faoi dhálaí an tsaoil dáiríre.
- D'éirigh le Futureproof, clár raidió don eolaíocht agus teicneolaíocht ar Newstalk, le tacaíocht ó SFI, dhá bhonn a bhuachan sna 'World Best Radio Programme Awards' in Nua-Eabhrac.
- Fuair 593 bhunscoil Gradam Fionnachtana SFI um Eolaíocht agus Matamaitic.
- Le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, rinne Réadlann Chaisleán na Dúcharraige, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, óstáil ar an 30ú Clár Staidéar Spáis de chuid Ollscoil idirnáisiúnta an Spáis.

Iúil

- Chas an tAire Halligan air an teileascóp I-LOFAR, i gCaisleán Bhiarra, Co. Uíbh Fhailí. Sin an teileascóp raidió is mó ar domhan agus tacaíocht aige ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.
- Eagraíodh lá teaghlaigh déantóirí Bhaile Átha Cliath, "Dublin Maker", le tacaíocht ó SFI Discover, i gCearnóg Mhuirfean.
- D'fhógair an tAire Halligan trí dhámhachtain nua faoi Scéim Comhaltachtaí Taighde Ollscoile an Chumainn Ríoga-Fondúireacht Eolaíochta Éireann
- D'eagraigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Fiontraíocht Éireann, seóthaispeántas sa Bhrúiséal de na torthaí rathúla ó Fís 2020



An tAire Stáit d'Ollíúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, John Halligan TD, Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir Nuálaíochta, Cumarsáide agus Oideachais, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (sa lár), i agus Comhaltáí Taighde an Chumainn Ríoga-SFI (ó chlé go deas): Sinéad O'Keefe (Ollscoil Luimnigh), David Wilson (CTBÁC), Fraser Morgan (COBÁC) agus Lynette Keeney (Institiúid Náisiúnta Tyndall) agus a leanbh, Sophie.

Lúnasa

- D'fhógair Lárionad Taighde SFI SSPC atá bunaithe in Ollscoil Luimnigh, a chomhstiúirthóirí nua, na hOllúna Gavin Walker agus Mike Zaworotko.
- Chuaigh Lárionad Taighde SFI CONNECT do Líonraí agus Cumarsáid Amach Anseo i bpáirt le Comhairle Contae Chorcaí chun troid in aghaidh maistítis i mba bainne.

Fógraíodh an tOll. Gavin Walker agus an tOll. Mike Zaworotko ina gcomhstiúirthóirí nua ar Lárionad Taighde SFI SSPC atá bunaithe in Ollscoil Luimnigh



Meán Fómhair

- D'fhógair An Taoiseach, Leo Varadkar TD, infheistíocht €74 milliún i gceithre Lárionad Taighde SFI nua, a bheidh ag plé le breis agus 80 comhoibiú le comhpháirtithe tionsclaíochta.
- D'fhógair an tAire Halligan infheistíocht €43 milliún i 26 thionscadal taighde trí bhíthin Chlár Imscrúdaitheoirí SFI, ag tacú le 94 phost taighde.
- D'fhógair an tAire Halligan clár dochtúireachta gairmiúla nua in innealtóireacht bogearraí trí bhíthin Lárionad Taighde SFI LERO agus Ollscoil Luimnigh.
- Fógraíodh go mbeadh taighdeoirí Lero in OCBÁC ag treorú cláir nua €3.8 milliún, Fís 2020 AE chun earnáil mhiondíola na hEorpa a threisiú.



An tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann in éineacht leis An Taoiseach, Leo Varadkar TD le linn lainseáil na gceithre Lárionad Taighde SFI nua.



An tOll. Mani Ramaswami, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (CTBÁC), duine d'fhaighteoirí na nDámhachtainí Imscrúdaitheora SFI-Wellcome-HRB, 2017.

Deireadh Fómhair

- D'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann infheistíocht €5.55 milliún i gcomhpháirtíocht taighde bithleighis in Éirinn i gcomhar le Wellcome (RA) agus an Bord Taighde Sláinte.
- Cuireadh tús le Seachtain an Spáis, le tacaíocht ó Chlár Fionnachtana SFI, le 100+ ócáid in 18 gcontae le spéis a chothú in eolaíocht spáis.
- Cheap Lárionad Taighde SFI MaREI a chomhstiúirthóirí nua, na hOllúna Brian Ó Gallachóir and Jerry Murphy, COC.
- Bhuaigh Lárionad Taighde SFI SSPC Lárionad Taighde Cógaisíochta na Bliana ag Dámhachtainí Thionscal na Cógaisíochta 2017, don tríú bliain as a chéile.
- Fógraíodh maoiniú do chlár nua PhD de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mBuiséad 2018

Mí na Samhna

- > Lainseáil Fondúireacht Eolaíochta Éireann Seachtain Náisiúnta na hEolaíochta lena feachtas #StopAndAsk.
- > Tionóladh an Cruinniú Mullaigh Eolaíochta de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i bPáirc an Chrócaigh, agus fógraíodh buaiteoirí na nDámhachtainí Taighde SFI.
- > Ghnóthaigh CÚRAM, an Lárionad Taighde SFI d'fheistí leighis, Dámhachtain AAAS Scientist, duais ghradamach, ag féile scannán Nua-Eabhrac ar chlár faisnéise faoin ngalar Parkinson.
- > Rinne Féile Eolaíochta & Teicneolaíochta na Gaillimhe a fhaigheann tacaíocht ó chlár Fionnachtana SFI, 20 bliain a cheiliúradh. Ritheann an fhéile ar feadh coicéise, agus críochnaíonn sí le lá mór do theaghlaigh: seónna, léirithe STEM, ceardlanna agus taispeántais in OÉG.
- > Chuaigh Seachtain na hEolaíochta i dteagmháil le breis agus 315,000 duine, ag 1,150 ócáid ar fud na tíre.



Eolaíocht na mBolgóidí le linn Seachtain Náisiúnta na hEolaíochta 2017

Mí na Nollag

- > D'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (CRMÉ), agus Shire, i gcomhpháirt le Cumann Haemaifilia na hÉireann, mórstaidéar iPath, le luach €4.5 milliún.
- > D'óstáil an Lárionad Taighde SFI ADAPT an seóthaispeántas 'AI: Accelerating Impact' i bPáirc an Chrócaigh.
- > Fógraíodh go mbeadh Lárionad Taighde SFI Amber, CTBÁC, ag treorú tionscadail nua €8.2 milliún de chuid an AE chun tús a chur le holltáirgeadh dromchlaí antai-frithchaiteacha agus scríobhdhíonacha.



Idirphlé á aistriú i bhfóram le róbaít Furhat i Seóthaispeántas AI an Lárionaid Taighde SFI ADAPT i bPáirc an Chrócaigh.

Forléargas ar 2017

Eolaíocht Shármhaith

Maidir le plean straitéiseach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Clár Oibre 2020, a lainseáladh in 2012 agus d'aidhm leis Éire a chur i ndea-shuíomh mar cheannaire eolais domhanda, rinneadh é a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2017 lena chinntiú go mbeadh cuspóirí straitéiseacha na Fondúireachta ar comhréim leis an straitéis náisiúnta eolaíochta agus nuálaíochta, Nuálaíocht 2020.

Measúnaíodh an dul chun cinn maidir le gach Mórthascaire Feidhmíochta ar leith agus tá an-dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann lena chuid spriocanna Clár Oibre 2020 a aimsiú, mar is léir ó na héachtaí atá á dtuairisciú sa tuarascáil Bhliantúil seo.

Tábla: Rangú Tíortha 2017

(An 20 Tír is fearr – InCites Essential Science Indicators)

Tá Éire san 11ú háit sa rangú eolaíochta domhanda do cháilíocht mhóriomlán an taighde eolaíochta (InCites ó Clarivate Analytics, Aibreán 2018).



Barr Feabhais Domhanda i Réimsí Sonracha

Bailítear na staitisticí rangaithe d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann via InCites ó Clarivate Analytics. Tiomsaítear na ranguithe bunaithe ar líon na sleachta in aghaidh páipéir, rud a fheidhmíonn mar normalú do mhéid na tíre. Ranguithe na hÉireann sna réimsí ábhair indibhidiúla:

Tíortha-Críocha	Rangú
AN EILVÉIS	1
ALBAIN	2
AN ÍSILTÍR	3
AN DANMHAIRG	4
SASANA	5
SAM	6
AN BHEILG	7
AN BHREATAIN BHEAG	8
AN tSUALAINN	9
SINGEAPÓR	10
ÉIRE	11
AN GHEARMÁIN (PCG)	12
CEANADA	13

1ú	Imdhíoneolaíocht
1ú	Ainmhithe agus Déiríocht
2ú	Nanaitheicneolaíocht
2ú	Eolaíochtaí Talmhaíochta
4ú	Bitheolaíocht Mhóilíneach & Géinitic
5ú	Eolaíochtaí na nÁbhar
6ú	Buntaighde Leighis
6ú	Néareolaíocht & Iompraíocht
7ú	Matamaitic
8ú	Ceimic
8ú	Micribhitheolaíocht

Foilseacháin agus Luanna

Tír	Maoinitheoir	# Diciméad in Web of Science	Doiciméid san 1% Is Fearr
Éire	Ar fad	154,578	1.59%
Éire	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	16,084	2.67%
SAM	Ar fad	8,811,439	1.77%
SAM	NSF	484,988	2.85%
SAM	NIH	735,316	2.90%
An Eilvéis	Ar fad	507,251	2.60%
An Danmhairg	Ar fad	280,519	2.44%
Singepór	Ar fad	210,427	2.13%
An Ríocht Aontaithe	Ar fad	2,439,315	1.80%
An Fhionlainn	Ar fad	222,750	1.71%
An Nua-Shéalainn	Ar fad	159,163	1.73%
Iosrael	Ar fad	263,437	1.58%
An tSín	Ar fad	3,467,867	0.97%
AE	Ar fad	10,263,822	1.25%
AE	An Chomhairle	53,501	4.85%
Eorpach um Taighde	53,501	4.85%	

Is maith iad foilseacháin agus luanna i gcónaí mar tháscaire d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann go bhfuil a cuid taighdeoirí maoinithe ag cruthú go maith ar an leibhéal idirnáisiúnta. 2.7% an céatadán foilseachán san 1% is fearr (bunaithe ar luanna de réir catagóire) de thoradh deontas arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. 1.62% an figiúr foriomlán d'Éirinn.

Foinse: InCites le Clarivate Analytics, bunaithe ar fhoilseacháin a foilsíodh 2003 - 2017.

- > 4,894 foilseachán ar fad a tuairiscíodh in 2017, méadú 17% ar 2016.
- > Tá comhúdar idirnáisiúnta ag 48% de na foilseacháin a luaitear go díreach le dámhachtainí gníomhacha Fhondúireacht Eolaíochta Éireann; thug 84% de na taighdeoirí creidiúint d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ina bhfoilseachán; agus bhí comhúdar tionsclaíochta ag 11%.
- > Bhí ardú breise 24% ar fhoilseacháin a luaitear go príomha le Lárionaid Taighde SFI: mhéadaigh siad ó 844 in 2016 go dtí 1,093 in 2017.
- > Bhí deich dtaighdeoir arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann sa liosta Taighdeoirí do 2017 a luaitear go minic, arna chur ar fáil ag Clarivate Analytics. Sainnithníonn an liosta sin taighdeoirí a gcuireann a gcuid foilseachán iad san 1% is mó a luaitear i réimse a n-ábhair.

D'aimsigh taighdeoirí ó CTBÁC, arna fhoilsiú san irisleabhar gradamach Nature Communications, comhbhunús géiniteach don Ghalar Néarón Luadrach agus Scitsifréine, a thugann le fios go bhfuil nasc bitheolaíochta idir na cúiseanna leis na riochtanna éagsúla sin. An tOll. Orla Hardiman a threoraigh an obair, a maoiníodh le dámhachtain Chomhpháirtíochta Straitéisí SFI.

D'fhoilsigh an tOll. Niall English ó Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis, COBÁC, taighde sa Journal of Physical Chemistry Letters a léiríonn go mb'fhéidir gur tionscnaíodh stóras uisce an Domhain as imoibríthe ceimiceacha sa mhaintlín, seachas gur tháinig sé ón spás de thoradh imbhuailtí le coimeid ar mhórán oighir. Dámhachtain a fuair an tOll. English faoi Chlár Forbartha ERC SFI atá ag tacú leis an obair sin.

D'fhoilsigh Dr Andrew Kellett ó OCBÁC, sealbhóir Gradaim Forbartha Gairme SFI, torthaí ar an gcéad fhianaise riamh ar idirghníomhuíthe nascacha codlaidíneach- aigéad núicléasach. Cuireadh an t-alt i láthair sin irisleabhar rochtain oscailte, Nucleic Acid Research.

Rinne meitheal an Oll. Colm O'Dwyer i Scoil na Ceimice, COC, modh a fhorbairt a ligeann do dhé-ocsaíd tiotáiniam (TiO₂), mianra ó nádúr, ceann de na hábhair anóide ceallra ian litiam (Li-ion) is faide ré a chruthú. Fuair an obair, a foilsíodh in Advanced Energy Materials, tacaíocht ó dhámhachtain Imscrúdaitheora SFI an Oll. O'Dwyer.

24%

DE MHÉADÚ AR LÍON NA
BHFOILSEACHÁN A LUAITEAR
GO PRÍOMHA LE LÁRIONAID
TAIGHDE SFI

4,894

FOILSEACHÁN IN 2017

10

DTAIGHDEOIR ARNA
MAOINIÚ AG FONDÚIREACTH
EOLAÍOCHTA ÉIREANN SA
LIOSTA TAIGHDEOIRÍ DO 2017 A
LUAITEAR GO MINIC



Éifeachtaí Sochaíocha

Ní hamháin go dtéann taighdeoirí le maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcion go mór lena gcuid foilseachán a luaitear go minic agus lena gcuid eolaíochta sármaith, ach seachadann siad taighde freisin a mbíonn dea-thionchar aige ar an tsochaí, i réimsí ar nós sláinte, teicneolaíocht, oideachas agus aeráid, agus a thuilleadh.

- > Tá an Lárionad Taighde SFI MaREI ag cur le Beartas na hÉireann um Ghníomhú Aeráide, le cás-anailís a dtagraítear di sa Chéad Phlean Náisiúnta um Maolú in Éirinn arna fhoilsiú in Iúil 2017.
- > D'fhorbair an tOll. Thorfinnur Gunnlaugsson agus a mheitheal in CTBÁC teicneolaíocht, arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, chun íomhánna 3T an-mhionsonraithe a chruthú de scoilteanna bídeacha sa chnámh ionas nach ligfear radaíocht dhochrach, ar nós X-ghathú, chuig othair.
- > Fuair Dr Matthew Campbell, sa Roinn Géinitice CTBÁC, i gcomhar le taighdeoirí CRMÉ, go bhféadfadh an-bhaint a bheith ag mínormáltachtaí fuileadáin san inchinn leis an scitsifréine a theacht ar dhaoine. Thug an dámhachtain PIYRA a fuair Dr Campbell tacaíocht don staidéar.
- > Rinne Lárionad Taighde SFI CÚRAM, i gcomhar le Arch Therapeutics, triail chliniciúil 'First in Man' a dhearadh do ghairesas leighis, séaltán ar chréacht. Foilsíodh é ar ClinicalTrials.gov.



CASE STUDY

An tAthrú Aeráide

Ar na spéiseanna taighde atá ag an Oll. Jennifer McElwain tá macra-éiceolaíocht agus macra-éabhlóid phlandaí, olldíothú agus plandaí iontaise a úsáid mar athróg ionadacha chun comhshuímh phailé-atmaisféaraigh (CO₂, O₂ agus SO₂), pailé-ardú agus pailé-aeráid a atógáil.

Trí bhíthin a gradaim Príomhimschrúdaitheora SFI, threoraigh an tOll. McElwain meitheal taighdeoirí in COBÁC i staidéar, *Predicting biome-level vegetation responses to future global change: Implications for future flood risk*. Foilsíodh cinní ón tionscadal sin in 2017, san irisleabhar gradamach *Nature Plants*.

Thug an dámhachtain bonneagair taighde SFI a fuair an tOll. McElwain tacaíocht d'fhorbairt Ardán Comhtháite d'Fheinimic Plandaí agus Aeráide Turgnamhaí sa Todhchaí i Lárionad Plandeolaíochta COBÁC. Is é atá san ardán, córas CT x-ghathanna agus sé sheomra fáis plandaí sín-isteach.

An buntáiste agus an úrnuacht leis an ardán sin, gur féidir cás aeráide todhchaí 2020 a ionsamhalú sna seomraí aeráide agus gur féidir freagairtí feinitíopacha leanúnacha an phlanda a rianú go neamhscriosach faoi agus os cionn talún le híomháu X-ghathach agus teirmeach.

“Leis an maoiniú a fuairamar ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann bhí mo mheitheal in ann freagairtí fásra adhmaidil ar an athrú antrapaigineach aeráide a imscrúdú in amscálaí chomh gearr le deich mbliain nó chomh fada le hamscálaí éabhlóideacha na milliúin bliain, agus taifead iontaise an phlanda in úsáid,” arsa an tOll. McElwain. “Thaispeánamar maidir leis an téamh domhanda de bharr gás ceaptha teasa, go dtugann sé aistriú ó bhonn sa tslí a bhfeidhmíonn éiceachórais ar talamh, agus impleachtaí ansin do na timthriallta nítrigine, carbóin agus uisce.”

Tacaíocht don Tallann agus í a Fhorbairt

Leis an infheistíocht leanúnach sa taighde eolaíochta tá ag éirí le Fondúireacht Eolaíochta Éireann taighdeoirí den chéad scoth a chur ar fáil agus seasamh lena tiomantas ceann de na fórsaí saothair is ardoilte agus is nuálaí ar domhan a bheith againn.

Tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann le bonn taighde iomaíoch idirnáisiúnta, le leibhéal arda oiliúna agus scileanna, ó chéimithe PhD ar aghaidh go dtí taighdeoirí luathghairme, agus imscrúdaitheoirí sinsearacha go dtí ollúna taighde a bhfuil clú agus cáil idirnáisiúnta orthu, rud a chinntíonn go mbeidh an nuálaíocht i gcroílár T&F na hÉireann, agus go seachadfar poist, seirbhísí agus táirgí ardluacha agus éifeachtaí sochaíocha claochlaitheacha.

Bhí 4,524 duine ag obair ar thionscadail taighde in 2017 a raibh tacaíocht acu ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. San áireamh ansin tá 545 sealbhóir dámhachtana. Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le 1,038 taighdeoir iardhochtúireachta agus 1,451 mac léinn PhD agus Máistreachta. Sa tionsclaíocht a céadfhostaíodh 29% d'fhágálaithe PhD agus 30% d'fhágálaithe staidéir iardhochtúireachta. San earnáil phríobháideach atá 51% d'fhágálaithe meithle Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, idir sé agus ocht mbliana i ndiadh na dámhachtana.

4,524

DUINE AG OBAIR AR
THIONSCADAIL TAIGHDE SFI

1,038

IARDHOCHTÚIREACHTA

1,451

MAC LÉINN PHD &
MÁISTREACHTA

Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann in 2017 le Dochtúireacht Ghairmiúil nua san Innealtóireacht (PDEng) a lainseáil i mbogearraí agus fiontraíocht den scoth, trí Lárionad Taighde SFI Lero agus Ollscoil Luimnigh. Ligfidh an clár nua sin, den chéad uair i gcás tionscal na mbogearraí in Éirinn, d'fhostaithe atá ag obair le bogearraí staidéar a dhéanamh le haghaidh comhionann PhD gan éirí as a bpost. Ach naisc acadúla a chruthú le lucht tionsclaíochta sa tslí chomhoibríoch sin, cinntítear go mbeidh céimithe dochtúireachta amach anseo in ann a n-oidreachas a shaincheapadh chun freastal ar éilimh mhargaí atá ag teacht in inmhe.

Aithníonn agus ceiliúránn Fondúireacht Eolaíochta Éireann gach bliain, na héachtaí atá déanta ag a cuid taighdeoirí maoinithe, agus a bhfuil déanta acu ar son STEM, le Dámhachtainí Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. B'iad na buaiteoirí in 2017:

- 1. Taighdeoir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann' na Bliana:** An tOll. Mike Zaworotko, Ollscoil Luimnigh
- 2. Taighdeoir Luathghairme na Bliana:** Dr Rachel McLoughlin, CTBÁC
- 3. An Dámhachtain Chomhpháirtíochta Tionsclaíochta:** Clár Spokes SSPC & Sainteicneolaíochtaí Bithchógaisíochta
- 4. An Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta is Fearr:** An tOll. Peter Gallagher, CTBÁC, I-LOFAR
- 5. An Dámhachtain Fiontraíochta:** Dr Peter Cahill, ADAPT
- 6. Éacht ar son Cumarsáid STEM:** Dr Aoibhinn Ní Shúilleabháin, COBÁC
- 7. An Éifeacht is Fearr Tuairisc:** An tOll. Fiona Newell, CTBÁC
- 8. Íomhá Thaighde na Bliana** Dr Mark Jessopp, Ionad Taighde MaREI, COC: Suaitheadh Osmóiseach



An tOll. Mike Zaworotko, Ollscoil Luimnigh le Dr Aoibhinn Ní Shúilleabháin, COBÁC ag Cruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI 2017.

Tallann Thar Lear a Mhealladh

Clár earcaíochta amháin é clár Ceannairí Taighde na Todhchaí SFI-Uachtarán na hÉireann, a dearadh chun scoth na gceannairí taighde nua agus in inmhe a mhealladh go hÉirinn, i réimsí eolaíochta agus innealtóireachta araon. Cuidíonn an clár chun an suíomh is fearr a chur ar fáil do shealbhóirí dámhachtana lena gcruthaitheacht a chothú agus a ról ceannaireachta a fhorbairt tuilleadh. Bronnadh cúig dhámhachtain, arb ionann agus infheistíocht €7.7 milliún, in 2017.



Faighteoirí Dhámhachtain SFI-Uachtarán na hÉireann do Cheannairí Taighde na Todhchaí 2017, in Áras an Uachtaráin (ó chlé go deas): **An tOll. John Laffey**, a earcaíodh ó St Michael's Hospital, Toronto, Ceanada, go dtí Lárionad Taighde SFI CÚRAM in OEG agus atá i mbun taighde faoin tslí a n-athbhunaíonn na cealla feidhmiú an chórais imdhíonachta le linn seipsis dhéanach; **Dr Claire McCoy**, a earcaíodh ón Hudson Institute of Medical Research, Melbourne, an Astráil go dtí CRMÉ agus atá i mbun taighde ar straitéisí chun cóir leighis a chur ar an scléaróis iolrach; **an tOll. Mark Ferguson**, Ard-Stiúthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann; Uachtarán na hÉireann **Micheál D Ó hUiginn**; **Dr Christina Kiel**, a earcaíodh ón Centre de Regulació Genòmica, Barcelona go dtí COBÁC agus atá i mbun taighde ar líonraí comharthaíochta ceallacha san ailse cholairiecteach; **Dr Thomas Ryan**, a fuair dámhachtain faoi Chlár Dámhachtana Taighdeoir Óg Uachtarán na hÉireann (PIYRA) a bhí ann roimh Chlár Uachtarán na hÉireann do Cheannairí Taighde na Todhchaí, a earcaíodh ó Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts go CTBÁC agus atá i mbun taighde ar stóráil chuimhne agus Dr Lydia Lynch, a earcaíodh ó Ollscoil Harvard, SAM go CTBÁC agus atá i mbun taighde ar theiripic núiosach do ghalair atá gaolmhar leis an otracht agus imdhíon-mheitibileacht

Chuaigh Dr Cameron Hall sa Chuibhreannas Feidhmeanna Matamaitice d'Eolaíocht agus Tionsclaíocht (MACSI), grúpa a bhí á mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, nuair a earcaíodh as Ollscoil Oxford é in 2017, áit a raibh Comhaltacht Taighde Hooke, comhaltacht ghradamach, aige.

.....

Earcaíodh an tOll. Neil O'Connell, buaiteoir Ard-Deontais ERC in 2015, chuig Scoil na Matamaitice & Staitistice COBÁC le deireanas, áit a bhfuil a chuid taighde atá á mhaoiniú ag ERC á mhaoiniú tuilleadh le dámhachtain Cláir Tacaíochta SFI ERC. Bhí dámhachtain Ollúnachta Taighde SFI aige roimhe sin i gColáiste na hOllscoile Corcaigh a dhírigh ar an dóchúlacht agus a feidhmiúcháin d'fhorbairt TFC. Rinne Ollamh le Matamaitic in Ollscoil Warwick sa RA den Oll. O'Connell ansin, sular fhill sé ar Éirinn in 2017.

CASE STUDY



Stóráil Chuimhní

Múnlaíonn an chuimhne cé muid agus ár mbraistint ar an saol le léargas a ghnóthaítear ón seantaithe.

Tiocfaidh néaltrú de chineál éigin áfach ar dhuine as triúr dinn a mhaireann go dtí 65 nó níos sine. A bhuíochas don taighde nuálach atá ar siúl ag an Oll. Tomás Ryan i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus lena chomh-ghleacaithe in Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts (MIT) SAM, tá léargas nua á chur ar na próisis a bhíonn i gceist le stóráil chuimhne agus lena meabhrú.

Léiríonn torthaí ó staidéir ar ainmhithe gur féidir go stóráiltear gach cuimhne i struchtúr na hinchinne. Is féidir cuimhní a mhapáil, a lipéadú agus a bhíogadh i staid aimnéise saorga, fiú.

Chun an tslí a dhéantar é sin a thuiscint, ní miste a thuiscint a bhfuil i gceist le cuimhní, agus mar a fhoirmítear iad. Curtha go simplí, is é atá i gceist le cuimhní, eolas a charntar trí phróiseas foghlama, nuair a thugann an fhoghlaim athrú ábhartha san inchinn. Iongram a thugtar ar an athrú struchtúrtha sin ar cuimhne shonrach faoi deara é, agus bíonn na hiongram sin fad-tréimhseach cobhsaí.

Deir an tOll. Ryan ina chur síos “*Fanann sonraí fisiceacha cuimhne san inchinn fiú má damáistíodh na conairí d'aisghabháil na faisnéise. Den chéad uair riamh is féidir an aimnéise a chur síos d'easnamh sa rochtain ar an gcuimhne. Maireann an fhaisnéis a theastaíonn, an t iongram. Chun í a aisghabháil is é an cleas, a fhios a bheith agat cá háit le teacht uirthi.*” Tá tacaíocht ag obair an Oll. Ryan ó dhámhachtain Tacaíochta SFI ERC, agus is dámhachtaí SFI PIYRA é freisin.

D'éirigh leis an Oll. Ryan agus a mheitheal lipéadú fluairiseach a dhéanamh ar na réaltbhuíonta néarónacha san inchinn atá freagrach as cuimhní sonracha, trí theagmhas foghlama a bhíogadh agus ruimeanna a lipéadaíodh go fluairiseach a úsáid chun na conairí a mhapáil a adhnaíonn le linn foirmiú cuimhne. Lean siad mionrian na hinchinne féin. D'fhéadfaidís na cealla iongram sin a spreagadh ansin chun meabhrú cuimhne a bhíogadh, fiú i gcásanna aimnéise de bharr cóireáil drugaí nó luathghalar Alzheimer.

Clú agus Aitheantas Idirnáisiúnta

Táthar ag cur go seasta le clú na hÉireann mar ionad taighde den chéad scoth. Thuairiscigh sealbhóirí dámhachtainí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann 2,443 chomhoibriú ar fud 66 thír in 2017.

Síneann comhoibrithe idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i bhfad i gcéin: An Eoraip (64%), Meiriceá Thuaidh (20%), an Áise (9%), an Astráil agus an Aigéine (3%), Meiriceá Theas (2%) agus an Meánoirthear, tuaisceart na hAfraice agus an Araib i gcoitinne (1%).

An príomhchuspóir leis na comhoibrithe sin, foilseacháin i gcomhar agus/nó taighde a éascú (80%).

Ar na cuspóirí eile tá, líonraí agus caidreamh a thógáil (11%) agus rochtain ar threalamh, ar bhogearraí agus/nó sonraí a chur ar fáil (7%).

Na 25 Chomhoibriú Acadúil Idirnáisiúnta is fearr de réir Tíre, in 2017

An Ríocht Aontaithe <i>(seachas Tuaisceart Éireann)</i>	474	An Ísiltír	85	An Phortaingéil	28
Stáit Aontaithe Mheiriceá	447	An tSualainn	65	An Pholainn	24
An Ghearmáin	201	An Astráil	64	An India	22
An Fhrainc	145	Ceanada	62	An tSeapáin	22
An Iodáil	137	An Danmhairg	59	An Fhionlainn	21
An Spáinn	116	An Bheilg	44	Cónaidhm na Rúise	19
Tuaisceart Éireann	89	An Eilvéis	41	An Nua-Shéalainn	17
An tSín <i>(Daonphoblacht na Síne)</i> ⁸⁷		An Ostair	37	An Ghréig	16
		An Bhrasaíl	33		



Comhoibriú Idirnáisiúnta

Cumasaítear aistrithe eolais agus saineolais chun na hÉireann agus amach aisti, a théann chun tairbhe an dá thaobh, a bhuíochas do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá ag méadú go suntasach ar a dtionchar ó lainseáladh comhpháirtíocht nua le Fondúireacht Eolaíochta Nádúrtha Náisiúnta na Síne (NFSC) i Márta 2017. Dhírigh an ghairm ar réimsí téamacha comhoibrithe ar tosaíochtaí iad sa dá thír, lena n-áirítear nua-ábhair agus nua-ghairis feidhmiúla, anailísíocht sonraí, bainistíocht, slándáil agus príobháideacht, ardán dhigiteacha, inneachar agus feidhmchláir, greillí cliste agus cathracha cliste, líonraí agus cumarsáid sa todhchaí, fuinneamh agus inbhuanaitheacht chomhshaoil, iomaíochas déantúsaíochta agus agraibhia sa todhchaí. Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann ocht ndámhachtain chomh-mhaoinithe le hinfheistíocht €8.5 milliún agus €4 mhilliún ón NSFC.

Is í Fondúireacht Eolaíochta Éireann an chéad ghníomhaireacht mhaoiniúcháin Eorpach a rinne Clár Cór Nuálaíochta (I-Corps™) Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta (NSF) na SA, clár an-ghradamach, a chur chun feidhme. Ullmhaíonn an clár na taighdeoirí chun a bhfócas a leathnú amach ón tsaotharlann agus éifeacht eacnamaíoch agus shochoíoch a ghnóthú óna gcuid tionscadal taighde. In 2017, mar chuid den chomhpháirtíocht I-Corps@SFI, thaisteal ocht meitheal le maoiniú ón SFI go dtí na SA, agus d'éirigh leo dianoilúint i bhforbairt scileanna fiontraíochta a dhéanamh faoi churaclam NSF I-Corps™. D'éirigh le scata meithleacha maoiniú tráchtálaíochta leantach a fháil ag éirí as a rannpháirtíocht sa chlár.

Tógann an tionscnamh sin ar an gcaidreamh seanbhunaithe idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an NSF. Bronnadh ceithre dhámhachtain freisin faoi chlár comhpháirtíochta T&F SAM- na hÉireann, agus trí cinn faoi Chlár Pleanála Comhpháirtíochta T&F SAM-na hÉireann. Bronnadh ceithre dhámhachtain freisin faoin gClár Deiseanna Taighde larchéime ar fud an Domhain (GROW) SFI/NSF.

2,433

CHOMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA

66

THÍR

CASE STUDY

An Chomhpháirtíocht Fraunhofer

Lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann de bheith ag cothú ceangal níos fearr le tíortha eile an AE i gcaitheamh 2017, ag iarraidh taighdeoirí den scoth a spreagadh chun athlonnú in Éirinn.

Fógraíodh an chéad Lárionad Tionscadail Fraunhofer do Chórais Bhithanailíseacha Leabaithe in OCBÁC in 2017, i ndiaidh infheistíocht €2.5 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomhpháirt le hinstiúid cháiliúil, Fraunhofer IPT, de chuid Frauenhofer-Gesellschaft, in Aachen sa Ghearmáin. Maoinítear an Lárionad trí Chlár Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha SFI agus díríonn sé ar theicneolaíochtaí micreashreabhánacha 'lab-on-a-chip', ag tacú le tionscal an MedTech.

Cuirfidh Fraunhofer €2.5 milliún sa bhreis leis an infheistíocht, chun tacú leis an gcomhpháirtíocht go ceann tréimhse cúig bliana agus cumasófar tástáil samplaí, ar nós fuil nó uisce, ar an bpointe boise ('point-of-use') do raon leathan feidhmiúcháin, lena n-áirítear cúram sláinte pearsanta, táirgeadh earraí cógaisíochta, taighde in eolaíocht na beatha, tástáil cáilíochta in agraibhia agus monatóireacht comhshaoil.

Tá Jens Ducreé, Ollamh le Micreachórais i Scoil na nEolaíochtaí Fisiceacha in OCBÁC, ina Stiúrthóir ar an Lárionad Tionscadail Fraunhofer nua. Agus é ag labhairt ar an tábhacht atá léi, dúirt sé, "Tá an Lárionad Tionscadail Fraunhofer seo in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath dírithe ar theicneolaíochtaí 'Lab-on-a-Chip' na chéad ghlúine eile a chur ar fáil chun fionnachtana sa taighde míochaine agus in eolaíochtaí na beatha san 21ú haois a aistriú ina réaltacht ar mhaithe le sláinte agus beatha daoine a thairbhiú go díreach."



An tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann in éineacht le Reimund Neugebauer, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Fraunhofer IPT agus an tOll. Brian MacCraith, Uachtarán OCBÁC.

Comhpháirtíocháí RA agus BREXIT

I gcaitheamh 2017, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann de bheith ag ullmhú d'imeacht RA as an Aontas Eorpach trínár gcuid nasc déthaobhach le comhlachtaí taighde RA a neartú go suntasach agus de bheith ag éagsúlú agus ag neartú na gcomhoibrithe taighde le tíortha AE-27 freisin.

Chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhpháirtíocht nua le Comhairle Taighde Innealtóireachta agus Eolaíochtaí Fisiceacha RA (EPSRC), chun tacú le comhthionscadail taighde agus forbartha teicneolaíochta, i réimsí ar nós innealtóireacht, TFC, eolaíochtaí matamaitice, fisic, ceimic agus eolaíocht na n-ábhar. Cuireann an comhaontú sin leis an ngaol reatha leis an RA ina bhfuil comhaontuithe comhoibríocha leis an gCumann Ríoga, Wellcome agus BBSRC. Faomhadh ceithre dhámhachtain faoi Chomh-mhaoiniú Dámhachtainí Taighde SFI-BBSRC in 2017, agus faomhadh ceithre dhámhachtain freisin faoi Chlár Comhaltachta Taighde An Chumainn Ríoga-Fondúireacht Eolaíochta Éireann



Léiríonn comhaltachtaí taighde an Chumainn Ríoga gur féidir le taighdeoirí Éireannacha dul san iomaíocht leis an chuid is fearr ar domhan.

- An tOll. Mark Ferguson

Fógraíodh comhscéim PhD idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus UKRI chun comh-mhaoiniú a a chur ar fáil do mhic léinn atá cláraithe in Éirinn agus sa RA, ionas gur féidir leo leas a bhaint as comh-mhaoirseacht le héascaíocht taistil, agus thart ar 50% dá gcuid ama a chaitheamh in Éirinn agus 50% sa RA. Rachaidh 120 mac léinn i mbun oibre in 2018 i Lárionaid Taighde SFI, ag cothú rannpháirtíocht níos leithne agus comhoibríú idirnáisiúnta.

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann rannpháirteach i gcónaí sa chomhrá náisiúnta faoi na deiseanna agus na dúshláin a ghabhann le BREXIT, agus í páirteach i bhfoghrúpaí agus coistí chun díriú ar an gcur chuige náisiúnta ar fud raon earnálacha.

Chuaigh an tOll. Mark Ferguson i láthair Choiste an tSeanaid faoi aistarraingt an RA as an AE, agus d'oibrigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le hAmbasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath agus le comhghleacaithe in CTBÁC chun cuairt ó Rúnaí Stáit do Ghnóthaí Eachtracha RA, Boris Johnson a óstáil. Chuir an Fhondúireacht le príomh-dhoicimeid bheartais sa bhaile agus thar lear freisin, Tionscadal Comhpháirtíochta an Chumainn Ríoga/ Wellcome Future ina measc.

D'fhorbair taighdeoirí ó Lárionaid Taighde SFI Lero, i gcomhar le comhghleacaithe san Ollscoil Oscailte sa RA, gaireas nua idirghníomhach haptach chun próbháideachas úsáideora deiridh a bhainistiú. Is é atá sa ghaireas, banda ar a dtugtar 'banda próbháideachais' a chaitear ar an rosta, go fisiciúil, agus a thugann feasacht oiriúnaitheach agus rialú idirghníomhach discrêideach ar an léargas ar shonraí úsáideora deiridh agus ar an gcomhroinnt sonraí. Bunaithe ar an meafar 'tochas agus scrabhadh', gineann an banda próbháideachais mothuithe fisiceacha difriúla ar sciathán an chaiteora, agus féadfaidh an t-úsáideoir rudaí éagsúla a dhéanamh le gnéithe den rialú próbháideachais a bhaineann leis an gcomhroinnt sonraí.



Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

Bíonn raon ilchineálach gníomhaíochtaí rannpháirtíochta idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann dírithe ar an taighde a dhéantar in Éirinn a chur chun cinn agus ar dheiseanna comhoibrithe idirnáisiúnta a chruthú dár bpobal taighde. Gné chriticiúil den chomhphlé náisiúnta í cáilíocht an taighde in Éirinn, anois níos mó ná ariamh, don trádáil idirnáisiúnta, don infheistíocht agus don oideachas.

Cheiliúir Fondúireacht Eolaíochta Éireann, i Márta 2017, éachtaí beirt chomhalta ar leith den diaspóra Éireannach. Bhronn an Taoiseach, Enda Kenny TD, Boinn Lá le Pádraig SFI don Tionsclaíocht agus don saol acadúil ar an Dr Pearse Lyons nach maireann, Bunaitheoir agus Uachtarán Alltech agus ar an Oll. Adrian Raftery, Ollscoil Washington, ar ócáid in Washington D.C.



An tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann in éineacht leis an Dr Pearse Lyons, nach maireann, agus an Oll. Adrian Raftery in Institiúid Síochána na Stát Aontaithe, Washington D.C.



Lainseáil an Rialtas straitéis nua trádála na hÉireann, Ireland Connected: Ag trádáil agus ag infheistiú i Saol Dinimiciúil. Tacóidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le seachadadh na ngnéithe den straitéis a bhaineann le STEM. D'óstáil an tOll. Mark Ferguson seisiún eolais faoi Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus faoin taighde in Éirinn do na hambasáidí agus consalachtaí ar fad i nDeireadh Fómhair 2017.

Chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhpháirtíocht dhomhanda le Líonra Gnó Idirnáisiúnta na hÉireann (IIBN), grúpa a chothaíonn, a thugann tacaíocht do, agus a shaothraíonn nascacht dhomhanda phobal gnó na hÉireann, thar lear agus in Éirinn. Cuireann an chomhpháirtíocht sin le hacmhainn na Fondúireachta taighde na hÉireann a chur chun cinn ar fud an líonra thábhachtaigh sin sa RA, sna SA agus in Éirinn. I mBealtaine 2017, d'eagraigh Ambasáid na hÉireann seóthaispeántas faoi chomhoibriú láidir taighde idir an Lárionad Taighde SFI APC Microbiome Institute agus Janssen.

Ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann páirt in dhá chruinniú Tionscnaimh faoi Gheilleagair Bheaga Shárfhorbartha, agus d'fháiltigh sí roimh thoscaireachtaí idirnáisiúnta éagsúla go hÉirinn chun plé a dhéanamh ar réimsí spéise i gcomhar, ar dheiseanna comhoibrithe agus ar an bhfoghlaim i bpáirt. Ar na toscaireachtaí sin bhí an Astráil, an tSín, an Bhrasaíl, an Liotuáin agus SAM. Bhí an Fhondúireacht páirteach freisin i gcoistí idir-rannacha agus i bhfoghrúpaí a bhain leis an gclár oibre oideachais agus trádála idirnáisiúnta in 2017. San áireamh ansin bhí an Grúpa um Chomhordú Trádála idirnáisiúnta, an Chomhairle Trádála Onnmhairithe, an Grúpa Ardleibhéil don Oideachas Idirnáisiúnta agus an Chomhairle Idir-Rannach d'Éireannaigh Thar Lear.

Maoiniú a Ghiaráil

Tá ag éirí le taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann maoiniú a ghnóthú ó fhoinsí idirnáisiúnta éagsúla ar nós Wellcome trust sa RA, an Chomhairle Eorpach um Thaighde agus an tAontas Eorpach. D'éirigh le taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann €176 milliún de mhaoiniú eachtrach a fháil in 2017 (méadú 4% ar €169 milliún in 2016). Méadú ar leibhéal an mhaoinithe ó Fhiontraíocht Éireann atá á ghíaráil ag ár dtaighdeoirí maoinithe, is mó faoi deara an t-ardú, fianaise láidir ar ábharthacht an taighde, agus ar fheabhas na heolaíochta.

D'fhan an maoiniú ó fhoinsí AE mar a bhí, agus fuair na taighdeoirí €70.4 milliún i gcomparáid le €71 milliún in 2016. Faoi dheireadh 2017, bhí 21 Dheontas Tosaigh, 16 Dheontas Daingnitheora, 3 Ard-dheontas agus 11 Dheontas Cruthúnais Coincheapa buaite ón ERC ag taighdeoirí bunaithe in Éirinn. As 51 dámhachtain ERC, is dámhachtaithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a fuair 31 díobh. Maoiníodh cúig dhámhachtain Chlár Tacaíochta SFI-ERC in 2017 freisin, agus b'fhiú €800k iad ar fad.

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta i gcónaí do thacú le cuspóir na hÉireann €1.25 billiún a íostarraingt faoi chlár Fís 2020 AE. Chun tacú leis an sprioc sin, tá tionscnaimh éagsúla idir lámha ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann:

- Gníomhaíonn comhaltaí foirne Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar Phointí Teagmhála Náisiúnta agus mar thoscáir náisiúnta do réimsí difriúla a bhaineann le Fis 2020, faoin gcolún cláir Eolaíocht Shármhaith go háirithe, lena n-áirítear Bonneagair Taighde agus ERC. Tá an ráta rathúlachta d'Éirinn faoi Bhonneagair Taighde Fis 2020 AE, r-bhonneagair san áireamh, ar na rátaí is airde, 40%.
- Tá an tOll. Mark Ferguson ina chathaoirleach ar Ghrúpa Tionscadal trasrannach ardleibhéil chun tairiscintí móra a stiúradh.
- Chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann lena rannpháirtíocht leis an Maoiniú Eorpach trasnáisiúnta agus tacaíonn sí le naoi gcomhthionscnamh trasnáisiúnta reatha, lena n-áirítear Comhchlár an AE do Ghalair Néaraimheathlúcháin & Réim Bia Sláintiúil do Shaol Sláintiúil, ERANets in ábhair ardfhorbartha, míochaine chórais, teicneolaíochtaí candaim, nanaimhíochaine, an Bithgheilleagar agus an Comhthionscnamh Teicneolaíochta ECSEL.

Foinsí Maoinithe Eachtraigh a fuair Taighdeoirí arna maoiniú ag SFI in 2017 (na dámhachtainí ar fad)	An Maoiniú Iomlán (€)
An tAontas Eorpach (Marie Curie, ERC, etc san áireamh)	70,404,032
Fiontraíocht Phríobháideach	31,959,012
Fiontraíocht Éireann - Dámhachtainí Neamh-Thráchtálaíochta	16,587,434
Fiontraíocht Éireann - Dámhachtainí Tráchtálaíochta	13,855,168
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC)	7,526,057
Foinse Rialtais idirnáisiúnta Eile	4,237,959
An Bord Taighde Sláinte (HRB)	4,194,997
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	3,963,859
Foras na Mara	3,923,021
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia	3,230,828
Carthanas/Eagraíocht Neamhbhrabúis (Éireannach)	3,062,841
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)	2,738,998
Foinsí Eile Rialtas na hÉireann	2,400,901
Iontaobhas Wellcome	2,125,667
Eagraíochtaí Leasa idirnáisiúnta Eile	1,977,491
Carthanas/Eagraíochtaí Neamhbhrabúis (Idirnáisiúnta)	1,737,086
An tÚdarás um Ard-Oideachas	1,034,874
Teagasc	609,373
Foinsí Eile	484,078
Institiúid Náisiúnta Sláinte SAM (NIH)	247,121
Móiriomlán	176,300,797

Rinne Lárionaid Taighde SFI thart ar **€100 milliún** de mhaoiniú Fis 2020 a íostarraingt arb ionann agus breis is 50% den mhaoiniú do na hInstitiúidí Ard-Oideachais in Éirinn.

Déanann taighdeoirí atá á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na Lárionaid Taighde SFI maoiniú suntasach a ghiaráil ón tionsclaíocht, agus rinne siad luach €32 mhilliún breise de chomhaontuithe comhoibríocha na bliana sin agus ilbhliantúla in 2017, rud a thógann ar an gcomhoibriú láidir atá ann leis na blianta idir ár dtaighdeoirí agus an tionsclaíocht. Cuirfear leis na gníomhaíochtaí comhoibríocha sin nuair a lainseálfar ceithre Lárionad Taighde SFI nua in 2017.

Eochairshamplaí

Rinne an tOll. Annette Byrne, CRMÉ, comhordú ar an gcuibhreannas Eorpach, COLOSSUS, ar éirigh leis cur isteach ar mhaoiniú €6 mhilliún in 2017, faoi Fís 2020. Díreoidh an staidéar comhoibríoch, le tacaíocht ó dhámhachtain SFI CDA an Oll. Byrne, ar an aise cholaireicteach mheiteastáiseach. Rangáíodh togra COLOSSUS #1 as breis agus 200 tionscadal Eorpach a seoladh chuig an ngairm Fís 2020 agus tá ceithre chomhpháirtí ann atá bunaithe in Éirinn.


Fuair an tOll. Luiz da Silva, Stiúrthóir Lárionaid Taighde SFI CONNECT, dámhachtain Phríomh-imscrúdaitheora a chuidigh chun tairiscint Fís 2020 rathúil a dhéanamh le haghaidh ORCA, tionscadal taighde €5 mhilliún an AE, a thosaigh in Eanáir 2017 agus a dhíríonn ar an teicneolaíocht 5G, ag cumasú feidhmchlár ón bhfísteicneolaíocht ultra-ardghléine go dtí Idirlíon na nEarraí.

Rinne an tOll. Martin Leahy, dámhachtaí Imscrúdaitheora SFI ón ngrúpa Optaic Fíochán agus Íomháu Micreashruthaithe (TOMI) in OÉG, cuibhreannas a threorú a bhuaigh deontas tionscadail de chuid an AE arbh fhiú €6 mhilliún é chun ardán íomháithe núíosach a fhorbairt don mhíochaine athghiniúnach.

Rinne Dr Alan O’Riordan, Institiúid Náisiúnta Tyndall, imscrúdaitheoir arna mhaoiniú ag SFI i Lárionaid Taighde SFI CONNECT, braiteoirí a fhorbairt don diagnóisic ghalair sa tsláinte ainmhithe i dtionscadal arna thacú ag clár Comhpháirtíochta SAM an SFI. Táthar á n-íniúchadh faoi láthair féachaint an féidir iad a úsáid mar bhraiteoirí trom-mhiotail, le maoiniú ó GateOne, tionscadal arna mhaoiniú ag Fis 2020.

Tá an Lárionad Taighde SFI AMBER ag treorú tionscadail nua €8.2 milliún an AE, SUN-PILOT, ag obair le comhpháirtithe ó sé thír Eorpacha. Díríonn an tionscadal ar tháirgeadh dromchlaí antai-frithchaiteacha, scrabhdhíonacha agus scríobdhíonacha. Is é an €2.1 milliún a ghnóthaigh AMBER sa tionscadal an tsuim is mó a dámhadh riamh do CTBÁC do thionscadal comhoibríoch Fís 2020

CASE STUDY



Ag Buachan san Eoraip

Tacaíodh leis an tsaoráid Seomra Ionsamhlúcháin Atmaisféaraigh d’Éirinn (IASC) a thógáil i gCorcaigh, a bhúiochas don dámhachtain Bonneagair Taighde SFI a bhuaigh an tOll. John Wenger.

Chuir an tsaoráid ar chumas COC dul sa Chuibhreannas Eorpach EUROCHAMP-2020, tionscadal bonneagair taighde €9 milliún le Fís 2020 a chomhtháthaíonn na seomraí ionsamhlúcháin atmaisféaraigh is forasáil san Eoraip ina mbonneagar uathúil den chéad scoth don taighde agus don nuáil. Is uirlisí taighde fórluachmhara iad seomraí ionsamhlúcháin a bhíonn in úsáid ag eolaithe an atmaisféir chun na próisis chasta a iniúchadh a tharlaíonn san atmaisféar. Is iad an bhunsraith iad le haghaidh samhlaíochta aercháilíochta agus aeráide, agus cuidíonn siad freisin le tomhais allamuigh a chiallú.

Bhí an tOll. Wenger i measc breis agus 50 eolaí Eorpach as deich dtír a bhí i láthair don chruinniú tosaigh Fís2020-EUROCHAMP-2020 i bPáras in Eanáir 2017. Thug an cruinniú trí lá deis do na páirtithe as 23 institiúid taighde feidhmiú an tionscadail a phlé. Bhí dhá dhámhachtain Theorainn Taighde SFI ag an tOll. Wenger cheana a thacaigh le tionscadail sa cheimic atmaisféarach in COC (2005-2010).

Agus é ag labhairt faoin dámhachtain bhonneagair taighde, dúirt an tOll. Wenger, “Is rud uathúil in Éirinn é an seomra nua ionsamhlaithe atmaisféir. Beifear in ann staidéir cheannródaíocha a dhéanamh sa cheimic atmaisféarach, agus feidhmeoidh sé freisin mar bhonn tástála d’fhorbairt teicnící nua tomhais i do gháis agus cháithníní. Táimid an-tógtha leis na deiseanna nua eolaíochta a bheidh ag gabháil leis an tsaoráid.”

I mbun comhphlé leis an Tionsclaíocht


Meicníocht láidir atá sa chomhphlé domhain a dhéanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis an Tionsclaíocht chun an taighde sármaith a dtugaimid tacaíocht dó a bhrú chun cinn ionas go ndéanfar leas an gheilleagair agus na sochaí: poist, scileanna agus eolas ardluacha á ghiniúint, tacaíocht don infheistíocht dhíreach eachtrach agus FBManna nua a chruthú le mórachmhainn fáis.

Tharla 1,685 comhoibriú le 1,030 eagraíocht a cuireadh síos go díreach do dhámhachtainí beo de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Comhoibríthe le CIN agus le FBM a bhformhór (1,521). Cruthaítear táirgí, seirbhísí, poist agus cuideachtaí nua mar thoradh orthu. Féadfaidh taighdeoirí a bhfionnachtana a fheiceáil á bhforbairt, féadfaidh siad poitéinseal smaointe nó roghanna a thástáil nó foghlaim fúthu, i gcomhthéacs treonna T&F féideartha nua amach anseo (34%). Is minic, de thoradh comhoibríthe, gur féidir trealamh, sonraí agus saineolas a chomhroinnt go héifeachtach idir lucht tionsclaíochta agus an saol acadúil.

Maidir le 55% de na comhpháirtithe tionsclaíochta a bhí ag obair le taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann in 2017, bhí siad bunaithe in Éirinn; bhí 16% bunaithe sna SA, 8% sa RA agus 21% in áiteanna eile. Níor athraigh na figiúirí sin mórán ó 2016, léiriú gur éirigh le Fondúireacht Eolaíochta Éireann a cuid comhpháirtíochtaí le lucht tionscail a choinneáil, le linn tréimhse éiginnteachta domhanda fiú, agus go bhfuiltear ag cur spéis ionainn i gcónaí mar áit nuálaíoch ghnó.

Nuálaíocht agus Tráchtálaíocht

- > Tuairiscíodh 10 mac-chuideachta in 2017 (méadú ó sé cinn in 2016)
- > 6 chuideachta nuathionscanta a tuairiscíodh in 2017 (méadú ó 1 in 2016)
- > Bhí taighdeoirí SFI bainteach le 78 comhdú paitinne in 2017.
- > Bronnadh 36 phaitinn (méadú ó 22); cuireadh 23 díobh síos do dhámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (méadú ó naoi gcinn in 2016).
- > Tuairiscíodh 45 theicneolaíocht cheadúnaithe le taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann in 2017; cuireadh 27 díobh síos go díreach do dhámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomparáid le 58 agus 44, faoi seach, in 2016.
- > Tuairiscíodh gur nochtadh 145 aireagán; cuireadh 104 díobh síos go díreach do dhámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.
- > Ghlac taighdeoirí le maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann páirt i bhforbairt ocht gcaighdeán in 2017 (méadú ó aon cheann amháin in 2016).



CASE STUDY



Athmhachnamh ar an Otracht

Díríonn taighde an Oll. Carel le Roux ar athmhachnamh a dhéanamh ar an otracht agus ar dhiaibéiteas chineál 2.

Ó tá faighte amach go bhféadfaí cuid mhor de na haimhréidheanna a ghabhann le diaibéiteas chineál 2 agus otracht a chúlú ach an riocht meitibileach a optamú, tá taighde an Oll. le Roux, le tacaíocht óna dhámhachtain SFI PIYRA, tar éis fáil réidh leis an stíogma go bhfuil an galar duáin diaibéiteach ainsealach agus forchéimnitheach.


D'úsáid Cumann na hÉireann um Chothú agus Meitibileacht (IrSPEN), in 2017, torthaí ó thaighde an Oll. le Roux, arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus chuaigh siad i mbun feachtais Lá Eorpach na hOtrachta agus Lá Domhanda na hOtrachta chun aimhréidheanna an diaibéitís a mhaolú le cailliúint meáchain intinneach.

Tá mórchuideachtaí domhanda ar nós NovoNordisk, Johnson & Johnson agus Medtronic ag baint leas as taighde an Oll. le Roux chun breis feidhmiúlachta a chur ina dtáirgí, agus tá eagraíochtaí ar nós an International Diabetes Federation, American Diabetes Association agus Cumann na hÉireann um Chothú agus Meitibileacht (Irish Society for Nutrition and Metabolism) tar éis na torthaí a ionchorprú ina gcuid teagaisc.

Spéisiúil go leor, tá taighde an Oll. le Roux ag dul i bhfeidhm ar an mbeartas i leith cúraim sláinte, agus méadú faoi chúig ar líon na n-othar in aghaidh na bliana a fhaigheann máinliacht mheitibileach in Éirinn. Deir sé, *“Is é an tslí is éifeachtaí dúinn an cleachtadh cliniciúil a athrú, fianaise láidir eolaíoch a chur ar fáil a léiríonn go dtig linn na torthaí sláinte a fheabhsú d’othair, agus cuidiú le cliniceoirí san am gcéanna na meicníochtaí a thuiscint ar a n-oibríonn na hidirghabhálacha.”*

Comhoibríonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Fiontraíocht Éireann le chéile chun píblíne na dTosuithe Ardacmhainne (HPSU), mac-chuideachtaí an taighde acadúil, a thógáil agus a neartú. Infheistíonn Fiontraíocht Éireann i dtimpeall 90 Tosú Ardacmhainne sa bhliain, lena n-áirítear 15 a eascraíonn as an taighde acadúil. D’infheistigh Fiontraíocht Éireann, in 2017, i 15 chuideachta a bhí á maoiniú cheana féin ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, léiriú ar a éifeachtaí atá an nascacht idir an dá ghníomhaireacht.

Bíonn teicneolaíocht bhunathraitheach ag cuideachtaí nuathionscanta a eascraíonn as an bhfoinse sin, mar aon le ráta marthanais níos fearr agus iad in ann maoiniú suntasach príobháideach a mhealladh.



Ag Seóthaispeáint an Chomhphlé leis an Tionsclaíocht

Vótáladh John Boland, Ollamh le Ceimic in CTBÁC agus Príomh-imscrúdaitheoir agus Stiúrthóir an Lárionaid Taighde ar Nanastruchtúir agus Nanaghairis Oiriúnaitheacha (CRANN), ina Thaighdeoir Intel na Bliana i Mí na Samhna 2017, i ndiaidh taighde a foilsíodh in Science ar airíonna aimhrialta an chopair nanascála a úsáidtear in idirnáisc ghairis.


D'fhógair Huawei, an chuideachta threalaimh teileachumarsáide móibílí is mó ar domhan, comhpháirtíocht nua taighde in 2017 agus CTBÁC ina chuid dá lorg mhéadaitheach T&F in Éirinn. Beidh baint ag na Lárionaid Taighde SFI, ADAPT agus CONNECT, leis an gcomhpháirtíocht, ag cruthú ceangail níos láidre idir Huawei agus taighdeoirí CTBÁC agus ag cur leis na clochluithe sa chéad tonn eile nuálaíochta físe agus meáin de chuid Huawei.

Lárionaid Taighde SFI ar nós I-Form agus AMBER a bheith ann a luadh mar phríomhchúis le cinneadh Henkel Technologies, ollchuideachta ceimiceán agus earraí comaitéara, oibríocht phriontála thionsclaíoch 3T ar cuid d'infheistíocht nua na n ilmhilliún euro í, a bhunú i mBaile Átha Cliath.

Mar chuid den leathadh oibríochtaí go hÉirinn a rinne InsideSales.com, cuideachta intleachta saorga (AI) ó SA, shínigh siad comhpháirtíocht nua le Lárionad Taighde SFI Insight.

Bronnadh an Gradam 'Academic Contribution to Medtech' ar CÚRAM, Lárionad Taighde SFI, ag Searmanas Bronnta Chomhdháil POF Medtech na hÉireann in 2017.

D'fhorbair Dr Jonathan Bones agus a mheitheal san Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseala (NIBRT) sreafaí oibre bithanailíseacha chun an táirgeadh cógaisíochta agus tréithriú anailíseach móilíní próitéinbhunaithe a optamú. D'éascaigh comhoibriú le Thermo Fisher Scientific forbairt an chórais núiosaigh néalbhunaithe sin, ar féidir taighde an Dr Bones a uaslódáil chuige agus a chomhroinnt le heolaithe ar fud na cruinne. Dámhachtainí Imscrúdaitheora Tosaigh agus Forbartha Gairme de chuid SFI a chumasaigh an obair sin.



An tUasal Haibo Lin, Ceannasaí Domhanda ar an gComhoibriú Teicneolaíochta, Huawei Technologies, in éineacht leis an Oll. Vincent Wade, Lárionad Taighde SFI ADAPT.

CASE STUDY

Comhpháirtíocht Bhitheicneolaíochta



I láthair le linn lainséil na comhpháirtíochta iPath, bhí (o chlé go deas) Noelle Costello, Uasal (CRMÉ); Dr Peter Turecek (Shire); an tUas. Brian O'Mahony (Cumann Haemaifilia na hÉireann); an tOll. Mark Ferguson (Fondúireacht Eolaíochta Éireann); an tOll. James O'Donnell (CRMÉ, Ospidéal San Séamas); Dr Roger Preston (CRMÉ); an tOll. Padraic Fallon (CTBÁC); Dr John Gormley (CTBÁC); Dr Michelle Lavin (CRMÉ, Ospidéal San Séamas).

Tá iPATH, 'Irish Personalised Approach to the Treatment of Haemophilia', ar na staidéir is déanaí as réimse éiritheach na míochaine pearsantaithe - ag cur cóir ar othair ar bhonn indibhidiúil. Tugann tionscadal SFI, tionscadal comh-mhaoinithe Comhpháirtíochta Straitéisí ar fiú €4 milliún é, saineolas le chéile as Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Shire, cuideachta bhitheicneolaíochta dhomhanda, Cumann Haemaifilia na hÉireann, mar aon le cliniceoirí ó Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath, Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, Ospidéal na hOllscoile Corcaigh agus Ospidéal na hOllscoile Gaillimh. Féachann an staidéar le cuir chuige nuálacha a fhorbairt sa chúram cliniceach agus fáil réidh leis an gcomhchaighdeán uilíoch, 'tomhas amháin a oireann do chách'.

Neamhord fuilithe ó oidhreacht í Haemaifilia, agus is uireasa próitéine fuiltéachta fachtóir VIII (FVIII) faoi deara í. Le 50 bliain anuas b'é an ghnáthchóireáil, an fachtóir atá in easnamh a riar chun laghdú ar an bhfuiliú. Bíonn éagsúlacht shuntasach sa bhaol fuilithe in othair a bhfuil haemaifilia orthu áfach, ionas gur deacair an méid FVIII atá de dhíth ar gach othar a thuar. Féachann iPath leis na meicníochtaí bitheolaíoch a nochtadh arb iad faoi deara na difríochtaí suntasacha sa bhaol fuilithe agus in aimhréidheanna fadtéarma idir othair indibhidiúla a bhfuil haemaifilia orthu. Luíonn fórneart an tionscadail san iarracht chomhoibríoch ag eascairt as líon mór páirtithe leasmhara; oibreoidh mór-imscrúdaitheoirí Éireannacha i gcomhar le scoth na n-imscrúdaitheoirí cliniciúla agus eolaíochta ó Shire, agus le mórúdaráis leighis ó chóras cúraim sláinte na hÉireann.



Comhpháirtíochtaí agus Comharaíochtaí Straitéiseacha

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta dá hinfheistíocht agus dá hacmhainn a ghíaráil an oiread is féidir trí thógáil agus trí chomhoibriú i gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha. Maoiníonn Clár Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Fhondúireacht Eolaíochta Éireann deiseanna iontacha don taighde chomhoibríoch nach mbeadh ann faoi na cláir mhaoinithe náisiúnta eile. Rinneadh trí dhámhachtain faoi Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí SFI in 2017, le comh-infheistíocht chomh €5 milliún in airgead tirim ón tionsclaíocht.

Faoi dheireadh 2017 bhí 19 gComhpháirtíocht Straitéiseach leis an Tionsclaíocht, ar fad, dáfa ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, lena n-áirítear naoi ndámhachtain Pfizer, agus breis is €24 milliún san iomlán tagtha ón tionsclaíocht.

Tugann an chomhpháirtíocht 'Valuation and Risk' (VAR) iliomad páirtí tionsclaíochta le chéile le taighdeoirí ó COBÁC, OCBÁC agus Ollscoil Mhaigh Nuad agus tacaírs sainscileanna difriúla acu in airgeadas agus matamaitic. John Cotter, Ollamh le hAirgeadas agus Ollamh le hAirgeadas Cainníochtúil, COBÁC a threoraíonn an clár VAR. Tá mar aidhm leis acmhainn taighde airgeadais a thógáil in Éirinn ionas gur féidir dul in iomaíocht ar bhonn domhanda.

Bunaíodh U-Flyte, comharaíocht idir taighdeoirí in Ollscoil Mhaigh Nuad agus comhpháirtithe i dtionscal na heitlíochta, Airbus, Irelandia Aviation, Ryanair agus Intel, mar aon le 15 chuideachta eile chun córais ríomhairí a fhorbairt le dul i ngleic le bainistiú domhanda ar an líon méadaitheach oibríochtaí ladrann. Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus comhpháirtithe tionsclaíochta a chomh-mhaoiníonn an chomhpháirtíocht, tugann siad €1.46 milliún agus €1.56 milliún faoi seach. Tacaítear leis faoi Dhámhachtain Chomhpháirtíochta Taighde Straitéiseach SFI agus tá saoráidí bonn tástála i gceist freisin in Aerfort Phort Láirge.

Rinneadh dámhachtain amháin faoi Chlár Dámhachtana SFI-Pfizer don Nuálaíocht Biteiripice chun teiripeach ailse a fhorbairt. Leanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Pfizer de bheith ag obair i gcomhar, ag tacú le taighde chun féidearthachtaí bithchógaisíochta a shainaithint (teiripeach agus/nó coisctheach), dírithe ar spriocanna núíosacha galair. Bhuaigh Margaret McGee, Ollamh Cúnta i Scoil na hEolaíochta Bithcháithníní agus Bithmhíochaine, COBÁC, Dámhachtain Nuálaíochta Biteiripice in 2017 as tionscadal faoi theiripeach núíosach don ailse a fhorbairt.

Lárionaid Taighde SFI

16 Lárionad Cheannródaíochá Scála, le Barr Feabhais, agus Fórsa

Scoth na hEolaíochta

Comhoibriú Tionsclaíochta



Software
Pharma
Nanotechnology
MEDICAL DEVICES



Applied Geosciences
Digital Content

Industry Nano €428 million
commitment of €228 million from SFI

Confirm
Smart Manufacturing



DÉANTÚSAÍOCHT Telecoms
PERINATAL Bithgheilleagar
RESEARCH Energy

CONNECT
Networks of the Future

Functional Foods



FOOD FOR HEALTH

BIG DATA | Marine Renewable Energy

cúrom
Centre for Research in Medical Devices



Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

Scileanna

Tá líonra 16 Lárionad Taighde SFI ceannródaíoch ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann a mbaineann scála leo, scoth na heolaíochta agus tioncha; fógraíodh ceithre cinn díobh in 2017 agus foráladh sa bhuiséad do cheann amháin eile in 2018. Ionann sin agus tiomantas €428 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tiomantas €228 milliún ón tionsclaíocht; is sárleiriú iad Lárionaid Taighde SFI ar éifeacht chlaochlaitheach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an gcóras náisiúnta taighde.

Nascann na mórdhámhachtaí maoinithe sin eolaithe agus innealtóirí i gcomhpháirtíochtaí ar fud 19 gcomhlacht taighde, na seacht n-ollscoil san áireamh, agus 328 cuideachta in Éirinn. Oibríonn siad ar nós maighnéid, meallann siad, coinníonn siad agus cruthaíonn siad tionscail a dhéanann cion suntasach ar son gheilleagar na hÉireann agus a chuireann leis an oideachas STEM agus leis na deiseanna gairme ann.

Baineann mórfhócas tráchtála leo i gcónaí agus tá na spriocanna don mhaoín intleachtúil agus do chruthú mac-chuideachtaí sáraithe acu cheana féin. Tá cuideachtaí a chruthaigh siad ag dul i méid agus daoine á bhfostú acu i bpoist ardluacha. Tá taighdeoirí á n-oiliúint ar fud an tsárlíonra sin sna príomhscileanna a theastaíonn i gcomhair poist ardluacha i gcuideachtaí móra agus beaga, eachtracha agus dúchasacha.

Taighde sármaith agus tús cadhnaíochta sa smaointeoireacht dhomhanda atá i gcróilár Lárionaid Taighde SFI. Téann siad i ngleic le dúshlán dhomhanda agus iad ar fheabhas chun maoiniú idirnáisiúnta a ghnóthú. Bhá maoiniú breis is €30 milliún, nach maoiniú Stáchtiste ná maoiniú tráchtála é, gnóthaithe ag an gcéad 12 Lárionad Taighde in 2017, agus poist agus torthaí intleachtúla/ tráchtála á gcruthú.

Lainseáladh ceithre Lárionad Taighde SFI nua in 2017.

- **Infheistíocht €74 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in imeacht sé bliana**
- **€40 milliún ó 80 comhpháirtí tionsclaíochta in imeacht sé bliana**



Seachadfaidh **CONFIRM**, an Lárionad Taighde SFI don déantúsaíocht chliste, atá á threorú ag OL, na forbairtí teicneolaíochta agus an saineolas teicneolaíochta d'éiceachóras nuálaíochta déantúsaíochta cliste. Cumasófar cuideachtaí chun dul in iomaíocht i ndreach domhanda atá ag athrú go sciobtha, agus cur le hiomaíochas agus le clú na hÉireann mar threoirionad idirnáisiúnta déantúsaíochta.



Déanfaidh **BEACON**, Lárionad Taighde SFI don bithghilleagar faoi threoir COBÁC, teicneolaíochtaí ailtéarnacha a fhorbairt bunaithe ar acmhainní in-athnuaite inbhuanaithe bitheolaíochta chun earraí luachmhara a tháirgeadh, ar nós móilíní bithghníomhacha, bloic thógála cheimiceacha, breoslaí agus fuinneamh, agus é ina mhórinneall d'athfhorbairt na tuaithe agus na talmhaíochta.



Beidh **FutureNeuro**, Lárionad Taighde SFI don eolaíocht néareolaíochta faoi threoir CRMÉ, ag díriú ar an ualach socheacnamaíoch ar galair néareolaíochta neamhchoitianta ainsealacha faoi deara é. Cuirfidh sé le cumas na hÉireann infheistíocht dhíreach eachtrach a fháil ó chuideachtaí atá gníomhach san eora-mhargadh il-trilliúin domhanda don diagnóisic, do chóireálacha agus teicneolaíochtaí leighis ar ghalair néareolaíochta, agus éascóidh sé an rochtain ar an margadh do chuideachtaí dúchasacha.



Feabhsóidh **I-FORM**, Lárionad Taighde SFI don déantúsaíocht aibithe faoi threoir COBÁC, an éifeachtúlacht phróiseála do dhéantúsaíocht na hÉireann: cumasófar táirgeadh comhpháirteanna priontáilte 3T fíor-shaincheaptha. Beidh an-tionchar aige ar iomaíochas idirnáisiúnta dhéantúsaíocht bhreisithe na hÉireann.

Móréachtaí na Lárionad Taighde SFI

B'í an phríomhaidhm le maoiniú na Lárionad Taighde SFI, tionchar suntasach eacnamaíoch agus sochaíoch a ghnóthú d'Éirinn. Eochairthascairí Feidhmíochta (ETF) áirithe faoi deara chomh maith is a éiríonn leo. Tugtar spriocanna do gach Lárionad Taighde SFI maidir le ETF ábhartha, agus an Lárionad á thomhas go leanúnach i leith na spriocanna sin. Treoraítear do na Lárionaid Taighde SFI freisin sciar 30% ar a laghad den chostas a fháil ó na comhpháirtithe tionsclaíochta, agus íosmhéid 10% in airgead tirim.

Tugadh isteach ETF nua oideachais agus rannpháirtíochta pobail in 2017, féachaint cén céatadán de na meithleacha Lárionaid Taighde atá ag gabháil dó. Tuairiscítear ETF agus bailíochtaítear leis na Lárionaid Taighde SFI iad gach sé mhí. I dTábla 1, lch 34 tugtar torthaí carnacha ETF i leith spriocanna, don chéad 12 Lárionad Taighde ón dáta tosaigh go dtí deireadh 2017.

Ar na buaicphointí tá, an leibhéal maoinithe nach maoiniú státchiste ná tráchtála é: áirithíodh breis is €172 milliún le hais sprioc €160 milliún; 271 comhpháirtíocht i gcuibhreannais AE agus 74 chomhordú AE; dámhadh 23 dhámhachtain ghradamacha ERC.

Tá tábhacht leis na gníomhaíochtaí tráchtálaíochta: síníodh 132 comhaontú ceadúnaithe, tuairiscíodh 20 mac-chuideachta agus áirithíodh breis is 245 dhámhachtain tráchtálaíochta de chuid Fiontraíocht Éireann.

Tá an t-aschur acadúil go maith freisin: tuairiscíodh breis agus 5,400 irisleabhar agus 3,300 foilseachán comhdhála. Tá an ETF do sciar airgid an chostais os cionn 14% agus an sciar den chostas foriomlán (airgead tirim móide costas comhchineáil) níos fearr ná an sprioc 30% anois. Cé nár baineadh an sprioc maidir le líon na gcéimithe Máistreachta agus céatadán na bhfágálaithe faoi oiliúint a céadfhostaíodh sa tionsclaíocht, tá na Lárionaid Taighde ar an gcúrsa ceart chun na ETF sin a bhaint faoi dheireadh na tréimhse maoinithe, le cabhair cláir spriocdhírthe arna rolladh amach ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann le deireanas.

Dámhachtainí Spokes agus dhámhachtainí Comhpháirtíochta leis an tionsclaíocht - 2017

Ceadáíonn Clár Spokes na Lárionad Taighde SFI do chomhpháirtíochtaí nua a bheith ag obair leis na Lárionaid Taighde SFI reatha, agus ceanglas comh-mhaoinithe sa chás sin freisin. Dhámhaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann dhámhachtainí Spokes do 16 Lárionad Taighde SFI ar fad, seacht gcinn díobh in 2017.

Ar na tionscadail atá á maoiniú faoi Chlár Spokes SFI, tá clár taighde nua €14.5 milliún le Fondúireacht Eolaíochta Éireann a scrúdóidh mar is féidir Idirlíon na nEarraí a chur ag obair chun caighdeán saoil daoine a chónaíonn i dtimpeallachtaí uirbeacha a fheabhsú. Tabharfar aghaidh ar réimse leathan topaicí, lena n áirítear bainistíocht uisce, plódú iompair agus an chibearshlándaíl, agus beidh 60 taighdeoir i dtrí Lárionad Taighde SFI, CONNECT, Insight agus Lero, ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le breis is 25 chuideachta, ilnáisiúnaigh mhóra ar nós Intel agus Huawei ina measc, agus FBM ar nós Accuflow atá bunaithe i gCorcaigh.

Tábla 1 - Feidhmíocht charnach an chéad 12 Lárionad Taighde SFI go dtí Mí na Nollag 2017

Eochairtháscairí Feidhmíochta		An sprioc	An toradh	Feidhmíocht vs Sprioc
Acadúil	Foilseacháin ar Irisleabhair iad	3,253	5,443	167%
	Foilseacháin Chomhdhála	2,623	3,347	128%
Caipiteal daonna	Céimithe MSc/MEng	129	92	71%
	Céimithe PhD	355	587	165%
	% Fágálaithe faoi oiliúint a céadfhostaíodh sa tionsclaíocht	41.4%	32.8%	79%
An Eoraip	Rannpháirtíocht i mórthionscnaimh AE	231	271	117%
	Ag comhordú i mórthionscnaimh AE	71	74	104%
	Dámhachtainí ERC a bronnadh	24	23	96%
Comh-mhaoiniú tionsclaíochta	Maoiniú nach maoiniú atá chiste ná tráchtálaíochta é	€159,750,000	€172,996,289	108%
	Airgead tirim sa bhanc	€28,653,209	€41,768,185	146%
	% Sciar den chostas ón Tionsclaíocht (airgead tirim)	10.0%	14.6%	146%
	% Sciar den chostas ón Tionsclaíocht (Iomlán)	30.0%	33.5%	112%
Fiontair	Dámhachtainí Trachtálaíochta FÉ	159	248	156%
	Comhaontuithe ceadúnais	111	132	119%
	Mac-chuideachtaí a cruthaíodh	21	20	95%
ORP/EPE	% rannpháirtíochta in ORP	18%	24%	133%

€172m

NEAMHCHISTE, NEAMHTRÁCHTÁLA
MAOINIÚ ARNA GCINNTIÚ

132 COMHAONTÚ CEADÚNAITHE SÍNITHE

245

DÁMHACHTAIN
TRÁCHTÁLAÍOCHTA
FAIGHTE Ó FHIONTAR
ÉIREANN

16

DÁMHACHTAIN
SPOKES DO
LÁRIONAID
TAIGHDE SFI

CASE STUDY

Idirlíon na nEarraí – Pervasive Nation



Tá taighdeoirí ón Lárionaid Taighde SFI CONNECT ag obair le Corparáid Intel agus le Baile Átha Cliath Cliste ('Smart Dublin') - tionscnamh de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Údarás Áitiúla eile BÁC, chun braiteoirí ísealchostais a chur ar fud na cathrach mar chuid de tHionscadal Idirlíon na nEarraí (IoT). Déanfaidh na braiteoirí monatóireacht ar bháisteach, ar dhálaí aimsire agus leibhéil aibhneacha. Seolfaidh na braiteoirí sonraí, le cumarsáid gan sreang, chuig meitheal oibríochtaí Chomhairle Cathrach BÁC a dhéanfaidh na leibhéil uisce a anailisiú, agus beart cuí ina dhiaidh. Cuid de phlean chun ár gcuid cathracha a dhéanamh níos cliste.

Baineann Idirlíon na nEarraí (IoT) le braiteoirí a leabú i ngnáthearraí laethúla: soilse, cuisneoirí nó bruacha abhann agus ligean dóibh sonraí a sheoladh agus a ghlacadh. Iompraítear na sonraí ar líonra agus d'fhorbair Lárionad Taighde SFI CONNECT, bunaithe i CTBÁC, bonn tástála nua náisiúnta 'Pervasive Nation', chun na críche sin. Líonra Ísealchumhachta achair fhairsing (LPWAN) é 'Pervasive Nation' a chlúdaíonn cion suntasach d'Éirinn anois. Deartar na LPWAN d'aon ghnó chun méideanna beaga sonraí a bhailiú ó líon mór braiteoirí ar bhonn rialta. Úsáideann 'Pervasive Nation' braiteoirí don chumarsáid dhéthrooch ionas gur féidir leis na braiteoirí agus na hionaid rialaithe fianaise a mhalartú.

Úsáideann na braiteoirí báistí meicníocht bhuicéad inchlaonta a chlaonann gach uair a bhraitear leibhéal áirithe báistí. Seoltar teachtaireacht ansin, via an líonra 'Pervasive Nation', ag cur in iúl gur chlaon an buicéad, agus a cheadaíonn an titim báistí a ríomh. Tá 24 tomhsaire in ocht n-ionad ar fud na cathrach faoi láthair. Beidh na sonraí ó na braiteoirí an-úsáideach don údarás áitiúil agus rachaidh siad i bhfeidhm ar an iliomad gnáthimeachtaí laethúla ar nós glanadh silteán. D'fhéadfaí na sonraí a úsáid sa phróiseas pleanála do thógálacha úra freisin. Dírionn CONNECT ar thomhsairí ísealchostais a fhorbairt freisin a d'fhéadfadh sonraí iontaofa a bhailiú.

Déantar thart ar €8 milliún damáiste sa bhliain do bhonneagar Bhaile Átha Cliath. Tá an figiúr ag dul i méid leis na harduithe ar leibhéal na farraige agus na teagmhais bháistí níos déine. Agus Baile Átha Cliath mar bhonn tástála, tá súil ag 'Pervasive Nation' na buntáistí le feidhmchláir Idirlíon na nEarraí a léiriú faoi dhálaí an tsoil mar atá.



Lainseáil an tAire Heather Humphreys clár taighde €14.5 milliún Spokes de chuid SFI, dar teideal Enable, a nascfaidh pobail le timpeallachtaí uirbeacha cliste ar fud Idirlíon na nEarraí. In éineacht léi tá an tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, agus an tOll. Siobhan Clarge, Stiúrthóir ENABLE.

An Phunann Dámhachtainí agus Dámhachtainí Nua a Faomhadh

Maoiníonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann punann clár éagsúil cothromaithe, a thugann tacaíocht do thaighdeoirí á dtreorú ar bhonn aonair (tríd an ngairmréim ar fad ó thaighdeoirí gairme luathchéime go dtí taighdeoirí lárchéime, go dtí réaltaí taighde éiritheacha agus ceannairí taighde gradamach bunaithe) agus do mheithleacha taighde a oibríonn ar bhonn comhoibríoch i Lárionaid Taighde SFI.

Bíonn comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta le cuideachtaí beaga agus móra, le carthanais, maoinitheoirí idirnáisiúnta agus náisiúnta ar nós Teagasc, Foras na Mara, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Bord Taighde Sláinte etc, i gceist i gcuid mhór de na cláir mhaoinithe ata ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Faomhadh 367 dámhachtain nua ar fud 28 gClár in 2017, agus luach €213 milliún leo. Rinneadh íocaíochtaí €173 milliún ar fad le comhlachtaí agus institiúidí taighde. Seo a leanas achoimre ar na cinntí dámhachtana cláir in 2017:

- Rinneadh 24 dhámhachtain faoin Dámhachtain Forbartha Gairme a thacaíonn le taighdeoirí luath- agus meánghairme le hinfheistíocht €13 mhilliún.
- Tacaíodh le 34 sárthaighdeoir sinsearach le hinfheistíocht €40 milliún trí Chlár Imscrúdaitheora SFI.
- Mhaoinigh Clár Bonneagair Taighde SFI dhá dhámhachtain trealaimh agus saoráidí arbh fhiú €10.5 milliún iad chun tacú le heochairthionscadail bhonneagair taighde in COC agus OÉG.
- Rinneadh ceithre dhámhachtain faoi chomhpháirtíocht chomhair nua BBSRC-SFI, agus infheistíocht €1.7 milliún i gceist.
- Rinneadh trí dhámhachtain faoin gClár Comhpháirtíochta Taighde Bithmhíochaine SFI-HRB-lontaobhas Wellcome, le hinfheistíocht €1.2 milliún.
- Bronnadh ceithre mhórdhámhachtain Chomhaltachta Taighde Ollscoile (URF) SFI-An Chumainn Ríoga ar thaighdeoirí luathghairme Éireannacha, le hinfheistíocht €1.7 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, arna riar ag an gCumann Ríoga.
- Tugadh 38 dhámhachtain arbh fhiú €3 mhilliún iad faoi Chlár Comhaltachta Tionsclaíochta SFI, chun taithí phearsanta oibre i dtimpeallacht taighde tionsclaíochta a thabhairt do thaighdeoirí.
- Maoiníodh 37 ndámhachtain faoi Chlár Dámhachtana SFI d'fhorbairt na Nuálaíochta sa Teicneolaíocht (TIDA), le hinfheistíocht €4.5 milliún.
- Dámhadh €6 mhilliún chun tacú le trí Dhámhachtain Chomhpháirtíochta Straitéisí leis an tionsclaíocht.
- Tugadh dhá dhámhachtain arbh fhiú €1 mhilliún iad faoi chlár forbartha an ERC chun cur le leibhéal ratha iarratasóirí bunaithe in Éirinn a chuireann isteach ar an ERC.
- Rinneadh 65 dhámhachtain mar chuid de Chlár Fionanchtana SFI arbh fhiú €5.3 milliún iad ar an iomlán, chun tacú le hoideachas agus rannpháirtíocht an phobail agus daoine óga in STEM.


Tugtar sonraí iomlána na ndámhachtainí ar fad mar aon leis na ceangaltais deontais de réir cláir sa roinn faoi Cheangaltais Deontais agus Anailís na nÍocaíochtaí, ó lch 75 ar aghaidh.

FAOMHADH 367
DÁMHACHTAIN NUA AR FUD 28 GCLÁR

AR FIÚ

€213 iad

Punann Dámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann



Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann anailís ar aschuir foilseacháin a punainne dámhachtainí de réir Leibhéal Réidhe Teicneolaíochta (LRT/TRL), le cur chuige intleacht shaorga, neamhspleách ar aicmiú daonna suibiachtúil (Boyack et al 2014 Journal of Informetrics 8 [1] lgh 1-12).

Léiríonn na figiúirí thíos gur mhéadaigh líon iarbhír na bhfoilseachán de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in TRL 1 sa tréimhse blianta (Fíor 1), ach gur laghdaigh (Fíor 2) comhréir na bhfoilseachán in TRL1 beagán, léiriú ar na téarmaí tagartha dlíthiúla níos leithne ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann an taighde feidhmeach a mhaoiníú (in 2013) agus ar a fócas breise ar an tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch.

Mhéadaigh líon na bhfoilseachán i leibhéal TRL 2-4 freisin (Fíor 1) agus mhéadaigh na comhréireanna i leibhéal TRL 3 agus 4 beagán (Fíor 2).

Leibhéal Réidhe Teicneolaíochta (TRL)

TRL 1 Na bunphrionsabail arna gcomhlíonadh


TRL 2 An coincheap teicneolaíochta arna fhoirmiú

TRL 3 Cruthúnas turgnamhach den choincheap

TRL 4 An teicneolaíocht arna bailíochtú sa tsaotharlann


Fíor 1

Foilseacháin arna maoiníú ag SFI:
Leibhéal Taighde: Líon foilseachán



Fíor 2

Foilseacháin arna Maoiníú ag SFI: Leibhéal
Taighde: Codán na bhfoilseachán ar fad



Tionscnaimh Bheartais

Inscne

Ó lainseáladh a Straitéis Inscne in 2015, bhog Fondúireacht Eolaíochta Éireann i dtreo tionscnaimh inscne a chuíchóiriú ar fud a cuid clár uile, agus móraidhm acu an mhíchothromaíocht inscne a cheartú i measc sealbhóirí a cuid dámhachtainí. In 2017, d'éirigh le Fondúireacht Eolaíochta Éireann ceann dá spriocanna Clár Oibre 2020 a bhaint amach, gur taighdeoirí baineanna iad 25% dá cuid sealbhóirí dámhachtana; athraíodh an sprioc go 30%.

Rinneadh dul chun cinn faoin tslí a gcuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann dreasachtaí ar fáil do chomhlachtaí taighde iarratais ó thaighdeoirí baineanna a chur isteach le haghaidh cláir éagsúla, agus fócas ar leith ar na cinn atá ailínithe le luathchéim gearme.

Léiríonn an anailís is déanaí in 2017 ar na sealbhóirí dámhachtana go bhfuil 28% díobh bainean, i gcomparáid le 25% in 2016 agus dá réir sin go bhfuiltear ag dul i dtreo an mhíchothroime inscne a cheartú.

Tá beartais bhainistíochta deontas á bhfeidhmiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcónaí chun tacú le riachtanais taighdeoirí baineanna le linn tréimhsí saoire máithreachais agus saoire uchtála, agus leanfar den nuáil. Comhlánóidh na beartais atá á bhforbairt agus na torthaí a bhaineann leo an tionscnamh Athena SWAN agus tacóidh siad leis. Tionscnamh é sin faoina gceanglóidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Bord Taighde Sláinte ar chomhlachtaí taighde an gradam institiúideach Athena SWAN cré-umha a bheith gnóite acu faoi dheireadh 2019 agus an gradam institiúideach Athena SWAN airgid a bheith gnóite faoi dheireadh 2023 chun a bheith i dteideal maoiniú taighde..

Gné eile de Straitéis Inscne Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, a áirithiú go dtugtar aghaidh ar an bpeirspictíocht inscne sa taighde a bhíonn á mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, nuair is ábhartha. Lainseáladh an cur chuige sin do chlár áirthe le linn 2017, ach ceanglófar ar iarratasóirí amach anseo ráiteas a chur ar fáil ina sonrú ar na hathrúga gnéis/inscne ina gcuid taighde, agus beidh treoir ar fáil ina leith sin d'iarratasóirí agus d'athbhreithneoirí araon.

Is comhpháirtí í Fondúireacht Eolaíochta Éireann i dtionscadal inscne ACT, tionscadal de chuid Fis 2020 an AE a bhfuil d'aidhm leis rochtain, comhroinnt agus eolas faoin gcomhionannas inscne a fheabhsú trí Phobail Chleachtais a chur chun cinn mar ghníomhairí chun

gníomhaíochtaí comhionannais inscne a cur chun feidhme i measc Eagraíochtaí Déanta Taighde agus Eagraíochtaí Maoinithe Taighde sa Limistéar Taighde Eorpach. Beidh comhtháthú ghné na hinscne san inneachar taighde agus sna próisis taighde faoi chaibidil sa tionscadal sin freisin. Mar Eagraíocht MHaoinithe Taighde in ACT, déanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann Pobal Cleachtais a bhunú agus a chomhordú i measc Eagraíochtaí Maoinithe Taighde ar fud na hEorpa.

CASE STUDY



An Clog Inmheánach

Tá Dr Annie Curtis, ceannaire an CurtisClock Lab i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (CRMÉ), agus a meitheal i mbun staidéir ar an gcóras imdhíonachta agus ar thionchar ár gcloig inmheánaigh nádúrtha ar athlasadh a spreagtar trí mhacrafaigaigh agus cealla deindriteacha.

Is é an clog inmheánach an mheicníocht uainíochta laistigh d'ár gcealla a chinntíonn go dtarlaíonn fiseolaíochtaí áirithe nó feidhmeanna ag an am ceart den lá - an rithim laethúil. D'fhéadfadh go mbeadh an-tionchar ag an obair sin ar ár dtuiscint ar ghalair athlastacha ainsealacha ar nós airtríteas, galar croí agus ailse. Tá impleachtaí ann freisin don tráth ar cheart cógais – vacsaínithe san áireamh – a dháileadh, ag féachaint leis an gcóireáil a ailíniú leis na hathruithe laethúla ar ár gcóras imdhíonachta.

Mhínigh Dr Curtis: “*Príomhsprioc í an athlastacht i gcóireáil na ngalar athlastach ainsealach. An aidhm atá againn, na meicníochtaí sin a thuiscint trína dtéann an clog inmheánach i bhfeidhm ar fheidhmeanna cealla imdhíonachta, cealla an chórais imdhíonachta dúchais go háirithe, ár gcéad líne chosanta i gcoinne damáiste agus athlasadh.*”

Chuir Dr Curtis tús lena cuid oibre ar thionchar an chloig inmheánaigh ar an gcóras imdhíonachta le linn a PhD leis an Oll. Garret FitzGerald, dámhachtaí Bonn Eolaíochta Lá le Pádraig SFI, in Ollscoil Pennsylvania. Tar éis di a céim a bhaint amach, chuir sí lena cuid taithí agus chaith sí tréimhsí ag obair i bpoist tionsclaíochta agus rialtais. D'fhill Dr Curtis ar an mbinse in 2011 i saotharlann an Oll. Luke O'Neill, imdhíoneolaí cáiliúil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus dámhadh Deontas Taighde Imscrúdaitheora Thosaigh (SIRG) SFI di, rud a chuidigh léi grúpa taighde neamhspleách dá cuid féin a bhunú.

Chuaigh sí isteach i Roinn na Teiripice Móilíní agus Ceallaí, CRMÉ, in 2016 mar léachtóir taighde StAR agus bainean sí leis an nGrúpa Athghiniúnaigh Innealtóireachta Fíochán (TERG) in CRMÉ freisin. Ghnóthaigh sí Comhaltacht ghradamach L'Oréal-UNESCO Do Mhná san Eolaíocht an bhliain dár gcionn agus is abhcóide diongbháilte í ar son mná i ngairmeacha STEM.

Sláine an Taighde

Tá sé rithábhachtach dar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann go mbeadh na caighdeáin is airde sláine taighde mar bhonn agus mar thaca ag gach gné den taighde a dtugann sí tacaíocht di. Formhuiníonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar an ábhar sin an Ráiteas Beartais Náisiúnta um Sláine Taighde in Éirinn a Áirithiú; is é sin go bhfuiltear ag súil go seasfaidh na hinstitiúidí ar fad agus sealbhóirí dámhachtaIní Fhondúireacht Eolaíochta Éireann leis an ráiteas beartais sin agus leis an gCód Iompair Eorpach um Sláine Taighde.

Thástáil Fondúireacht Eolaíochta Éireann próisis nuálacha i gcaitheamh 2017 a chuideoidh chun tacú le lucht taighde in Éirinn oibriú ina dea-chleachtas a leanúint ina gcuid oibre ionas gurb í Éire an áit is fearr chun taighde sármaith a dhéanamh a thugann buntáiste, is cuma anvacadóir uailmhianach, nó nuálaí nó fiontraí thú. Cuirfidh na próisis sin leis an luacháil agus an monatóireacht a dhéanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar cháilíocht agus tionchar féideartha an taighde a mhaoiníonn sí freisin.

Rinneadh treoir-athbhreithniú i mbliana ar shláine/ ar fhoinsí sonraí mar chuid de phróiseas athbhreithnithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i leith dul chun cinn clár, agus ceapadh sainchomhairleoir sláine taighde. Rinneadh iarrachtaí i gcomhar le lucht taighde chun ‘Nós Imeachta Comhaontaithe’ (AUP) a fhorbairt freisin.


Maidir leis an gcéad cheann, fághtar cuid de phróiseas athbhreithnithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i leith dul chun cinn faoi phainéal saineolaithe seachtrach ábhair chun foinsí tacair sonraí a scrúdú agus plé leis an meitheal faoi chúrsaí oiliúna, meantóireachta agus maoirsithe, na nósanna imeachta a úsáidtear chun sonraí á ghabháil, a anailísiú, a stóráil agus a choimeád.

Is cur chuige forleathan é an AUP ar féidir le hiniúcháir neamhspleách, arna cheapadh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, é a fheidhmiú; agus an aidhm atá leis, dearbhú a sholáthar don Fhondúireacht mar mhaoinitheoir, go bhfuil an t-airgead atá á infheistiú i STEM á leabú i ndea-chleachtas taighde, a chloíonn leis na treoirlínte do shláine an taighde agus don eitic. Na ceisteanna ar cuid den AUP sin iad, cuideoidh siad le Fondúireacht Eolaíochta Éireann na polasaithe agus na próisis atá i bhfeidhm a thuiscint maidir le sláine an taighde agus eitic an taighde agus a dtionchar siúd ar fud na hinstitiúide, ar scoileanna, lárionaid taighde agus meithleacha taighde áit a mbronnann Fondúireacht Eolaíochta Éireann a cuid dámhachtainí.

A luaithe a thugtar na próisis sin ar fad chun críche agus a chomhtháthaítear iad sa mhonatóireacht a dhéanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar a punann gníomhaíochtaí taighde, beidh an ghníomhaireacht in áit cheannasach ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an dea-chleachtas, ionracas agus in-atáirgeacht a chur chun cinn sa taighde, féachaint le hoiliúint na chéad ghlúine eile taighdeoirí agus céimithe a bheidh ag bogadh i dtreo na tionsclaíochta a fheabhsú agus a chinntiú ar deireadh thiar go mbeidh na caighdeáin is airde ionracais mar bhonn agus mar thaca ag gach gné den taighde.



I láthair ag ócáid do Thaighdeoirí Luathghairme SFI san Ostán Ballsbridge, Baile Átha Cliath.



Oideachas & Rannpháirtíocht Pobail

Is é misean an chlár oideachais agus rannpháirtíochta pobail, an eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM) a úsáid le scoth an oideachais agus na rannpháirtíochta pobail a chatalú, a inspreagadh agus a threorú. Ceann de chuspóirí straitéiseacha Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, faoi mar a thugtar in Clár Oibre 2020 iad, an pobal a bheith chomh rannpháirteach agus is féidir san eolaíocht ag us iad chomh heolach agus is féidir ar an eolaíocht freisin.

Reáchtálann Fondúireacht Eolaíochta Éireann trí chroighníomhaíocht faoina glár oideachais agus rannpháirtíochta pobail.

- 1. Clár Maoinithe Fionnachtana SFI**
- 2. Tacaíocht d'acmhainn rannpháirtíochta agus gníomhaíochta taighdeoirí**
- 3. Cláir a bhainistítear go díreach**

Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le punann 41 thionscadal in 2017 le hinfheistiúocht €4.4 milliún trí Chlár Fionnachtana SFI agus chuaigh siad i bhfeidhm ar bhreis agus 1.4 milliún duine ar fud na tíre.

Cuireadh oiliúint ar chomhaltaí Lárionad Taighde SFI freisin i gcaitheamh na bliana faoin gcumarsáid san eolaíocht agus faoin taighde rannpháirtíochta. Ar na cláir a bainistíodh go díreach bhí Fionnachtain na hEolaíochta Bunscoile agus Mata, Todhchaí Chliste agus Seachtain náisiúnta na hEolaíochta. Déanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann bainistiú freisin ar an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil (ESERO Éireann).

Chuidigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forbairt agus feidhmiú an Phlean Náisiúnta Feidhmiúcháin agus Beartais Oideachais STEM freisin in 2017; agus leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna.

Seachtain na hEolaíochta 2017

Bainistíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann Seachtain náisiúnta na hEolaíochta go díreach, agus tugann sí tacaíocht d'fhéilte réigiúnacha Sheachtain na hEolaíochta freisin trí Chlár Fionnachtana SFI. Tacaíodh le tionscadail in 2017 leis an ngníomhaíocht a chothú i réimsí ar bheagán rannpháirtíochta nach mbíonn mórán plé acu le STEM de ghnáth.

Lainseáladh dhá fheile eolaíochta réigiúnacha i gCeatharlach agus i dTiobraid Árann agus maoiníodh raidhse ócáidí nuálacha i mBaile Átha Cliath, 'The Science of Horror Movies' agus 'Irish Mental Health Legacies of the Great Famine' ina measc. Agus d'eagraigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann a céad lá oscailte do theaghlaigh san Ionad Comhdhála i mBaile Átha Cliath. D'éirigh le Seachtain na hEolaíochta dul fad le breis is 315,000 duine ar fud 1,150 ócáid.



Dara O'Briain i láthair ag an seó 'Scintillating Science' sa Cheoláras Náisiúnta, áit ar chíos sé scéalta eolaíochta le breis is 1,000 de lucht féachana mar chuid de Sheachtain náisiúnta na hEolaíochta 2017



Daltaí a bhí i láthair do lainséil Sheachtain na Teicneolaíochta 2017, féile arna maoiniú ag Fionnachtain SFI agus arna comhordú ag Cumann Ríomhaireachta na hÉireann, a fhéachann le scileanna agus gairmeacha teicneolaíochta a chur chun cinn.

Todhchaí Chliste – Na Príomhéachtaí

Is clár é Todhchaí Chliste ar toradh é ar chomhoibriú ón rialtas, ón tionsclaíocht agus ón oideachas agus a thugann eolas do dhaltaí iar-bhunscoile in Éirinn faoi ghairmeacha STEM. Fondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomhpháirt le clár STEPS de chuid Innealtóirí na hÉireann, a dhéanann an clár a chomhordú agus a bhainistiú; tacaíonn breis is 200 eagraíocht ó shaol na tionsclaíochta, an taighde agus ón saol acadúil leis. Chríochnaigh an clár a straitéis trí bliana tosaigh in 2016 agus lainséalfar an chéad chéim eile in 2018.

Sa suíomh gréasáin www.SmartFutures.ie tugtar acmhainní maidir le gairmeacha STEM, mar shampla, breis agus 170 próifíl gairme STEM, chun spéis a chothú in ábhair STEM in iar-bhunscoileanna agus sa tríú leibhéal.

- > **Os cionn 120,000 dalta iar-bhunscoile ag plé go díreach leis ó 2013 i leith**
- > **Earcaíodh agus oileadh breis is 1,600 rólchuspa STEM**
- > **Cuireadh acmhainní gairme STEM ar fáil do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí**
- > **I láthair ag na mórócáidí gairme, e.g. Higher Options, SciFest, TY EXPO etc.**
- > **Os cionn 6,000 uair an chloig curtha ar fáil go deonach ag lucht tionsclaíochta agus lucht acadúil**



Ag Fionnachtain Eolaíochta agus Mata Bunscoile

Tá clár DPSM ag tacú le múinteoirí agus le daltaí scoile le 15 bliana anuas agus iad ag plé leis an gcuraclam eolaíochta bunscoile. Cuid shuntasach den chlár an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí bunscoile. Bhí 120 scoil rannpháirteach sa chlár FGL in 2017; trí cheardlann dhá uair a chloig a bhí i gceist, a tionóladh sna scoileanna rannpháirteacha don fhoireann mhúinteoireachta ar fad. Is é an fócas, tacú le múineadh an churaclaim le cur chuige bunaithe ar an bhfiosrú do mhúineadh agus d'fhoghlaim na n-ábhar STEM. Anuas air sin, bhain 593 scoil Gradam Fionnachtana Eolaíochta agus Mata SFI, aitheantas ar a gcuid oibre le STEM i gcaitheamh na bliana.

CASE STUDY



Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta do bhreis tacaíochta a thabhairt do chraoltóirí na hÉireann le cláir faoi ábhair STEM.

Dhírigh an fócas ar thacú le cláir atá ábhartha do phobail mheáin ghinearálta agus a shroicheann pobal nach mbíodh plé acu le STEM go dtí seo.


Rinneadh comhaontú idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus RTÉ in 2015 agus b'é 'Big Week on the Farm' an chéad chlár (craoladh den chéad uair é in 2016) agus craoladh go laethúil é ar RTÉ1 in Aibreán 2017, nuair a bhí os cionn 1.5 milliún de lucht féachana ag an seó i gcaitheamh na seachtaine agus meánsiar 25.9% den phobal meáin aige gach oíche. Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann comh-mhaoiniú ar an léiriú i gcomhar le RTÉ agus Údarás Craolacháin na hÉireann agus bhí siad féin agus an mheitheal léiriúcháin ag obair as lámh a chéile chun scéalta taighde a shainathint a bhí le craoladh. D'éirigh leis an gclár dul fad le pobail tuaithe agus feirmeoireachta a mbíonn sé sách deacair caidreamh a chothú leo leis na gníomhaíochtaí teagmhála traidisiúnta.

Tharla scata aschur ag éirí as an gcomhaontú le linn Seachtain na hEolaíochta. D'aimsigh an clár faisnéise 'Will a robot Steal My Job?', le tacaíocht ó SFI, pobal meáin 250,000 agus bhí sciar 21% den phobal meáin aige. D'éirigh le Lárionad Taighde SFI CÚRAM scannán gearr 'Feats of Modest Valour', le tacaíocht ó SFI, a chraoladh freisin.

Tagraíodh do Sheachtain na hEolaíochta sna craoltaí aimsire laethúla ag 6pm agus 9pm agus craoladh coincheap nua 'Weather Live' ar RTÉ, 3 chlár phríomh-ama, uair an chloig sa seal, le linn Seachtain na hEolaíochta inar cíoradh taighde aimsire, athrú aeráide agus topaicí gaolmhara eile.

Rinne RTÉ suirbhé painéil ar thuairimí an phobail meáin le sampla 1,167 duine fásta (15+). Díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu, shíl 86% go raibh sé tábhachtach infheistiú sa taighde eolaíochta, agus dúirt 78% gur mhaith leo níos mó faoi chúrsaí STEM a fheiceáil ar RTÉ. Fuair na torthaí gur spéis le pobail mheáin RTÉ cláir faoi chúrsaí STEM.

Le linn do na tionscnaimh le RTÉ a bheith ar siúl d'fhoghlaim Fondúireacht Eolaíochta Éireann ceachtanna fiúntacha faoin gcaidreamh a chothú idir taighdeoirí agus lucht léiriúcháin. D'aithin Dee Forbes, Uasal, Ard-Stiúrthóir RTÉ, an cur chuige tras-mheáin i gcás Seachtain na hEolaíochta mar eiseamláir den tslí is féidir le RTÉ breis tairbhe a ghnóthú as téamaí móra 'seirbhíse poiblí' trí chomhoibriú breise le meithealacha difriúla. Leis an gcomhoibriú breise inmheánach in RTÉ ag éirí as an tionscnamh, éascaíodh deiseanna chun cur leis an bhfeasacht faoin tslí a bhfuil STEM mar bhonn agus mar thaca ag raon clár ó ghrúpaí agus ó ardáin choimisiúnaithe níos leithne in RTÉ.



Lárionaid Taighde SFI: Gníomhaíocht Oideachais & Pobail (EPE)

Na Taighdeoirí i mbun Plé

Tugann Fondúireacht Eolaíochta Éireann tacaíocht don phobal taighde ina gcuid rannpháirtíochta leis an bpobal. Tugadh Oideachas agus Rannpháirtíocht Phobail isteach sna Lárionaid Taighde SFI: mar eochairtháscaire feidhmíochta, agus cuireadh oiliúint ar fáil ionas go bhfuil taighdeoirí le maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis cur leis an bplé a dhéanann siad leis an oideachas agus leis an rannpháirtíocht phobail, agus 1,530 gníomhaíocht seachadta acu - méadú 60% ar 2016 agus méadú 163% ar an ngníomhaíocht in 2015. Bhí taighdeoirí páirteach in 2,500 agallamh meáin freisin.

Eochairfheidhm de chuid líonra ceannródaíoch na Lárionad Taighde SFI é an tOideachas agus Rannpháirtíocht Phobail

Oibríonn Lárionaid Taighde SFI chun tuiscint an phobail ar STEM a fheabhsú agus plé a bhunú le grúpaí tearcionadaíochta i gcomhlíonadh mhisean Fhondúireacht Eolaíochta Éireann: pobal a chothú a dhéanann an oiread plé agus is féidir leis an eolaíocht agus atá ar an eolas faoin eolaíocht. Ar na buaicphointí in 2017 bhí:

- Chuir Insight, Lárionad Taighde SFI don Anailísíocht Sonraí, tús leis an staidéar is mó riamh ar Scileanna Bunghluaiseachta (FBM), chun dul i ngleic le staid éigeandáia na heaspa gníomhaíochta coirp i measc ógánaigh na hÉireann. As sin a d'eascair an 'Moving Well - Being Well', an tionscadal den chineál sin is mó aon áit ar domhan. Measúnaíodh 3,000 leanbh in 2017. Tá na taighdeoirí i mbun idirghabháil a fhorbairt a ghlacfar sna scoileanna agus a bheidh á
- Rith Cliona O'Farrelly, Ollamh le hImdhíoneolaíocht Chomparáideach in CTBÁC, feachtas poiblí mar chuid dá taighde le maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, chun samplaí DNA a earcú ó na mná a fuarthas imdhíonach ar an ráig d'ionfhabhtú víreasach Heipitíteas C sna 1970idí. Bhain an feachtas leas as na meáin shóisialta, clúdaíodh go maith é sna meáin agus bhí rannpháirtíocht láidir ón bpobal leis. Bunaíodh 700 teagmháil agus d'fheil 331 díobh don rannpháirtíocht. Tá sé i gceist ag an meitheal cealla ae a bheidh frithsheasmhach ar HCV a fhorbairt óna gcuid gascheall fola atá frithsheasmhach ar HCV chun tuiscint iomlán a fháil ar mheicníocht na frithsheasmhachta.
- Chruthaigh Emmeline Hill, Ollamh le hEolaíocht Eachaí, COBÁC scannán gearr dar teideal BLOODLINE, le maoiniú ó SFI agus i gcomhar le léiritheoir sa RA, ar eascair comhoibriú as le Niobe Thompson, scannánóir clár faisnéise as Ceanada a bhfuil gradaim buaite aige. Tá fad scannáin sa chlár faisnéise a rinne sé a thugann an-léiriú ar obair Emmeline sa ghéineolaíocht chapall.
- Tá Lárionad Taighde SFI CÚRAM agus tionscadal comhpháirtíochta Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe, 'Science on Screen,' tar éis clár faisnéise a dhéanamh arna léiriú ag Invisible Thread Films faoi thaighde atá ar siúl in CÚRAM faoi láthair. Léiritear sa scannán mar a throideann an córas sláinte chun cóir leighis a chur ar othair diaibéitis, othair a bhfuil a líon ag méadú.
- Lainseáil Lárionad Taighde SFI I-PIC, Little Book of Photonics Careers - clár fiúntach, éifeachtach a chuidíonn le mic léinn agus lena dtuismitheoirí cinntí dearfa eolasacha a dhéanamh faoi chúrsaí oideachais agus ghairme.

Ráiteas Rialachais
agus Tuarascáil
na gComhaltaí
Boird, Struchtúr
Eagraíochtúil 2018
agus Fógraí Reachtúla

Ráiteas faoin Rialachas Corparáideach agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Tugtar feidhmeanna an Bhoird in Alt 7 den Acht, arna leasú. Tá an Bord cuntasach don Aire Gnó, Fiontraíochta & Nuálaíochta (“an tAire”) agus freagrach as dea-rialachas a áirithiú, tasc a chomhlíonann sé trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomh-shaincheisteanna gnó ar fad. Faoi Alt 7(4) den Acht, ceanglaítear ar an mBord déanamh de réir aon treoracha ginearálta den chineál sin arna dtabhairt ag an Aire, a bhaineann le beartas i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Is iad an tArd-Stiúrthóir agus an mheitheal ardbhainistíochta atá freagrach as gnáthbhainistíocht, rialú agus stiúradh SFI ó lá go lá. Is é an Bord freisin a chuireann bunéirim eiticéil na Fondúireachta i láthair trína chuid gníomhartha féin agus trí mhaoirseacht a dhéanamh ar an ardbhainistíocht agus ar an bhfoireann lena áirithiú go mbeidh luachanna SFI, a chuid dea-chaighdeán rialachais agus iompraíochtaí eiticéil ag leathadh ar fud gach leibhéal den Fhondúireacht. Leanann an tArd-Stiúrthóir agus an mheitheal ardbhainistíochta an treo straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an mBord, agus caithfidh siad a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird ar fad ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar chinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dócha go dtarlódh. Feidhmíonn an tArd-Stiúrthóir mar idirchaidreamh díreach idir Bord agus bainistíocht SFI.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann Na Comhaltaí Boird

Anne Riordan, Uasal, Cathaoirleach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Comhalta boird í Ann Riordan a bhfuil an-taithí aici agus bhí poist shinsearacha aici san earnáil TCF. Bhunaigh sí Microsoft Ireland in 1990 agus bhí ról lárnach aici i mbunú an tionscnaimh Fastrack to IT (FIT), tionscnamh faoinar cuireadh oiliúint ar bhreis is 18,000 duine, go dtí seo, a bhí dífhostaithe ar feadh i bhfad. Bhí sí ar Choiste Stiúrtha na Socháí Faisnéise agus ar Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíochta & Nuáil. Ó chuaigh sí ar scor as Microsoft, d’fheidhmigh sí mar Uachtarán Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn; mar Chathaoirleach an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann; mar Chathaoirleach Thurasóireacht Éireann Teoranta; mar Chathaoirleach Údarás Réigiúnach Turasóireachta Bhaile

Átha Cliath agus mar stiúrthóir leasa phoiblí ar an gCumann Oideach Foirgníochta. Bhí sí ina stiúrthóir ar Shaotharlann Meán Eorpach MIT agus ina comhalta Boird comhairleach de Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit, COBÁC. Is í Cathaoirleach Bhord Comhairleach Asia Matters í faoi láthair.

An tOll. Mark W.J. Ferguson, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta Rialtas na hÉireann

Chuaigh an tOllamh Ferguson i mbun dualgais mar Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in Eanáir 2012 agus mar Phríomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann i nDeireadh Fómhair 2012. Ceapadh ina Ollamh le hEolaíochtaí Bitheacha é roimhe sin in Ollscoil Mhanchain, agus bhí sé ina chomhbhunaitheoir agus ina POF ar Renovo Group Plc. Is iomaí duais taighde agus dámhachtain a bronnadh air, an Duais Eolaíochta Eorpach (é ina chomhbhunaiteoir) ina measc; is údar 329 páipéar agus caibidlí leabhair é, 61 tacar paitinní, is údar/eagarthóir ocht leabhar é, rinne sé maoirseacht ar 77 mac léinn PhD agus dámhadh deontais iomaíochta taighde air ar fiú breis agus €70 milliún iad mar aon le maoiniú cothromais cuideachta nuathionscanta arbh fhiú thart ar €100 milliún é.

Bhain an tOll. Ferguson céimeanna in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (BDS 1ú onóracha), Anatamaíocht agus Sutteolaíocht (BSc, 1ú onóracha, PhD) agus sna hEolaíochtaí Míochaine (DMedSc), agus tá Comhaltachtaí aige ó Choláistí Ríoga na Máinleá in Éirinn (FFD), agus i nDún Éideann (FDS) agus is Comhalta Bunaidh é d’Acadamh na nEolaíochtaí Míochaine (FMedSci) sa RA é. Is ball nó Comhalta é de roinnt Cumann léannta agus d’fhógair Banríon Shasana é ina “Commander of the British Empire” (CBE) in 1990 as a chuid seirbhísí don tSláinte agus d’Eolaíochtaí na Beatha.

Máire Geoghegan-Quinn, Uasal Iar-Choimisinéir Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta AE. Ceapadh ina Comhalta Boird SFI í in Aibreán 2018

D'fheidhmigh Máire Geoghegan-Quinn mar Choimisinéir Eorpach Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ó 2010-2014. Mar Choimisinéir bhunaigh sí an tionscnamh 'Innovation Union'; chuir sí an Limistéar Taighde Eorpach chun cinn; agus sheachaid sí an creatchlár taighde ba mhó riamh, Fís 2020, le méadú buiséid 30% (€80 milliún ar fad do thaighde agus nuálaíocht). Bhí freagracht pholaitiúil uirthi as dhá ard-stiúrtóireacht – an Ard-Stiúrtóireacht Taighde agus Nuálaíochta agus an Chomhairle Comh-Thaighde.

Roimhe sin bhí Máire ina TD le Fianna Fáil i ndáilcheantar Ghailimh Thiar (1975-1997); agus bhí poist éagsúla Aireachta aici, ina measc Aire na Gaeltachta (1979-1981), an chéad Aire Rialtais bainneann ó bunaíodh Stát na hÉireann; Aire Gnóthaí Eorpacha (1987-1991), agus Aire Dlí agus Cirt (1993-1994). Tá Céim Dhochtúra Dlí aici ó OÉG, céim Dhochtúra Eolaíochta ó COBÁC (honoris causa sa dá chás), mar aon le Légion d'Honneur agus gradaim eile. Is Comhalta í de Lónra Alumni an Ionaid Comh-Thaighde (JRC) Eorpaigh agus is Comhalta Onórach í de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann.

An tOll. Sir Tom Blundell, Stiúrtóir Taighde agus Ollamh Emeritus le Bithcheimic, Ollscoil Cambridge

Tá Sir Tom Blundell ina Stiúrtóir Taighde agus ina Ollamh Emeritus le Bithcheimic, Ollscoil Cambridge. Bhí poist teagaisc agus taighde aige roimhe seo in Ollscoileanna Londan, Sussex agus Oxford agus treoraíonn sé meitheal thaighde ghníomhach sa bhith-eolaíocht struchtúrtha agus sa ríomh-bhith-eolaíocht. Tá sé ar dhuine de bhunaitheoirí Astex Therapeutics, agus bhí sé ina chomhalta Boird nó ar Bhoird Chomhairleacha Eolaíochta roinnt cuideachtaí cógaisíochta agus biteicneolaíochta lena n-áirítear SKB, Celltech agus UCB. Bhí róil ghradamacha ag Tom i gcomhlachtaí poiblí, ar Choimisiúin Ríoga agus i gCarthanais agus bhí sé ina chomhalta de ghrúpa comhairleach Phríomh-Aire RA. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach bunaidh agus ina Chathaoirleach ar Chomhairle Taighde Biteicneolaíochta agus Eolaíochtaí Bitheacha RA. Fógraíodh ina ridire é in 1997 agus is comhalta d'acadaimh éagsúla é. Is iomaí dámhachtain, duais, bonn agus gradam idirnáisiúnta a bronnadh air as a chuid obair taighde, agus tá Dochtúireachtaí Oinigh aige ó 16 ollscoil. Ar na gradaim a fuair sé in 2017 tá an Duais Ewald agus gradam idirnáisiúnta Shizhang Bei as a bhfuil déanta aige ar son na Bithfhisice.

An tOll. Liam Madden, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Innealtóireachta, Xilinx

Treoraíonn Liam Madden eagraíocht dhomhanda gairmithe T&F, meithleacha i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh san áireamh. Tá breis is 30 bliain caite ag an Uas. Madden i dtionscal leathsheoltóirí na SA, áit ar chuir sé le réimse táirgí agus teicneolaíochtaí ceannródaíoch tionsclaíochta. Tá sé bunaithe in Silicon Valley, agus d'oibrigh sé le cuideachtaí seanbhunaithe agus le cuideachtaí nuathionscanta, agus bhí ról ceannasach aige in IPO rathúil. Labhraíonn an tUas. Madden go rialta ag

ócáidí ollscoile agus tionsclaíochta ar fud an domhain. Tá cúig phaitinn aige i dteicneolaíocht na leathsheoltóirí. Is Comhalta d'Innealtóirí Éireann é agus ceapadh ina Ollamh Cúnta le hInnealtóireacht Leictreach, Leictreonach agus Chumarsáide é in COBÁC in 2013.

Bernie Cullinan, Uasal, POF Pragma Advisory

Is í Bernie Cullinan POF Pragma Advisory, cuideachta a chuireann réitigh chomhairleacha straitéiseacha agus oibriúcháin ar fáil do chuideachtaí i réimsí éagsúla d'earnáil FBM. Tá Bernie ina stiúrtóir freisin ar Crest Solutions Limited, Crest Solutions (T.S) UK Limited, PrintInspector Limited agus Pharmaceutical Training Academy Limited. Bhí poist leibhéal C aici cheana i gcuideachtaí teicneolaíochta in Éirinn agus tá sí gníomhach san earnáil sin i gcónaí. Bhí mór-ról aici ag cur dlúis faoi chúrsaí fáis agus luacha do scairshealbhóirí sna SA, sa RA agus in Éirinn; bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Chumann Bogearraí na hÉireann. Tá BComm ag Bernie ó COBÁC, MBA ó COBÁC agus is Comhalta í d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (CIMA). Bhíodh Bernie ina hUachtarán ar CIMA agus is comhalta í d'Iontaobhas Oideachais OCBÁC.

Mary Doyle, Uasal, Iar-Leas-Ard-Rúnaí, An Roinn Oideachais agus Scileanna

Tá Mary Doyle ar Bhord SFI mar ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna. Chuaigh Mary i mbun oibre ina ról sa Roinn Oideachais agus Scileanna i Meitheamh 2012, agus bhí sí i gceannas ar Rannóg Ardoideachais na Roinne. D'oibrigh sí i Roinn an Taoisigh agus sa Roinn Sláinte, agus bhí sí ina hArd-Stiúrtóir in Oifig/ i Roinn an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Bhí sí ina comhalta den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus den Bhord Náisiúnta Staidrimh agus ina Comhalta Fóraim den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tá céim sa Léann Eorpach aici ó Ollscoil Luimnigh agus Céim Mháistir i mBainistíocht na Seirbhíse Poiblí aici ó Choláiste na Tríonóide/ ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann.

Geraldine Ruane, Uasal, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Tá taithí mhaith ag Geraldine Ruane mar chomhalta boird ó bheith ag feidhmiú ar bhoird in earnálacha na Cogaisíochta, TFC, san earnáil Rialtais agus san earnáil Sheachbhrabúsach. Mar cheannaire díríonn sí ar an bhfeidhmíocht agus bhí poist POF, POO, agus POA aici i móreagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, áit a ndearna sí an claochlú agus an t athrú a stiúradh. Mar Chomhalta de na Cuntasóirí Deimhniú Poiblí agus mar Stiúrthóir Cairte cáilithe oile, tá domhaineolas feidhmeach ag Geraldine ar an rialachas corparáideach, ar an mbainistíocht riosca, ar an gcomhlíontacht agus ar athruithe rialála. Is í Geraldine an Príomhoifigeach Oibriúcháin i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhain sí leas as cumhacht na teicneolaíochta, na tráchtála, na nuála, na ríomhthráchtála agus na bainistíochta daoine agus chlaolaigh sí bonnagar Choláiste na Tríonóide ina sheirbhís ardfheidhmíochta don 21ú haois a dhíríonn ar an gcustaiméir, agus ina eagraíocht le fócas tráchtála.

An tUas. Aidan W. Donnelly SB Advest Management Ltd

Is é Aidan Donnelly SB Advest Management Ltd., cuideachta bhainistíochta cistí cothromais phríobháidigh. Ina theannta sin, is é Cathaoirleach NORA é, gníomhaireacht rialtas na hÉireann atá freagrach as Cúltaí Náisiúnta Ola na hÉireann, agus tá leasanna aige i gcuideachtaí nuathionscanta sna hearnálacha in-athnuaite agus comhshaoil. Tá taithí fhairsing ag Aidan ar fhorbairt agus bainistíocht ilnáisiúntach in Éirinn a dhíríonn ar an teicneolaíocht, amhail Xerox (Europe) Ltd, Quantum Peripheral Products Ltd, Puritan Bennett, Cabletron Systems, Betdaq (Global Betting Exchange Ltd) agus, le deireanas, ServeCentric Ltd. Bhí Aidan in arm na hÉireann ar feadh breis is 12 bhliain, agus é ina Chaptaen sa Chór Ordanáis. Bhain sé céim M.B.A. (OÉG), M.I.E. (COBÁC) agus B.Sc. (OÉG) agus is Stiúrthóir Cairte (C.Dir.) é le hInstitiúid na Stiúrthóirí.

An tUas. Barry O'Sullivan Comhairleoir Sinsearach, Permira LLC

Is Comhairleoir Sinsearach é Barry O'Sullivan in Permira LLC, gnólacht infheistíochta domhanda. Ina theannta sin, is é bunaitheoir Altocloud é, cuideachta bogearraí intleachta saorga arb é a misean rannpháirtíocht custaiméirí a fheabhsú. Roimh Altcloud, bhí Bbarry ina LUS le Cisco Systems agus chaith sé seal ina Bhainisteoir Ginearálta ar ranna arbh fhiú na billiúin dollar iad, lena n-áirítear Comhoibriú agus Voice over IP, a rinne sé a threorú ó ionad sciar mhargaidh 6 go dtí ionad 1 ar bhonn domhanda. Is in Silicon Valley a bhí Barry don chuid is mó dá ghairmréim agus chuaigh sé le Cisco in 2002; roimhe sin bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta ar ghnó bogearraí na lárionad teagmhála Nortel.

Tá sé ar chomhbhunaitheoirí Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann agus tá Céim Bhaitisiléir san Innealtóireacht Leictreach aige ó COC agus Céim Mháistir sa Ríomheolaíocht aige ó Ollscoil Luimnigh, mar aon le Céim Mháistir sa Riarachán Gnó ó Ollscoil Santa Clara, California.

Dr Pat Duane, Leas-Uachtarán & Bainisteoir Ginearálta ar an Idirghabháil in Creganna Medical, cuid de TF Connectivity

Is príomh-shaineolaí é Pat i dtionscal na bhfeistí leighis agus tá sé ag obair san earnáil sin le breis is 26 bliain. Tá Pat ina Bhainisteoir Ginearálta ar ghnó Idirghabhála TF Medical, ceannaire domhanda i ndearadh agus soláthar córas seachadta íosionrach. Sular thosaigh sé ina ról mar LU & BG ar an Idirghabháil in Creganna Medical, bhí Pat ina LU ar an bhForbairt Chorporáideach agus ina dhiaidh sin ina LU ar Oibríochtaí Domhanda. Lena linn sin, threoraigh Pat comhtháthú Creganna Medical le TF Connectivity i ndiaidh na héadála in 2016. Sular oibrigh sé le Creganna Medical, chaith Pat 12 bhliain le Medtronic agus naoi mbliana le CR Bard áit a raibh ról éagsúla ardbhainistíochta aige, san fhorbairt ghnó agus T&F. Tá Pat paiseanta faoin nuáil agus is aireagóir ainmnithe é ar bhreis agus 12 phaitinn a eisíodh ar bhonn idirnáisiúnta.

Tá Dochtúireacht sa Ghnó ag Pat ón Henley Management College, Londain agus is é a réimse spéise, comhtháthú iar-éadála fiontar beag nó meánmhéide ina gcorparáidí ilnáisiúnta. Tá Céim Mháistir ag Pat sa Dearthadh Innealtóireachta ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus B.Sc. san Fhísic Fheidhmeach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

An tUas. Dermot Mulligan, Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá Dermot Mulligan ina Ard-Rúnaí Cúnta agus ina cheann ar an Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta den Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tuairiscíonn sé d'Ard-Rúnaí na Roinne agus don Aire agus áirítear ina chuid réimsí freagrachta ceapadh agus cur chun feidhme bheartas Nuálaíochta an Rialtais (lena n-áirítear Eolaíocht, Teicneolaíocht, Taighde agus Forbairt), Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus Trádáil Thuaidh/Theas. D'oibrigh sé roimhe seo i Ranna Rialtais éagsúla, lena n-áirítear an Roinn Sláinte, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá bunchéim aige sa Dlí agus M.Sc (Eacnamaíocht) sa Staidéar Beartais ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus MBA ó Ollscoil Warwick.

Dr Rita Colwell, Ollamh in Ollscoil Maryland in College Park agus i Scoil Bloomberg na Sláinte Poiblí in Ollscoil Johns Hopkins. Ar scor ó Bhord SFI, Mí na Nollag 2017.

Scoir Dr Rita Colwell de Bhord SFI in 2017. Is Ollamh í in Ollscoil Maryland in College Park agus i Scoil Bloomberg na Sláinte Poiblí in Ollscoil Johns Hopkins, agus is í Cathaoirleach CosmosID Bioinformatics Inc í. Bhí Dr Colwell ina 11ú Stiúrthóir ar Fhoras Náisiúnta Eolaíochta (NSF) na Stát Aontaithe ó 1998-2004. Ina cáil mar Stiúrthóir ar an NSF, i measc tionscnaimh eile, d'fhairsingigh sí raon clár an NSF, ina measc an cibear-bhonnagar agus idirghníomhaíocht speisialta san oideachas eolaíochta agus matamaitice, an t oideachas eolaíochta agus innealtóireachta iarchéime agus rannpháirtíocht bhreise na mban agus na mionlach san eolaíocht agus san innealtóireacht.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar síos obair agus freagrachtaí an Bhoird i Lámhleabhar an Bhoird, áit a dtugtar freisin na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach lena gcinneadh ag an mBord Ar na míreanna seasta le breithniú ag an mBord tá:

- > Dearbhú leasanna
- > Tuairiscí ó Choistí an Bhoird, lena n-áirítear scaipeadh na miontuairiscí
- > Tuairiscí Airgeadais /cuntais bhainistíochta Tuairiscí feidhmíochta
- > Clár na rioscaí agus
- > Ábhair á bhforchoimeád ag an mBord

Ceanglaítear ar an mBord, le hAlt 24 den Acht, i cibé foirm a cheanglóidh an tAire le toiliú an Aire Chaitheachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád ar aon airgead a gheobhaidh sé agus ar chaitechas an airgid sin arna thabhtú aige.

Agus na ráitis airgeadais sin á ullmhú aige, ceanglaítear ar Bhord na Fondúreachta:

- > Beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- > Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- > Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh murar neamhchuí glacadh leis go leanfaidh sé i mbun oibre, agus
- > A lua cibé ar leanadh caighdeáin iomchuí chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a léirítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a léireoidh, go réasúnta cruinn, a staid airgeadais tráth ar bith agus a chuirfidh ar a chumas a áirithiú go mbeidh na ráitis airgeadais i gcomhréir le hAlt 24 den Acht. Is é an Bord atá freagrach as ionracas agus cothabháil na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Fondúreachta.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad a fhaomhadh. Rinneadh luacháil ar fheidhmíocht na Fondúreachta, faoi threoir an phlean bhliantúil agus an bhuiséid, ag cruinniú Mhí na Nollag 2017 den Bhord.

Rinne an Bord measúnú, trí bhíthin an Choiste Iniúchóireachta & Riosca, ar na príomhrioscaí don chomhlacht Stáit lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair is cuí mar aon leis na bearta nó na straitéisí maolaithe ábhartha.

Cloíonn an Fhondúireacht le gnéithe ábhartha an Chóid Caitheachais Phoiblí. Tá freagracht ar an mBord freisin as a chuid sócmhainní a chosaint, agus ar an dóigh sin as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Is dóigh leis an mBord go dtugann ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann léiriú cruinn cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Fondúreachta an 31 Nollaig 2017.

Mar a Oibríonn an Bord

Is í an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord agus a áirithíonn a éifeachtúlacht. Eagraíonn an Cathaoirleach gnó an Bhoird freisin agus socraíonn sí a chlár oibre, le hionchur ón Ard-Stiúrthóir. Cheadaigh an Bord sceideal ábhar a bheidh le forchoimeád lena gcinneadh aige féin agus ag a chuid Coistí arna n-údarú go cuí. Ar na hábhair a fhorchoimeádtar ag an mBord tá, faomhadh pleananna straitéiseacha, faomhadh pleananna bliantúla agus buiséad bliantúil, faomhadh deontas de bhreis ar thairseacha airgeadais sonraithe, faomhadh tuarascálacha bliantúla agus ráiteas airgeadais. Ar na hábhair a dhéanann an Bord a tharmligean chuig an mbainistíocht tá feidhmiú straitéis an Bhoird arna faomhadh, bainistíocht agus oibriú an ghnó ó lá go lá agus feidhmiú na bpróiseas agus na mbeartas bainistíochta riosca.

Struchtúr an Bhoird agus Coistí an Bhoird

Is é a bhíonn i mBord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Cathaoirleach, Leaschathaoirleach agus deichniúr ar gnáthchomahltaí iad, arna gceapadh ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Tá an scil agus an saineolas riachtanach agus comhlántach ag na Comhaltaí Boird neamhspleácha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, nach feidhmeannaigh iad chun straitéis agus beartais ghinearálta a shocrú don Fhondúireacht agus a hoibriú a mhaoirsiú.

Scoireann beirt chomhalta Boird, seachas an Cathaoirleach agus an tArd-Stiúrthóir, dá n-oifig gach bliain, mar atá leagtha amach in alt 9 d'Acht 2003. Tugann an tábla thíos na comhaltaí Boird arna gceapadh in 2017.

Ainm an Stiúrthóra	Dáta Ceapacháin	
Anne Riordan, Uasal	05/12/2013	
Bernie Cullinan, Uasal (Leaschathaoirleach)	07/12/2009	athcheapadh í 24/07/2015
An tOll. Sir Tom Blundell	19/11/2014	
Dr Rita Colwell,	31/03/2008	athcheapadh í 25/07/2011 agus 23/08/2016. Ar scor 31/12/2017
An tUas. Aidan Donnelly	05/12/2013	athcheapadh é 08/06/2017
Mary Doyle, Uasal,	05/12/2012	athcheapadh í 23/08/2016
Dr Pat Duane	29/09/2010	athcheapadh é 24/07/2015
An tOll. Mark Ferguson (AS)	16/01/2012	athcheapadh é 16/01/2017
An tOll. Liam Madden	01/02/2013	athcheapadh é 08/06/2017
An tUas. Barry O'Sullivan	19/11/2014	
Geraldine Ruane, Uasal,	05/12/2013	
An tUas. Dermot Mulligan	02/09/2015	

D'athbhreithnigh an Bord a fheidhmíocht do 2017 i bhFeabhra 2018, nuair a cuireadh tuairisc faoina bhráid ar ghníomhaíochtaí 2017, lena áiríodh athbhreithniú ar Choistí an Bhoird agus seisiún athbhreithnithe le héascaitheoir seachtrach. Bhunaigh an Bord na Coistí seo a leanas:

An Coiste Iniúcháireachta & Riosca

Is é ról an Choiste Iniúcháireachta & Riosca (CIR/ARC), tacú leis an mBord i dtaca lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialúcháin agus rialachais agus aon dearbhú ábhartha. Tá CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus déanann sé monatóireacht ar chóras na rialuithe inmheánacha agus cosaintí airgeadais, maoirsíonn sé an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí agus mar a dhéantar iniúcháireacht ar na deontais a thugann Fondúireacht Eolaíochta Éireann d'institiúidí seachtracha.

Áiríthíonn an Coiste go mbeidh córas i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus chun foráil do ghníomhartha maolaitheacha agus go gcoinnítear

cothrom le dáta é. Déanann an Coiste monatóireacht ar thuairiscí airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann freisin agus athbhreithniú orthu ar bhonn rialta, lena n-áirítear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá an Coiste freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna nuashonrú, Meán Fomhair 2016. Tuairiscíonn CIR don Bhard i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair san bhliain.

Is iad baill an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca: Bernie Cullinan (Cathaoirleach), Aidan Donnelly, Geraldine Ruane, Marcus Breathnach agus Brendan Harte. (Ní comhaltaí Boird iad an tUas. Breathnach ná an tUas. Harte). Bhí ocht gcuinniú den CIR ann in 2017.

Gníomhaíochtaí 2017

Mhéadaigh ballraíocht Choiste Iniúcháireachta & Riosca Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcaitheamh 2017 ó cheithre bhall go cúig bhall, nuair a ceapadh an tUas. Brendan Harte ina bhall den Choiste, 11 Nollaig 2017.

I measc na mball tá ionadaí ón Roinn Gnó, Fiontar & Nuálaíochta; is cuntasóirí cáilithe iad triúr de na baill agus tá taithí agus oiliúint shuntasach ag duine de na baill ar réimse na bainistíochta riosca. Freastalaíonn an tArd-Stiúrthóir, an Príomhoifigeach Oibríochtaí, an Bainisteoir Airgeadais & Deontas agus an Príomhbhainisteoir Riosca

(atá Ina Rúnaí ar an gCoiste freisin) ar chruinnithe den Choiste Iniúcháireachta & Riosca. I dtús gach cruinnithe, tagann an Coiste Iniúcháireachta & Riosca le chéile gan na baill ón meitheal bhainistíochta ná an Comhordaitheoir Iniúcháireachta Inmheánaí i láthair. De bhreis air sin, eagraíonn an Coiste seisiún "in camera" leis an gComhordaitheoir Iniúcháireachta Inmheánaí i ndeireadh gach cruinnithe. Ag gach cruinniú den CIR, faigheann an Coiste tuairisc chun dáta ón gComhordaitheoir

Iniúchóireachta Inmheánaí, lena n-áirítear cóip d'aon tuairiscí iniúchóireachta a rinneadh lena n-athbhreithniú.

D'fhreastail ionadaí ó Oifig an ARC&C cruinniú Mhí na Nollag den Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus thionóil baill an Choiste Iniúchóireachta & Riosca seisiún le hionadaí an ARC&C gan an mheitheal bhainistíochta i láthair, rud a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. D'athbhreithnigh an Coiste Clár Rioscaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar mhír sheasta ag gach cruinniú, aon tuairiscí chun dáta san áireamh. Mar mhír sheasta, tugadh tuairiscí chun dáta rialta faoi chúrsaí airgeadais don Choiste trí Chuntais Bhainistíochta Mhíosúla agus Tuairiscí Caiteachais Deontas a chur ar fáil. Faomhadh Téarmaí Tagartha athbhreithnithe don Choiste Iniúchóireachta & Riosca i Meitheamh 2017.

Faigheann Coiste Iniúchóireachta & Riosca Fhondúireacht Eolaíochta Éireann tuairiscí, agus déanann sé monatóireacht, ar eachtraí ábhartha don Fhondúireacht i dtaca le sláine taighde agus mí-iompar eolaíochta de. D'aontaigh an Coiste Iniúchóireachta & Riosca sainchomhairleoir idirnáisiúnta a cheapadh chun cuidiú le Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus leis an gcoiste monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí agus aon tacaíocht eile a thabhairt do thionscnaimh sa réimse sin.

An Coiste Comhairleach um Ainmniúcháin chuig an mBord

Féachann an Coiste Comhairleach um Ainmniúcháin chuig an mBord leis na tacair scileanna agus na réimsí ábhartha saineolais a mheas atá de dhíth ar an mBord, agus cuireann comhairle dá réir ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nuair a bhíonn folúntais le líonadh ar an mBord. Athraíodh Téarmaí Tagartha an Choiste i bhFeabhra 2017 nuair a ghlac an Coiste freagracht as athbhreithniú na gcód iompair agus as maoirseacht ar an bpróiseas ionduchtúcháin chuig an mBord. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad baill an Choiste: Ann Riordan (Cathaoirleach), Mark Ferguson agus Dermot Mulligan. Aon chruinniú amháin den Choiste a bhí ann in 2017.

D'athbhreithnigh an Coiste Comhairleach um Ainmniúcháin chuig an mBord, in 2017, na scoir as sin go ceann 24 mí agus níos faide anonn. Athbhreithníodh an mhaitrís scileanna ina dtugtar na príomhscileanna agus próifílí atá de dhíth ar an mBord i gcomhthéacs na scor ar feitheamh agus aon bhearnaí in inniúlachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá mbarr.

Rinneadh moltaí don Aire maidir le sealaíocht chomhaltáí Boird, agus aird chuig á tabhairt ar na buntáistí don Bhord ag éirí as an leanúnachas agus as seantaithe a chur chun tairbhe, mar aon le buntáistí na hilchineálachta, ilchineálacht inscne san áireamh. Chuir an Coiste san áireamh forálacha cuí an Chóid Cleachtais nua um Rialachas Comhlachtaí Stáit, na forálacha faoi athnuachan ceapachán Boird san áireamh. D'athbhreithnigh an Coiste ballraíocht na gCoistí Boird freisin. Rinne an Bord na Téarmaí Tagartha a athbhreithniú agus a nuashonrú i Meitheamh 2017.

An Coiste um Fhorbairt Bainisteoireachta agus Luach Saothair

Athbhreithníonn an Coiste um Fhorbairt Bainisteoireachta agus Luach Saothair feidhmíocht na meithle ardbhainistíochta agus déanann sé maoirseacht ar an bpleanáil don forbairt bainisteoireachta agus don chomharbas. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is iad baill an Choiste: Ann Riordan (Cathaoirleach), Bernie Cullinan agus Aidan Donnelly. Bhí cruinniú amháin den Choiste ann in 2017.

D'athbhreithnigh an Coiste an próiseas bliantúil i gcoitinne do bhreithmheas feidhmíochta na mball foirne, lena n-áirítear oiliúint a tugadh don fhoireann faoin bpróiseas. Rinneadh an próiseas a athbhreithniú in 2016 agus cuireadh athruithe áirithe chun feidhme in 2017. D'athbhreithnigh an Coiste feidhmíocht na meithle ardbhainistíochta agus an Ard-Stiúrthóra, agus d'aontaigh an Coiste ar na cuspóirí don Ard-Stiúrthóir.

An Coiste um Cheadú Deontas

Tarmligtear chuig an gCoiste SFI um Cheadú Deontas an chumhacht tograí deontais taighde a cheadú de réir na leibhéal údaráis tharmligthe atá ceadaithe ag an mBord. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

B'iad baill an Choiste in 2017: Liam Madden (Cathaoirleach), Pat Duane, Tom Blundell, Barry O'Sullivan, Rita Colwell, Mark Ferguson agus Martin Lyes. Ní comhalta Boird SFI é Dr Lyes. Bhí sé chruinniú den Choiste ann in 2017.

Cuireadh liosta dámhachtainí, arna gceadú ag an gCoiste um Cheadú Deontas in 2017, chuig an mBord mar eolas i bhFeabhra 2017. D'aontaigh an Coiste am seasta do chruinnithe CCD/GAC a bhunú a bheadh ag teacht le dátaí na gcruinnithe Boird. Eagraítear comhráite gutháin i gcaitheamh na bliana de bhreis ar na cruinnithe sin, más gá. Chuir an Coiste tús freisin le hathbhreithniú ar a

éifeachtúlacht in 2017, tar éis dó téarmaí tagartha a aontú don athbhreithniú. San áireamh san athbhreithniú bhí ceistneoir le comhlánú ag bail an Choiste agus bail foirne ábhartha eile.

An Coiste Comhairleach Straitéise

Bhunaigh an Bord Coiste Comhairleach Straitéise i Meitheamh 2017 chun an t-athbhreithniú ar Straitéis SFI, Fís 2020 (a glacadh in 2012) a threorú agus a athnuachan, go háirithe i gcomhthéacs straitéis chúig bliana an Rialtais i leith taighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht, Nuálaíocht 2020 (a glacadh Mí na Nollag 2015) agus dúshlán de dheasca Brexit. Thionóil an Coiste cruinniú amháin chun doiciméad athnuachana straitéise a athbhreithniú, agus d'fhaomh an Bord é Meán Fómhair 2017. Díscaoileadh an Coiste, Mí na Nollag 2017. Ballraíocht: Ann Riordan (Cathaoirleach), Liam Madden, Barry O'Sullivan, Mark Ferguson, Dermot Mulligan, Tom Blundell, Darrin Morrissey, Ruth Freeman.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

	An Bord	CIR	FBLs	CCAB	CCD	CCS
Líon Cruinnithe	6	8	1	1	6	1
Anne Riordan, Uasal (Cathaoirleach)	6		1	1		0
Bernie Cullinan, Uasal (Leaschathaoirleach)	6	7	1			
An tOll. Sir Tom Blundell	6				4	0
Dr Rita Colwell	3				2	
An tUas. Aidan Donnelly	6	8	1			
Mary Doyle, Uasal	6					
Dr Pat Duane	6				3	
An tOll. Mark Ferguson	6			1	6	1
An tOll. Liam Madden	5				6	1
An tUas. Barry O'Sullivan	6			1	4	1
Gearaldine Ruane, Uasal	4	4				
An tUas. Dermot Mulligan	5					1

Scoir an tOllamh Rita Colwell den Bhord, 31 Nollaig 2017.

Gheofar sonraí táillí agus speansas Boird sa chuid den tuarascáil seo ina dtugtar na nótaí leis na Ráitis Airgeadais. Is sa chuid den tuarascáil seo ina dtugtar na nótaí le Ráitis Airgeadais 2017 a gheofar na nochtá a éilítear maidir le Briseadh Síos ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe (Beartais Chuntasaíochta, Nóta H), costais Sainchomhairleachta (Nóta 4), Costais agus Socruithe Dlíthiúla (Nóta 4), Caiteachas Taistil agus Iostais (Nóta 4a), agus Caiteachas Fáilteachais (Nóta 4)

Ionduchtúchán agus Forbairt an Bhoird

Tharla nár ceapadh aon chomhaltaí nua Boird in 2017, níor eagraíodh aon seisiúin ionduchtúcháin. D'fhreastail an tUas. Brendan Harte, ball den Choiste Iniúcháireachta & Riosca, ar sheisiún oiliúna ionduchtúcháin, 8 Nollaig 2017. In 2017:

- > thug an Roinn Gnó, Fiontar & Nuálaíochta faisnéis don Bhord faoi stádas na hathnuachana “Tús Áite don Taighde” (“Research Prioritisation”). Nótáladh a thábhachtaí atá sé béim a chur ar thiomantas an Rialtais don Chlár Oibre “Tús Áite don Taighde” maidir le tacaíocht ghinearálta agus cur chun feidhme;
- > tugadh eolas don Bhord ar fhorálacha dhlí an AE, lena n áirítear cabhair stáit ó dhlíodóirí seachtracha;
- > thug an Mheitheal Chlár forléargas don Bhord ar Chlár na Lárionad Taighde inar cuireadh síos ar chomhoibríthe tionsclaíochta, dea-thorthaí Fís 2020 AE agus a dtiomantas don taighde sármhaith agus dul i ngleic le riachtanais straitéiseacha;
- > tugadh eolas don Bhord faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoi phleananna na Fondúireachta maidir lena chur chun feidhme;
- > thug an tArd-Stiúrthóir eolas don Bhord faoi staid an Taighde agus na Nuálaíochta un Éirinn.

Rialachas Corparáideach


Is é an Bord atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Fondúireacht Eolaíochta Éireann ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus go bhfuil nósanna Imeachta á gcur chun feidhme lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an Fhondúireacht an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit do 2017. Leagtar amach na nochtáí a éilítear faoin gCód i Ráitis Airgeadais SFI 2017.

Rinneadh anailís don Choiste Iniúcháireachta & Riosca ar bhearnaí sa tslí a d'fheidhmigh an Fhondúireacht an Cód. Cuireadh an tuairisc faoi bhráid chruinniú Dheireadh Fómhair an Choiste agus scaipeadh ar an mBord í. Faoi mar a éilítear i gCód 2016, bhuaile an Cathaoirleacch, an tUas. Donnelly agus ionadaithe ó ardbhainistíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann leis an Ard-Rúnaí agus le hionadaithe sinsearacha eile ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chun an Comhaontú um Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta a phlé mar aon le feidhmíocht na Fondúireachta i leith spriocanna. Bhí an cruinniú sin le bheith ann i nDeireadh Fómhair ach b'éigean é a chur siar go dtí Eanáir 2018 mar gheall ar an stoirm Ophelia.

Bainistíocht Riosca

Ghlac Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Beartas & Straitéis SFI i leith Riosca, a thugann cuntas ar an gcóras bainistíochta i leith riosca atá i bhfeidhm agus a thugann ról agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu le bainistíocht riosca. Is é polasaí na Fondúireachta cloí leis an dea-chleachtas maidir le bainistíú riosca.

Sa Bheartas & Straitéis tugtar an próiseas faoina n aithníonn an Fhondúireacht na príomhrioscaí a bhaineann lena cuid gníomahíochtaí agus faoin tslí a thugann sí aghaidh orthu. Is iad an Coiste Bainistíochta i leith Riosca a thiomasaíonn na rioscaí, le hionchur agus tacaíocht ón gCoiste Feidhmíocháin, agus tuairiscítear orthu go tráthrialta do Choiste Iniúcháireachta & Riosca SFI agus don Bhord, agus ar na bearta maolúcháin comhbhainteacha, rialuithe agus tuairisci chun dáta. Nuashonraigh an Bord Beartas & Straitéis SFI i leith Riosca in Aibreán 2017, le moltaí ón gCoiste Iniúcháireachta & Riosca, agus i ndiaidh athbhreithniú seachtrach ar chreachlár na bainistíochta riosca agus ar dhul i ngleic leis an riosca. Athbhreithníonn an Bord an Clár Rioscaí ar bhonn ráithiúil.



Anne Riordan, Uasal

Cathaoirleach, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Struchtúr na hEagraíochta 2018



An Coiste Iniúcháireachta & Riosca

An Coiste Comhairleach um Ainmniúcháin chuig an mBord

An Coiste um Fhorbairt
Bainisteoireachta agus Luach Saothair

An Coiste um Cheadú Deontas

An Coiste Comhairleach Straitéise



An tOll. Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht
Eolaíochta Éireann agus
Príomhchomhairleoir
Eolaíochta do Rialtas na
hÉireann



An tUas. Donal Keane B.Comm, FCA
Príomhoifigeach Oibríochtaí

Joan Hynes, Uasal
Bainisteoir Deontas agus
Airgeadais

An tUas. Eric Dowdall
Phríomhoifigeach Faisnéise



Dr Ruth Freeman
Stiúrthóir Nuálaíochta
Cumarsáide &
Oideachais

Dr Lisa Higgins
Ceann na Nuálaíochta

Margie McCarthy, Uasal
Ceann Oideachais agus
Rannpháirtíochta Pobail

Kim Lavelle, Uasal
Rúnaí Boird/
Príomhoifigeach
Riosca



Dr Ciarán Seoighe
Leas-Ard-Stiúrthóir

Folúntas
Ceann AD
agus Forbairt
Eagraíochtúil

Dr Marion Boland
Ceann Beartais

Alva O'Clérigh, Uasal
Ceann Cumarsáide
Corparáidí

Dr Peter Clifford
Ceann Straitéise



Dr Darrin Morrissey
Stiúrthóir Clár agus
Infheistíochtaí

Dr Michael Ryan
Ceann Idirnáisiúnta

Dr Aisling McEvoy
Ceann Comhpháirtíochtaí
Fiontraíochta

Dr Roisin Cheshire
Ceann Réamh-Dhámhachtana
& Deontas

Dr Siobhan Roche
Ceann Iar-Dhámhachtana
& Lárionad Taighde

An Mheitheal Feidhmiúcháin



An tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

Féach a phróifíl iomlán ar lch 45.



Dr Ciarán Seoighe, Leas-Ard-Stiúrthóir

Thosaigh Dr Ciarán Seoighe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Leas-Ard-Stiúrthóir in Eanáir 2018. Sa ról sin, tá Ciarán freagrach as an straitéis eagraíochtúil,

beartas taighde, feabhsú agus luacháil feidhmíochta, chomh math le hionadú don Ard-Stiúrthóir. Chuaigh Ciarán ag obair le Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis dó beagnach fiche bliain a chaitheamh leis an gcomhairleoireacht bhainistíochta in Accenture. Tá BA (Mod) san Eolaíocht Nádúrtha ag Ciarán agus PhD san Fhísic Chandamach ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Le linn dó a bheith ag obair le Accenture, in Éirinn agus san Afraic Theas, d'oibrigh Ciarán le roinnt de na heagraíochtaí is mó agus is rathúla ar domhan. Tá an-lear taithí aige ar fud raidhse earnálacha i mbun claoclú ar mhórsála, athinnealtóireacht gnó, tionscnaimh straitéiseacha agus athraithe.



An tUas. Donal Keane, Príomhoifigeach Oibríochtaí

Ceapadh an tUas. Donal Keane ina Phríomhoifigeach Oibríochtaí i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann le héifeacht ón 1 Samhain 2005, agus freagracht air as Deontais, TF agus Airgeadas.

Chuaigh Donal chuig SFI ó Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire áit a raibh sé ina Rúnaí/ Rialtóir Airgeadais ó 1997 go dtí 2005. Roimhe sin bhí poist ardbhainistíochta aige in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, GE Capital agus Wang Finance i mBaile Átha Cliath agus in Toronto, Ceanada. Rinne sé a chuid oiliúna gairmiúla in Coopers & Lybrand, 1978-1982. Tá céim B.Comm ag Donal Keane ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus é ina Chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.



Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir Nuálaíochta, Cumarsáide & Oideachais

Ceapadh Dr Abigail Ruth Freeman ina Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide in 2013 agus i ndiaidh athstruchtúrí na rannóige in 2017, rinne Stiúrthóir Nuálaíochta, Cumarsáide & Oideachais

di. Bhí sraith post ag Ruth i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann roimh a ceapachán reatha, ina measc Stiúrthóir Clár, Fiontraíochta agus Gnóthaí idirnáisiúnta, agus í freagrach as maoirseacht na gclár maoinithe taighde ar fad de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus bainistiú dámhachtainí maoinithe mar aon le gníomhaíochtaí na Fondúireachta in éineacht le comhpháirtithe tionsclaíochta agus idirnáisiúnta. Thosaigh Ruth le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Bhainisteoir na gClár Eolaíochta i mí na Samhna 2006. Sula raibh sí ag obair leis an bhFondúireacht, d'oibrigh Ruth mar thaighdeoir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá céim PhD agus céim Bhaitisileara aici sa Ghéineolaíocht ó CTBÁC áit ar bronnadh scoláireacht Tríonóide uirthi, Duais Eli Lilly sa Cheimic agus an duais Roberts don Bhitheolaíocht. Maoiníodh taighde Ruth dá PhD, ar ghéineolaíocht phobail i gcriosanna hibrideacha, le scoláireacht ghradamach ó Iontaobhas Wellcome agus rinneadh an taighde i CTBÁC agus in ILRI, Nairobi.



Dr Darrin Morrissey, Stiúrthóir Clár agus Infheistíochtaí

Ceapadh Dr Darrin Morrissey ina Stiúrthóir Clár SFI i Meán Fómhair 2014. Thosaigh Darrin le SFI ó Stiefel, cuideachta de chuid GlaxoSmithKline (GSK) a fhorbraíonn agus a dhéanann táirgí deirmeolaíochta. Agus é ag obair in Stiefel, b'é an Stiúrthóir

Feabhsúcháin Gnó é agus bhí sé freagrach as an imlonnú straitéiseach, bainistíocht an athraithe agus claoclú gnó a threorú. Thosaigh Darrin in GSK i dtosach báire in 2007 mar Cheann na hOiniceolaíochta in Éirinn agus threoraigh sé bunú ghnó oiniceolaíochta GSK agus lainseáil a bpunann teiripice oiniceolaíochta agus haemateolaíochta. Le linn do Darrin a bheith in GSK b'é Stiúrthóir Margáíochta Domhanda na hOiniceolaíochta é agus é freagrach as straitéis lainseála a fhorbairt do shócmhainní teiripe mheileanáma. Sula oibrigh sé in GSK, d'oibrigh Darrin i gcuideachtaí cógaisíochta agus biteicneolaíochta - lena n-áirítear Sanofi-Aventis, Eli Lilly & Tibotec-Virco - i ról éagsúla tráchtála agus taighde chliniciúil. Cháiligh Darrin le BSc sa Mhicribhitheolaíocht agus tá PhD aige ó Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Dhírigh a thaighde PhD ar na meicníochtaí móilíneacha a fholuáinn faoi mheiteastáis ailse. D'oibrigh sé freisin mar thaighdeoir iardhochtúireachta i COC, áit a ndearna sé an chéad triail chliniciúil i ndaoine ar tháirgí bia a bhfuil baictéir phróbhithíochta iontu. Tá Dioplóma sa Sainchleachtas Bainistíochta ag Darrin freisin ó OÉG.

Fógraí Reachtúla agus Eile

1. Comhaltaí Boird – Clár Leasanna

Oibríonn an Bord de réir prionsabail an dea-chleachtais sa rialachas corparáideach agus i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar síos sa Chód Cleachtas 2016 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina chuid gníomhaíochtaí agus san úsáid a dhéanann sé de choistí. Déanann Comhaltaí Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomhréir leis na treoirlínte sin, a gcuid leasanna i ngnóthais eile a chlárú leis an Rúnaí.

2. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Tháinig Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 an 1 Eanáir 2005. Chomhlíon Fondúireacht Eolaíochta Éireann forálacha an Achta.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 agus An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Rinne comhlacht forordaithe d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ón 31 Bealtaine 2006. Comhlíonann Fondúireacht Eolaíochta Éireann an tAcht go huile. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht sin a sheoladh chuig an Oifigeach SF, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Áras Wilton Park, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Fuair SFI ocht n-iarratas SF in 2017.

4. An tAcht um íoc Pras Cuntas, 1997

4 (I) An tAcht um íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Tá sé mar pholasáí ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann a chinntiú go n-íoctar na sonraisc go léir go pras. Tá nósanna imeachta sainiúla i bhfeidhm a chuireann ar chumas SFI na sonraisc ar fad a rianú agus a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí uile roimh an dáta dlí. Cláraítear na sonraisc ar bhonn laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha mar is gá chun a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí go tráthúil. Tá an bhainistíocht sásta gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forálacha an Achta sna poncanna ábhartha uile.

4. (ii) Pras-íocaíochtaí le soláthraithe

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta dá hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin Riail um Íoc Pras laistigh de 15 lá, riail a bhfuil éifeacht léi ón 1 Iúil 2011. Áiríthítear leis an bhforáil sin go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe laistigh de 15 lá féilire i ndáil le gach sonrasc bailí a fhaightear.

Tuairiscíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann go ráithiúil sa rannóg ‘/About-Us – Governance – Customer Service’ den suíomh gréasáin faoi chur chun feidhme na Rialach faoin Íoc Pras laistigh de 15 lá. <http://www.sfi.ie/about-us/governance/customer-service/>

5. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

Tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann go hiomlán leis an bprionsabal comhdhiseanna san fhostaíocht. Tá sí i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar bhonn datha, cine, náisiúntachta, claonadh gnéis, bunús eitneach nó bunús náisiúnta (agus/nó áit dúchais), reiligiúin, inscne, stádas pósta, aoise nó míchumais. Léirítear tiomantas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i leith feidhmiú comhdhiseanna ina cuid beartas, cleachtas agus nósanna imeachta, san earcaíocht, san ardú céime, san oiliúint, sna friotail neamh-idirdhealaitheacha a úsáidtear i ndoiciméid agus i bhfoilseacháin de chuid na Fondúireachta. Déantar an méid sin chun a chinntiú go roghnaítear an fhoireann ar fad agus go gcaitear leo ar bhonn a gcumas, a n-eolais agus a gcáilíochtaí, amháin.

6. An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le Fondúireacht Eolaíochta Éireann in 2017.

7. Na hAchtanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus 2010

De réir an Achta thuasluaite, cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomhairle leis an ÚFT, bearta oiriúnacha chun feidhme ar mhaithe le sábháilteacht, sláinte agus leas a fostaíthe ar fad, agus na gcuairteoirí ar fad ar a cuid oifigí, a chosaint.

8. Cairt na gCliaint

D'fhoilsigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann Cairt na gCliaint ina leagtar amach a tiomantas i ndáil le hardchaighdeán seirbhíse. Tá nós imeachta i dtaobh déileáil le gearáin sa Chairt. Ní bhfuarthas aon ghearán faoin gCairt in 2017.

9. Tuairiscíú ó Chomhlachtaí san Earnáil Phoiblí

Faoi Ionstraim Reachtúil (IR) 542, 2009, tá saindualgais ar an earnáil phoiblí maidir le húsáid fuinnimh a thuairiscíú. Tá oifigí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann lonnaithe in Áras Wilton Park, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá saoráidí an fhoirgnimh á mbainistiú ag an ÚFT. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí don fhoirgneamh, tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann sásta go ndéanann ÚFT a dhícheall úsáid a bhaint as na modhanna is tíosaí is féidir ar fhuinneamh agus is neamhdhíobhálaí is féidir don chomhshaol. I gcomhlíonadh Ionstraim Reachtúil (IR) 542, 2009, thuairisc Fondúireacht Eolaíochta Éireann sonraí úsáide fuinnimh don bhliain 2017 trí shuíomh gréasáin monatóireachta agus tuairiscithe na hearnála poiblí.

Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tuairim i dtaobh na ráiteas airgeadais d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 faoi fhorálacha Alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- ▶ an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe,
- ▶ an ráiteas ar ioncam cuimsitheach,
- ▶ an ráiteas ar staid an airgeadais,
- ▶ an ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- ▶ na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim i leith na ráiteas airgeadais, go dtugann siad léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an 31 Nollaig 2017 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain 2017; i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *"The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland."*

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (ISA) atá fógartha ag an Eagraíocht idirnáisiúnta Uasfhoras Inúcháireachta. Tugtar cuntas ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin

Creidim maidir leis an bhfianaise iniúcháireachta atá faighte agam, gur leor agus gur iomchuí í mar bhunús le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar abhair eile

Chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann faisnéis áirithe eile ar fáil dom mar aon leis na ráitis áirgeadais. Is éard atá ansin, an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuairisc na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas faoin rialú airgeadais inmheánaigh. Tugtar cur síos san aguisín leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den chineál sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachta. Níl aon rud le tuairisciú agam sa mhéid sin.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus
Ciste 29 Meitheamh 2018

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tugtar freagrachtaí na gcomhaltaí Boird sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc na gcomhaltaí Boird. Tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ▶ ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a ordófar faoi Alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003,
- ▶ a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom i gcomhréir le FRS102
- ▶ rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- ▶ meastóireacht a dhéanamh faoinar cui an gnóthas leantach a úsáid mar bhunús cuntasáíochta, agus
- ▶ cibé rialú inmheánach a chinneann siad a bhfuil gá leis chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé an de bharr calaoise nó earráide é.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 24 den Acht um fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh seo á dhéanamh, urrús réasúnach a fháil faoina bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomlán saor ó mhíríteas ábhartha, cibé an de bharr calaoise nó earráide é. Cé gur urrús ar ardeibhéal é urrús réasúnach, ní ráthaíocht é go mbraithfear míráiteas ábhartha i gcónaí, arb ann dó, le hiniúcháireacht a dhéantar leis na ISA. Féadann míráitis teacht chun cinn as calaois nó as earráid agus áirítear go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh, ar bhonn aonair nó carnach, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar na cinntí eacnamaíocha a ghlacann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúcháireacht i gcomhréir leis na ISA, úsáidim mo bhreithiúnas gairmiúil agus coinním mo sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an phróisis iniúcháireachta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- ▶ Sainaithním agus measaim na rioscaí ag éirí as míráitis ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, is cuma an le calaois nó le hearráid iad, agus dearaim agus déanaim nósanna imeachta ag freagairt do na rioscaí sin, agus faighim fianaise iniúcháireachta imleor agus iomchuí le feidhmiú mar bhunús le mo thuairim. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha ag éirí as calaois ná as earráid, óir d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéis, nó sáraíocht ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- ▶ Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun próisis iniúcháireachta a dhearadh atá iomchuí faoi na dálaí sin, seachas chun tuairim a thabhairt ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- ▶ Luachálaim oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus nochtáí gaolmhara.

- ▶ Cinnim maidir lena oiriúnaí atá sé gnóthas leantach a úsáid mar bhunús cuntasáíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, faoina bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann i leith teagmhas nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar acmhainneacht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtáí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtáí, mo thuairim a mhaolú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh tarlúintí nó dálaí amach anseo áfach tabhairt ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann gan a bheith ina gnóthas leantach a thuilleadh.
- ▶ Luachálaim cur i láthair, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais i gcoitinne, nochtáí san áireamh, agus cé acu a léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na hócáidí foluiteacha ar dhóigh a thugann cur i láthair cóir cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil dualgais rialachais orthu maidir le, i measc ábhair eile, scóip phleanáilte agus uainiú an iníochta agus cinntí iniúcháireachta suntasacha, lena n'áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim de na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin, agus ní thugaim conclúid urrúis d'aon sórt ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, mo mhachnamh a dhéanamh faoina bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iníochta, nó má dhealraíonn sé ar aon dóigh eile go ndearnadh míráiteas ábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

Ag tuairisciú ar ábhair eile

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích faoi threoir na mbreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht, le linn an iníochta, fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí leis nó ar idirbhearta nach raibh de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin ar bhonn eisceachta más amhlaidh, i mo thuairim,

- ▶ nach bhfuair mé an fhaisnéis agus agus na mínithe ar fad a bhí de dhíth orm do m'iniúchadh, nó
- ▶ nár leor na taifid chuntasáíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go furasta agus i gceart, nó
- ▶ nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, aithním an fhreagracht atá orainn chun a áirithiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach. Cuirtear san áireamh leis an riachtanas sin ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Aidhm an Chórais um Rialú Inmheánach

Ceapadh an córas um rialú inmheánach chun an riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas é a dhíothú ar fad. Ní féidir leis an gcóras dá réir sin ach urrús réasúnach a thabhairt - ní féidir leis dearbhurrús a thabhairt - go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar dhóigh thráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá de réir treorach arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus anonn go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainn riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta & Riosca ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann atá comhdhéanta de cheithre chomhalta Boird a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus duine díobh ina Chathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile ocht n-uaire in 2017.

Bhunaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann feidhm iniúchóireachta inmheánach freisin a bhfuil acmhainní imleora aici agus a dhéanann clár oibre arna chomhaontú leis an CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag CIR a thugann a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad ar dócha go bhféadfaidís a bheith ag obair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, chun an bhainistíocht a chur san airdeall faoi rioscaí agus laigí sa rialú a bheadh ag teacht in inmhe agus faoi fhreagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

An Creatchlár Riosca agus Rialúcháin

D'fheidhmigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann córas bainistíochta riosca a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atáthar a ghlacadh chun aghaidh ar thabhairt ar na rioscaí agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus rinneadh iad sin a shainaithint, a luacháil agus a ghrádú de réir a leibhéil suntais.

Déanann CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú gach dhá mhí. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar na rioscaí a bhainistiú de réir leibhéil inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus mar a shannáitear freagracht as oibriú rialuithe do chomhaltaí foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- ▶ go ndearnadh doiciméadú ar nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó ar fad
- ▶ gur sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach,
- ▶ go bhfuil córas buiséadaithe oiriúnach ann le buiséad bliantúil a dhéanann an ardbhainistíocht a choinneáil faoi athbhreithniú,
- ▶ go bhfuil córais ann a bhfuil d'aidhm leo slándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a áirithiú,
- ▶ go bhfuil córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- ▶ go bhfuil nósanna imeachta rialúcháin ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar rialúcháin imleor ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe lena áirithiú gur úsáideadh an maoiniú deontais chun na críche a bhí leis.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna Imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialúcháin agus cuirtear easnaimh rialúcháin in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, más ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mmonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- ▶ gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a sainaithníodh a thuairisciú,
- ▶ gur bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar a sannadh freagracht as bainistiú airgeadais, agus
- ▶ go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar an bhfeidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht i leith buiséad/ réamhaisnéisí.
- ▶ go ndéanann saineolaithe eolaíochta Piarmheasúnú Seachtrach ar gach togra taighde chun a bhreithniú más togra fiúntach atá ann ó thaobh oideachais agus taighde eolaíoch de agus go sásaíonn sé na critéir don mhaoiniú;

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

- ▶ go ndéantar monatóireacht agus rialú ar gach Deontas Taighde a dhámhtar, agus na híocaíochtaí bliantúla bunaithe ar réamh-mheastacháin bhuiséid a shocraítear do gach dámhachtain ar leith agus an rogha ann na híocaíochtaí deontais a chur siar má tá an caiteachas faoina bhuiséad
- ▶ go ndéantar athbhreithnithe iniúcháireachta inmheánacha bliantúla córasbhunaithe maidir leis na Deontais Taighde a dhámhtar, arna ndéanamh sna Comhlachtaí Taighde Incháilithe
- ▶ go bhfuil spriocanna á socrú chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- ▶ go bhfuil disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail ann.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna Imeachta i bhfeidhm ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha um soláthar agus gur chomhlíon Fondúireacht Eolaíochta Éireann na nósanna Imeachta sin i gcaitheamh 2017.

Athbhreithniú Éifeachtúlachta

Deimhním go bhfuil nósanna Imeachta ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid nósanna Imeachta bainistíochta riosca agus rialucháin. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, obair an Choiste Iniúcháireachta & Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre siúd agus obair na hardbhainistíochta i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialucháin inmheánaigh, tá an méid sin ar fad ina bhonn eolais don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar éifeachtacht chóras an rialucháin inmheánaigh.

I gCiorclán 13/2014, “Management of and Accountability of Grants from Exchequer Sources” (“an Ciorclán”) (agus aistriúchán neamhoifigiúil: “Bainistíú Deontas ó Chistí an Stáitchiste agus Cuntasacht i dtaca leo”) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), tugtar na prionsabail bainistithe airgeadais phoiblí, na nósanna imeachta agus na ceanglais tuairiscithe bhreise atá le leanúint maidir le cistí deontais a bhainistíú a sholáthraítear ón airgead poiblí. Fuarthas ceadú DPER chun íocaíochtaí deontais le comhlachtaí taighde incháilithe a réamh-mhaoiniú, an 11 Bealtaine 2017. Maidir le hAlt 5 - Freagrachtaí an Deontais, chuir SFI na deontaithe ar fad ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí faoin gCiorclán.


Bhí SFI i gcomhfhreagras leis an Údarás um Ard-Oideachas a dhearbhaigh gur eisigh siad treoracha mar aon le teimpléad caighdeánach chuig na hInstitiúidí Ard-Oideachais (Deontaithe) maidir leis na nochtáí/freagrachtaí a éilítear faoin gCiorclán. Is é 1 Deireadh Fómhair 2015 dáta cur chun feidhme éifeachtach an Chiorcláin do na hInstitiúidí Ard-Oideachais, i.e. dá Ráitis Airgeadais 2015/2016.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuchán innmheánach do 2017, an 22 Márta 2018.

Saincheisteanna leis an Rialú Inmheánach

Níor sainithníodh aon laigí sa rialú inmheánach do 2017 ar gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



**Anne Riordan, Uasal
Cathaoirleach**

Dáta: 29 Meitheamh 2018

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Ioncam			
Deontas Oireachtais	2	182,933	193,469
Ioncam Eile	3	2,679	896
Glanchistiú larchurtha i leith Pinsean	5(c)	1,581	1,271
		187,193	195,636
Caiteachas			
Riarachán, Oibríochtaí & Speansas Cur Chun Cinn	4	10,198	9,570
Dímheas	6	146	155
Costais Sochar Scoir	5(a)	1,400	1,149
Deontais Iníoctha	9(a)	175,426	184,776
		187,170	195,650
Barrachas/ (Easnamh) an Chaiteachais thar Ioncam		23	(14)
Aistriú (chuig) / ón gCuntas Caipitil	7	(27)	(15)
Barrachas /(Easnamh) don Bhliain		(4)	(29)
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail 1 Eanáir 2017		597	626
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail 31 Nollaig 2017		593	597

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 16

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Ann Riordan, Uasal
Cathaoirleach



An tOll. Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 29 Meitheamh 2018

Dáta: 29 Meitheamh 2018


Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	2017 €'000	2016 €'000
Barrachas/(Easnamh) roimh Leithreasáí	23	(14)
Gnóthachan /(cailteanais) ar oibleagáidí sochar scoir	(828)	161
Athruithe ar na toimhdí is bonn do luach reatha na n oibleagáidí sochar scoir	4	(3,927)
Iomlán an Ghnóthachain/(Chailteanais) Achtúirigh sa tréimhse	(824)	(3,766)
Coigeartú ar chistiú iarchurtha i leith sochair scoir	824	3,766
Ioncam/(Cailteanas) Cuimsitheach Eile don bhliain	23	(14)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 16 Thar ceann

Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Ann Riordan, Uasal
Cathaoirleach



An tOll. Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 29 Meitheamh 2018

Dáta: 29 Meitheamh 2018


Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh	8	262	235
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	10	897	633
Airgead agus Coibhéisí Airgid		402	382
		1,299	1,015
Dlíteanais Reatha (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Méideanna Iníochta	11	(706)	(418)
Glansócmhainní Reatha		593	597
Dlíteanais Fhadtéarmacha (Méideanna atá dlite tar éis bliain amháin)		-	-
Sochair scoir			
Costais Sochar Scoir	5(b)	(17,518)	(15,113)
Sócmhainn Cistithe iarchurtha i leith Sochair Scoir	5(b)	17,518	15,113
		-	-
Iomlán na nGlansócmhainní		855	832
A léiríonn:			
Cuntas Caipitil	7	262	235
Barrachas Carntha ag deireadh na Bliana		593	597
		855	832

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 16 Thar ceann

Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Ann Riordan, Uasal
Cathaoirleach



An tOll. Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 29 Meitheamh 2018

Dáta: 29 Meitheamh 2018

Ráiteas Sreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas an Chaiteachais thar Ioncam		23	(14)
Dímheas ar Shócmhainní Seasta	6	146	155
(Méadú)/Laghdú ar Infháiltis	10	(264)	90
Méadú/(Laghdú) ar Mhéideanna Iníoctha	11	288	(12)
Glansreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		193	219
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	8	(173)	(170)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(173)	(170)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin			
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead agus Coibhéisí Airgid		20	49
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail 1 Eanáir 2017		382	333
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail 31 Nollaig 2017		402	382

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

1 Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasáíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

(a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2013, lena Príomhoifig ag Áras Wilton Park, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar atá leagtha amach faoi alt 7 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, arna leasú leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2013:

Déanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann buntaighde saindirithe agus taighde feidhmeach a mhaoiniú i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, agus na matamaitice (STEM) a chuidíonn le forbairt agus le hiomaíochas na tionsclaíochta, na fiontraíochta agus na fostaíochta in Éirinn, agus lena gcur chun cinn. Ina theannta sin, déanann an Fhondúireacht an staidéar ar na hábhair STEM, agus oideachas agus rannpháirtíocht sna réimsí sin a chur chun cinn, agus tacaíonn sé leo, agus cothaíonn sí eolas agus tuiscint ar fhiúntas na n-ábhar STEM don tsochaí agus, go háirithe, d'fhás an gheilleagair.

Eintiteas Leasa Phoiblí í Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

(b) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme in Éirinn agus sa RA arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

(c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe arna dtomhas ar a luach cóir, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 agus faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2013. Léiríonn na ráitis airgeadais ceanglais an Chóid Chleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 a tháinig i bhfeidhm do thréimsí cuntasáíochta a thosaigh ar nó i ndiaidh 1 Meán Fómhair, 2016.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le Ráitis Airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le Ráitis Airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

(d) Ioncam

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe, ach amháin i gcás Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáiltas airgid.

(e) Réadmhaoín, Gléasra & Trealamh

Luaitear Maoín, Gléasra agus Trealamh ar a gcostas lúide Dímheas Carntha, arna choigeartú le haon fhoráil don lagú. Déantar dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh ar rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid chothroim thar a saol úsáideach tuartha, mar seo a leanas:

- | | |
|---|----------|
| (i) Trealamh Ríomhaireachta & Bogearraí Ríomhaire | 3 bliana |
| (ii) Daingneáin & Feistis | 5 bliana |

Léiríonn an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d'aois agus sa riocht cheana féin a mbeifí ag súil leis i ndeireadh a saoil úsáidigh

(f) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáidtear chun Maoín, Gléasra agus Trealamh a cheannach agus é díscríofa de réir an bheartais dímheasa do na sócmhainní sin.

(g) Airgeadra Eachtrach

I gcás sócmhainní agus dliteanais airgid in airgeadra eachtrach, aistrítear iad ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana Airgeadais. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na mbun-idirbheart. Déileáiltear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe leis na barrachais nó na heasnamh atá mar thoradh orthu.

(h) Sochair Fostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear na sochair atá fabhrúithe ag deireadh na bliana san fhiúir i leith Méideanna Iníochta sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Sochair Scoir

Faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscáileadh) 2014 (Uimh. 13 de 2014) a ritheadh le bheith ina dhlí, an 16 Iúil 2014, foráladh do dhíscáileadh Forfás agus do bhunú Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar fhóistí dlíthiúil ar leith. Faoin reachtaíocht:

- ▶ Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann freagrach as a scéim pinsin féin a bhunú.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

- ▶ I gcás comhaltaí foirne SFI a bhíodh i Scéim Pinsin Fhorfás, glactaíodh siad páirt sa scéim nua ar théarmaí aoisliúntais nach lú fabhar ná na téarmaí a bhí ag na comhaltaí foirne sin faoi scéim Fhorfás díreach roimh an dáta aistrithe.
- ▶ Tá SFI freagrach as pinsin na gcomhaltaí foirne a rachaidh ar scor i ndiaidh an 16 Iúil 2014.
- ▶ Tá freagracht dhlíthiúil ar an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta as scéim pinsin reatha Fhorfás agus pinsinéirí reatha SFI agus iarchomhaltaí foirne a bhfuil sochair choinnithe acu.
- ▶ Is leis an Státchiste a íoctar ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe.

Ina theannta sin, feidhmíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (“an Scéim Aonair”), ar scéim pinsin le sochair shainithe í do státseirbhísigh inphinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne arna n-íoc leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i leith scéim sochair scoir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith na Scéime Aonair. Aithnítear mar ioncam méid atá comhfhreagrach leis an muirear pinsin ar an mbonn go bhfuil sé in-aisghabhála.

Léirítear caillteanais nó gnóthachain achtúireacha ar dhlíteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghabhála ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar a luach cóir, na sócmhainní agus na dlíteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu na costais a ghabhann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasíochta ina dtuilleann na fostaithe iad. Tomhaistear dlíteanais scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa. Is ionann an cistiú iarchurtha i leith pinsean agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i dtréimhsí amach anseo.

(i) Léasanna Oibríochta

Aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas cíosa faoi léasanna oibríochta de réir mar a bhíonn sé dlite.

(j) Íocaíochtaí Deontais Taighde

Méideanna a íoctar le Comhlachtaí Taighde de bhun deontas taighde a dámhadh, déantar iad a mhuirearú ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i mbliain a n-íocaíochta.

(k) Breithiúnais agus Meastacháin Ríthábhachtacha

In ullmhú na ráiteas airgeadais éilítear ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dlíteanas amhair ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear i leith ioncaim agus caiteachais i gcaitheamh na bliana. Toisc gur meastacháin iad, áfach, d’fhéadfadh na torthaí iarbhrú a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

D’athbhreithnigh na Stiúrthóirí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha gaolmhara i gcás gach aicme sócmhainne seasta, agus go háirithe, saol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas, agus chinn siad go bhfuil saol na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha mar is cuí.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí is bonn leis na luachálacha achtúireacha faoina gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe sna leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treochtaí mair le rátaí costas cúraim sláinte) ar bhonn na ndálaí eacnamaíoch reatha, agus i leith aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus na bpleananna iar-scoir.

D’fhéadfadh na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

- (i) An ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- (ii) Leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo
- (iii) Athruithe déimeagrafacha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

2 An Deontas Oireachtais

Cuimsítear sna Deontais Oireachtais a léirítear sna ráitis airgeadais arna vótáil ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ó Vóta 32 (Mírcheann B.4), An Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta, iad seo a leanas:

		2017	2016
		€'000	€'000
Deontais don Chaiteachas Reatha			
Pá - Nóta 1*	Mírcheann B.4.2	4,048	3,989
Speansas Riaracháin	Mírcheann B.4.2	5,785	5,480
Deontais don Chaiteachas Caipitiúil			
Deontais Taighde	Mírcheann B.4.2	173,100	184,000
		182,933	193,469

* Nóta 1 - Tugtar an Leithdháileadh Pá glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe dar luach €198,000 (2016: €183,000) a íocadh leis an Stáachtiste. San áireamh ansin tá asbhaintí €54,809 in 2017 (2016: €36,824) i leith baill Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí a íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú le hAlt 4(a) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2009, maidir le méid comhiomlán na ndeontas arna ndéanamh ag an Aire le Fiontraíocht Éireann, ÚFT agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann le cur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí agus dliteanas Caipitiúil a ghlanadh, ní rachaidh sé thar €7,000,000,000. Amhail an 31 Nollaig, 2017 cuireadh méid comhiomlán €6.223 billiún (2016: €5.58 billiún) ar fáil do na trí Ghníomhaireacht.

3 Ioncam Eile

	2017	2016
	€'000	€'000
Maoiniú Deontas Taighde:		
Ranníocaíochtaí ó na gníomhaireachtaí maoinithe eile do dhámhachtainí arna ndéanamh ag SFI		
Teagasc [Nóta (i)]	184	291
Foras na Mara [Nóta (ii)]	393	386
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Nóta (iii))	207	28
Cumann Geolaíochta na hÉireann [Nóta (iv)]	184	28
An Bord Taighde Sláinte [Nóta (v)]	115	43
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann [Nóta (vi)]	693	-
Cumann Ailse na hÉireann [Nóta (vii)]	345	-
Fo-Iomlán	2,121	776
Ranníocaíochtaí ó fhoinsí maoinithe eile		
Rannaíocaíocht faoi chomhair gairmeacha maoinithe ERA NET [Nóta (viii)]		
ERA-HDHL	267	-
ERA CoSysMed	107	-
M-ERANET2	85	-
EU NanoMed III	7	-
QuantERA	2	-
INROAD-AE Tionscadal arna mhaoiniú ag Fís 2020 a dámhadh do SFI	10	-
Aisíocaíocht leis an AE i leith socraíocht deiridh Chiste Marie-Curie an AE ar Ranníocaíocht é faoi chomhair dámhachtainí SIRG a rinneadh in 2012 [Nóta (ix)]	(120)	-
